AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.11.2025
COM(2025) 720 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia

{SWD(2025) 376 final}

IARSCRÍBHINN

ROINN 1: FABHTANNA AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN BPLEAN TÉARNAIMH AGUS COIGILTIS

A. COMHCHUID 1.1: SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA DO SHAORÁNAIGH AGUS DO GHNÓLACHTAÍ

Leis an gcomhpháirt sin de phlean na Seicia, tacófar le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le soláthar tosaigh seirbhísí poiblí digiteacha, trí líon agus soláimhsitheacht na seirbhísí poiblí digiteacha a sholáthraítear do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a mhéadú, agus trí bhainistiú sonraí comhsheasmhach ardcháilíochta sa riarachán poiblí a áirithiú. De réir thorthaí an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI 2020), cuireann an tSeicia leibhéal soláthair seirbhísí poiblí digiteacha faoi bhun an mheáin i láthair do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

Is é is aidhm don chomhpháirt sin tairseacha dírithe ar chliaint a chruthú (Saoránaigh, Ceartas, Fiontraí, Cúram Sláinte) agus éascú comhroinnte agus bainistíochta sonraí a chur chun cinn laistigh den riarachán chun ailíniú le prionsabal na haonuaire.

Le cur chun feidhme na n-athchóirithe faoin gcomhpháirt seo, áiritheofar na coinníollacha maidir le bainistiú fónta bunachar sonraí agus maidir le rochtain rialaithe ar shonraí. Éascóidh siad freisin soláthar réiteach r-Shláinte, lena n-áirítear tairseach r-Shláinte a fhorbairt, idirnascacht agus idir-inoibritheacht mhéadaithe soláthraithe cúraim sláinte agus taifead lárnach, teilileigheas agus úsáid thánaisteach sonraí sláinte.

Is é is aidhm do na hinfheistíochtaí 22 thionscadal a chur chun feidhme lena bhfeabhsaítear ríomhsheirbhísí Rialtais a sholáthraítear d'úsáideoirí deiridh agus cúig thionscadal lena méadaítear rochtain ar shonraí oscailte sa riarachán poiblí. Leis an gcomhpháirt, méadófar digitiú an chórais ceartais freisin trí shaoráidí taifeadta closamhairc agus táirgthe sonraí a thabhairt do chúirteanna agus trí Thairseach Cheartais a chruthú lena soláthrófar rochtain éasca agus seirbhísí digiteacha do pháirtithe lena mbaineann.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2019, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia an beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar bhonneagar digiteach, ar Mholadh Tírshonrach1 2020, ar dá réir a neartóidh*an tSeicia* úsáid ríomhsheirbhísí sláinte, agus ar Mholadh Tírshonrach 3 2020, ardá réir a thacóidh an tSeiciale fiontair bheaga agus mheánmhéide tríd an ualach riaracháin a laghdú agus infheistíocht a dhíriú ar an aistriú digiteach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Coinníollacha maidir leis an gcomhthiomsú sonraí d'ardcháilíocht a bhainistiú agus rochtain rialaithe ar shonraí a áirithiú

Is é is cuspóir don bheart seo creat cáilíochta níos airde a bhunú le haghaidh bainistiú sonraí riaracháin phoiblí. Is éard atá i gceist leis an athchóiriú iniúchadh sonraí ar chomhlachtaí rialtais láir a thabhairt chun críche agus straitéis a ghlacadh maidir le rochtain rialaithe ar shonraí.

Athchóiriú 2: ríomhsheirbhísí sláinte

Is é is cuspóir don bheart seo an earnáil sláinte a dhigitiú a thuilleadh. Is éard atá i gceist leis an mbeart seirbhísí teilileighis nó ríomhShláinte nua nó uasghrádaithe a thabhairt isteach agus soláthraithe cúraim sláinte a nascadh leis an gcóras idir-inoibritheachta.

Infheistíocht 1: Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh

Is é is cuspóir don bheart seo rochtain ar sheirbhísí poiblí digiteacha a shimpliú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht glacadh le tionscadail lena dtógtar an Tairseach Aonair Dhigiteach agus tionscadail digitithe lena simplítear rochtain saoránach agus gnólachtaí ar sheirbhísí poiblí digiteacha agus ar nascadh an chórais faisnéise.

Infheistíocht 2: Sonraí oscailte agus ciste sonraí poiblí a fhorbairt

Maoiníonn an infheistíocht tionscadail atá dírithe ar cháilíocht na Catalóige Sonraí Oscailte Náisiúnta a fheabhsú: liostaí cód a úsáidtear sa riarachán poiblí i mbunachair sonraí phoiblí a fhoilsiú, catalóg sonraí oscailte náisiúnta a fhorbairt agus feabhas a chur ar uirlisí chun líon na dtáirgeoirí sonraí oscailte sa riarachán poiblí a fhoilsíonn sonraí oscailte sa Chatalóg Sonraí Oscailte Náisiúnta a mhéadú.

Cuirfear an infheistíocht sin chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 3: Seirbhísí digiteacha don cheartas

Tá sé de chuspóir ag an infheistíocht trédhearcacht an chórais ceartais náisiúnta a mhéadú trí Thairseach Ceartais a chruthú a chomhlíonann ceanglais chibearshlándála agus a sholáthraíonn seirbhísí ar líne agus rochtain ar fhaisnéis d'úsáideoirí deiridh. Beidh an tairseach sin idirnasctha le Tairseach na Saoránach. Thairis sin, méadófar trédhearcacht agus éifeachtúlacht a thuilleadh trí sheomraí éisteachta cúirte a fheistiú le taifeadáin sonraí closamhairc chun gur féidir taifid na n-éisteachtaí cúirte a dhigitiú.

Cuirfear an infheistíocht sin chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 4: Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh sa réimse sóisialta

Is é is cuspóir don bheart tacú le hiarratas ar líne ar shochair thithíochta agus le malartú iomlán leictreonach sonraí le húsáideoirí deiridh i réimsí na seirbhísí sóisialta agus na fostaíochta. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht an tairseach féinfhreastail don Oifig Saothair a uasghrádú.

A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
1	Athchóiriú 1: Coinníollacha maidir leis an gcomhthiomsú sonraí d'ardcháilíocht a bhainistiú agus rochtain rialaithe ar shonraí a áirithiú	Garsprioc	Iniúchadh sonraí a thabhairt chun críche ar leibhéil an rialtais láir, agus glacadh an doiciméid choincheapúil 'Straitéis maidir le rochtain rialaithe ar shonraí chun coinníollacha a áirithiú do bhainistiú cáilíochta bhailiú sonraí an riaracháin phoiblí' ag an Rialtas, mar bhonn do reachtaíocht nua maidir le bainistiú sonraí	Iniúchadh sonraí ar chomhlachtaí rialtais láir a thabhairt chun críche (32 institiúid san iomlán), agus glacadh an doiciméid choincheapúil straitéise ag an rialtas				R4	2023	Beidh an t-iniúchadh ar shonraí agus an straitéis a leanfaidh as mar bhonn chun athruithe reachtacha a ullmhú chun dea-bhainistiú sonraí a ionchorprú sa riarachán poiblí i gcomhréir le prionsabail FAIR agus i gcomhréir leis an nGníomh Eorpach um Rialachas Sonraí atá beartaithe.
3	Athchóiriú 2: ríomhsheirbhísí sláinte	Garsprioc	Sainmhíniú ar chaighdeáin idir-inoibritheachta i gcomhréir leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta do ríomhsheirbhísí sláinte agus sainmhíniú ar rialacha lena rialaítear teililleigheas	Glacadh caighdeán agus rialacha ag an Aireacht Sláinte				C1	2022	Leagfar síos leis an mbeart na caighdeáin, na rialacha agus na ceanglais lena rialaítear idir-inoibritheacht soláthraithe cúraim sláinte agus beidh sé mar bhonn d'oiriúnú na gcóras sláinte. Leagfar síos rialacha lena rialófar seirbhísí teililleighis chun na coinníollacha a shainiú a bhaineann leis na seirbhísí sin a sholáthar.
4	Athchóiriú 2: ríomhsheirbhísí sláinte	Cuspóir sonrach	Glacadh le tionscadail lena soláthraítear seirbhísí nua teililleighis agus r-		Tionscadail teililleigheas agus r-Shláinte a bhfuil glacadh leo	0	8	R4	2025	Glacadh le tionscadail le haghaidh seirbhísí nua teililleighis agus rShláinte ag an údarás conarthach nó ag na húdaráis chonarthacha.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			Shláinte							
6	Athchóiriú 2: ríomhsheirbhísí sláinte	Cuspóir sonrach	Soláthraithe cúraim sláinte a nascadh leis an gcóras idir-inoibritheachta			0	10	R4	2025	10 soláthraí cúraim sláinte ar a laghad a nascadh le córas idir-inoibritheach de réir rialacha idir-inoibritheachta maidir le seirbhísí r-Shláinte.
7	Infheistíocht 1: Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh	Garsprioc	Feidhmiú iomlán na Tairsí Aonair Digití	Teacht i bhfeidhm na Tairsí Aonair Digití lena gcuirtear na seirbhísí ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí				R4	2023	Ardán aonair do shaoránaigh agus do ghnólachtaí lena gcumasaítear an méid seo a leanas ar a laghad: iarratas tosaigh ar chead isteach in institiúid ardoideachais phoiblí a chur isteach; iarratas ar ainmniú na reachtaíochta is infheidhme i gcomhréir le Teideal II de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta; iarratas ar phinsean ó scéimeanna éigeantacha; iarratas ar mhaoiniú don ardoideachas, mar shampla i bhfoirm scoláireachta agus iasachta ó údarás poiblí nó ó institiúid phoiblí.
8	Infheistíocht 1: Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh	Garsprioc	Córais faisnéise nua a chur i gcrích	Uasghrádú rathúil ar na córais atá ann cheana agus córais nua a fhorbairt				R4	2023	Córais faisnéise nua a chur i gcrích le haghaidh na dtionscadal seo a leanas: DIP — Bunachar Sonraí na nOibleagáidí Faisnéise, Liosta saineolaithe agus ateangairí fóiréinseacha, Crios Cliant, Údarás clárúcháin a chruthú ag an Aireacht Gnóthaí Baile.
9	Infheistíocht 1: Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm 4 chóras faisnéise	Teacht i bhfeidhm na gceithre chóras faisnéise forbartha lena soláthraítear seirbhísí d'úsáideoirí deiridh				R4	2024	Cuirfear na tionscadail seo a leanas ar a laghad i gcrích: Forbairt na Clárlainne Digití; Tairseach na dTaifead Rialaithe Aonair (JePEK); SIS_2 Uirlisí chun Tasc Staidrimh a Phróiseáil go Lárnach; an chuid phoiblí (céim 1) de Thairseach NUKIB.
10	Infheistíocht 1: Seirbhísí digiteacha	Cuspóir sonrach	Tionscadail digitithe a bhfuil glacadh leo		Líon na dtionscadal	0	10	R4	2025	Beidh sé d'aidhm ag 10 dtionscadal ar a laghad a nglacann an t-údarás conarthach nó na húdaráis chonarthacha leo rochtain ar sheirbhísí poiblí

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	d'úsáideoirí deiridh									digiteacha agus ar nascadh córas faisnéise a shimpliú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.
11	Infheistíocht 2: Sonraí oscailte agus ciste sonraí poiblí a fhorbairt	Garsprioc	Catalóg Sonraí Oscailte Náisiúnta a leathnú le hardfheidhmiúlachtaí	Catalóg Sonraí Oscailte Náisiúnta Leathnaithe ag a bhfuil ardfheidhmiúlachtaí agus ardseirbhísí				R4	2024	Cláróidh agus foilseoidh an chatalóg Náisiúnta de shonraí oscailte sonraí agus faisnéis oscailte agus phoiblí ón riarachán poiblí ina iomláine in aon áit amháin. Beidh ardfheidhmiúlachtaí aige chun cuardach agus seirbhísí a dhéanamh, lena n-áirítear liostaí cód a fhoilsiú i gciste sonraí poiblí.
12	Infheistíocht 2: Sonraí oscailte agus ciste sonraí poiblí a fhorbairt	Cuspóir sonrach	Méadú ar líon na dtáirgeoirí sonraí oscailte sa riarachán poiblí a fhoilsíonn sonraí oscailte sa Chatalóg Náisiúnta Sonraí Oscailte		Líon na n-eintiteas poiblí nua	23	100	R4	2022	Mar thoradh ar an sprioc, tiocfaidh méadú ar 77 n-eintiteas nua a fhoilsíonn sonraí oscailte sa riarachán poiblí.
245	Infheistíocht 2: Sonraí oscailte agus ciste sonraí poiblí a fhorbairt	Cuspóir sonrach	Méadú ar líon na dtacar sonraí oscailte nua nó feabhsaithe a fhoilsítear sa Chatalóg Náisiúnta Sonraí Oscailte		Líon na dtacar sonraí	0	125	R4	2024	125 thacar sonraí oscailte nua nó feabhsaithe (mar shampla liostaí cód, sonraí ceangailteacha sonraí nó sonraí staidrimh) a foilsíodh sa Chatalóg Náisiúnta Sonraí Oscailte.
13	Infheistíocht 3: Seirbhísí digiteacha don cheartas	Garsprioc	Ardán teicneolaíochta nua na Tairsí Ceartais a chur in úsáid, lena gcuirfear seirbhísí digiteacha ar fáil do shaoránaigh agus a bheidh nasctha le Tairseach lárnach na Saoránach	Nuashonrú agus oibriú iomlán na Tairsí Ceartais le feidhmiúlachtaí leathnaithe				R4	2023	Cruthófar leis an mbeart tairseach nua um Cheartas a bheidh nasctha le tairseach na Saoránach. Déanfar feidhmiúlachtaí agus dearadh a shainiú tar éis measúnú ar riachtanais agus suirbhéanna ar úsáideoirí. Cuirfear athdhearadh na tairsí justice.cz chun feidhme in 8 bpacáiste de láithreáin chomhchosúla ó thaobh téama de. Táthar ag súil go mbeidh gach pacáiste comhdhéanta de chéim suirbhéireachta atá dírithe ar an úsáideoir agus de chéim deartha an ábhair.
14	Infheistíocht 3: Seirbhísí	Cuspóir	Trealamh seomraí cúirte le taifeadáin		Líon na seomraí	370	1 100	R4	2023	Leis an mbeart, soláthrófar trealamh closamhairc do sheomraí cúirte chun taifeadadh digiteach

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	digiteacha don cheartas	sonrach	sonraí closamhairc		cúirte					éisteachtaí agus nósanna imeachta a chumasú ar mhaithe le trédhearcacht níos fearr.
246	Infheistíocht 4: Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh sa réimse sóisialta	Garsprioc	Tairseach féinseirbhíse uasghrádaithe don Oifig Saothair	Tairseach féinseirbhíse uasghrádaithe				R4	2025	Glacadh le huasghrádú na tairsí féinseirbhíse don Oifig Saothair le trí fheidhmiúlacht ar a laghad ag an údarás conarthach nó ag na húdaráis chonarthacha.

B. COMHCHUID 1.2: CÓRAIS DHIGITEACHA RIARACHÁIN PHOIBLÍ

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le dlús a chur leis an gclaochlú digiteach i riarachán poiblí na Seicia agus comhar agus malartú a chothú idir institiúidí poiblí.

Is é is aidhm dó forbairt comhthiomsaithe sonraí idirnasctha chórais TF an riaracháin phoiblí a áirithiú, tacú le comhchuid 1.1 agus í a chumasú, lena dtacaítear le leathnú ríomhsheirbhísí Rialtais a sholáthraítear d'úsáideoirí deiridh. Forbróidh an chomhpháirt clárlanna lárnacha, lena n-áirítear clárlanna sláinte, agus nascfaidh sí bunachair sonraí riaracháin phoiblí agus córais TF ábhartha chun castacht na nósanna imeachta do chuideachtaí agus do shaoránaigh a laghdú agus chun comhroinnt shlán sonraí a áirithiú laistigh den riarachán poiblí.

Is é is aidhm do chur chun feidhme na n-athchóirithe faoin gcomhpháirt seo cur chuige caighdeánaithe agus comhleanúnach a áirithiú maidir le córais faisnéise an chláir oibre a fhorbairt laistigh den riarachán poiblí. Soláthróidh siad saineolas agus seirbhísí comhairliúcháin trí Lárionaid Inniúlachta. Déanfaidh siad na clárlanna sláinte ilroinnte a fhorbairt agus a chomhdhlúthú freisin chun iad a ullmhú chun seirbhísí comhroinnte agus malartú faisnéise a sholáthar.

Díreofar infheistíochtaí ar chlárlanna lárnacha a fhorbairt agus a nascadh, ar idirnascadh agus nuashonrú córas faisnéise cláir oibre a bhaineann le haois a chothú, ar infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh agus i mbonneagar do sheirbhísí r-Cheartais, agus ar chibearshlándáil an riaracháin phoiblí a fheabhsú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 2019 3, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia anbeartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar bhonneagar digiteach, Moladh Tírshonrach 2020 1, ar dá réir a neartóidh an tSeicia úsáid ríomhsheirbhísí sláinte, agus Moladh Tírshonrach 2020 3, ar dá réir a thacóidh an tSeicia le fiontair bheaga agus mheánmhéide tríd an ualach riaracháin a laghdú agus infheistíocht a dhíriú ar an aistriú digiteach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht 1: Córais faisnéise aonair a fhorbairt agus a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le tionscadail arb é is aidhm dóibh córais faisnéise chúil a nuashonrú agus a nascadh chun seirbhísí nua agus feabhsaithe a chumasú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí i réimsí an bheartais fostaíochta, na slándála sóisialta, an mheasúnaithe leighis, an staidrimh, an phas agus an víosa agus na seirbhísí. Is éard atá sa bheart seo tionscadail a mbíonn cruthú nó uasghrádú deich gcóras faisnéise ar a laghad mar thoradh orthu.

Infheistíocht 2: Clárlanna agus saoráidí lárnacha a fhorbairt do ríomhsheirbhísí rialtais

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le bonneagar digiteach a fhorbairt don riarachán poiblí. Is éard atá sa bheart seo lárionad sonraí nua, néal ríomhrialtais le haghaidh seirbhísí ríomhaireachta agus tionscadail lena ndéantar croíchlárlanna agus saoráidí le haghaidh ríomhsheirbhísí rialtais a uasghrádú, lena bhféadfaí a áireamh acmhainneacht líonra agus cibearshlándáil a fheabhsú, an tÚdarás Deimhniúcháin Náisiúnta a uasghrádú, lárionaid sonraí agus stóráil sonraí a leathnú, príomhchlárlanna a uasghrádú, an Pointe Aitheantais Náisiúnta agus Fíordheimhniúcháin a

fheabhsú, agus córais agus comhéadain idir-inoibritheacha a fhorbairt, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

Infheistíocht 3: Cibearshlándáil

Is é is aidhm don infheistíocht cibearshlándáil an riaracháin phoiblí agus bhonneagar agus chórais faisnéise TFC an chúraim sláinte a mhéadú. Áirítear leis an mbeart tionscadail atá dírithe ar (i) acmhainneacht na bpóilíní a nuachóiriú agus a leathnú chun teagmhais slándála agus TFC a bhrath, a shainaithint agus freagairt dóibh, agus (ii) cibearshlándáil na gcóras faisnéise a fheabhsú.

Athchóiriú 1: Lárionaid inniúlachta chun tacú le ríomhsheirbhísí rialtais, leis an gcibearshlándáil agus le ríomhsheirbhísí sláinte

Is é is cuspóir don bheart seo seirbhísí comhairliúcháin agus caighdeáin choiteanna a sholáthar ar fud an riaracháin phoiblí chun cur chun feidhme comhleanúnach na mbeart faoi chomhchuid 1.1 agus faoi chomhchuid 1.2 a áirithiú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo trí lárionad inniúlachta a bhunú (an Chibearshlándáil-; ríomhsheirbhísí sláinte-; lárionaid Inniúlachtaí Ríomhrialtais) sa riarachán poiblí.

Athchóiriú 2: Córais a thacaíonn le r-Shláinte a fhorbairt

Is é cuspóir an bhirt seo dlús a chur le cruthú bonneagair r-Shláinte chomhleanúnaigh agus é a éascú. Is éard atá i gceist leis an mbeart Taifeadadh Comhroinnte Drugaí (ríomhoideas) a leathnú chuig támhshuanaigh agus substaintí síceatrópacha agus dearbháin leictreonacha le haghaidh feistí leighis, chomh maith le tionscadail lena gcomhdhlúthaítear agus lena bhfeabhsaítear bonneagar cúraim sláinte leictreonaigh, lena bhféadfaí oiliúint gairmithe cúraim sláinte in úsáid córas ríomhShláinte nó gníomhaíochtaí oideachais a áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Infheistíocht 4: Na dálaí a chruthú don cheartas digiteach

Is é is aidhm don infheistíocht timpeallacht oibre an chórais bhreithiúnaigh a nuachóiriú agus leanúint den obair a chumasú tráth a mbíonn teagmhálacha fisiciúla teoranta ann, agus ar an gcaoi sin athléimneacht an chórais ceartais náisiúnta a mhéadú. Tá trí thionscadal idirnasctha san infheistíocht, lena n-áireofar i) anailís ar úsáid sonraí agus mapáil ar riachtanais an digitithe in earnáil an cheartais, mar aon le stóras sonraí agus acmhainneacht stórála mhéadaithe a chur in úsáid, ii) méadú acmhainneachta an bhonneagair lena gcumasaítear cianrochtain agus iii) líon na seomraí físchomhdhála feistithe do na breithiúna a mhéadú.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 6: Córais faisnéise a fhorbairt sa réimse sóisialta

Is é is cuspóir don bheart seo córais faisnéise an riaracháin phoiblí i réimse an bheartais shóisialta a nuachóiriú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo sé chóras faisnéise ar a laghad a uasghrádú.

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thascach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
15	Infheistíocht 1: Forbairt córas faisnéise	Garsprioc	Cur chun feidhme agus oibriú chórais CzechPOINT 2.0 agus CAAIS	Tá córas CzechPOINT 2.0 (maidir le saoránaigh agus oifigigh) agus Lárspás Fíordheimhniúcháin an riaracháin phoiblí, CAAIS mar a thugtar air (d'oifigigh) oibríochtúil				R4	2022	Leis an ngarsprioc, cuirfear córas CzechPOINT 2.0 chun feidhme lena soláthrófar don phobal an raon seirbhísí cuidithe, sleachta as córais faisnéise riaracháin phoiblí agus an fhéidearthacht foirmeacha líonta a chur faoi bhráid an riaracháin stáit nó cumarsáid a dhéanamh leis. Áireofar leis an ngarsprioc freisin an Córas Faisnéise le haghaidh Fíordheimhniú Lárnach (ar a dtugtar CAAIS). Meastar go bhfuil an gharsprioc comhlíonta nuair a chuirtear an dá chuid chun feidhme agus nuair a bhíonn siad ar fáil d'úsáideoirí deiridh.
16	Infheistíocht 1: Córais faisnéise a fhorbairt	Garsprioc	Uasghrádú agus oibriú rathúil an chórais ríomhphasanna (an córas ríomhphasanna) agus an chórais víosaí EVC2	Modhnú ar an gcóras ríomhíocaíochta de réir an Achta leasaithe um Dhoiciméid Taistil agus uasghrádú ar an gcóras víosaí EVC2				R4	2022	Déanfar an córas faisnéise ar an gclár oibre ePasy a mhodhnú i gcomhréir leis an leasú ar an Acht um Dhoiciméid Taistil Uimh. 329/1999 Coll. agus beidh sé ar fáil do na húsáideoirí deiridh. Déanfar an córas víosaí EVC2 a uasghrádú le feidhmiúlachtaí víosaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha, i gcomhréir leis an gcóras dul isteach/imeachta (EES), agus beidh sé ar fáil le haghaidh tástála de réir chlár euINIS.
18	Infheistíocht 1: Córais faisnéise a fhorbairt	Cuspóir sonrach	Forghníomhú na dtionscadal córais faisnéise liostaithe atá mar bhonn cúil d'fhorbairt na gcóras faisnéise don riarachán poiblí a chur ar conradh		Uimhir	0	8	C2	2024	Tá an sprioc á baint amach ar chonradh a dhéanamh ar na tionscadail seo a leanas ar a laghad: 1. Lárú an chórais do dhaoine féinfhostaithe 2. Malartú Leictreonach ar Fhaisnéis Leasa Shóisialta 3. Réiteach tairsí agus foirmeacha don Aireacht Gnóthaí Baile 4. An tSeirbhís Measúnaithe Leighis 5. Stór sonraí a bharrfheabhsú le haghaidh riarachán slándála sóisialta 6. Bunachar sonraí cinntí agus an t-anaithnideoir breithiúnach 7. Lárphointe Fíordheimhniúcháin d'Oifig

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Staidrimh na Seicia agus clárlanna staidrimh a chomhtháthú i gcomhthiomsú sonraí nasctha 8. Córas faisnéise Bhailiúcháin Músaeim
19	Infheistíocht 1: Córais faisnéise a fhorbairt	Cuspóir sonrach	Córais faisnéise nua nó uasghrádaithe		Líon na gcóras faisnéise	0	8	R4	2025	Ocht gcóras faisnéise nua nó uasghrádaithe de chuid an riaracháin phoiblí a nglacann an t-údarás conarthach nó na húdaráis chonarthacha leo.
20	Infheistíocht 2: Clárlanna agus saoráidí lárnacha a fhorbairt do ríomhsheirbhísí rialtais	Garsprioc	Lárionad sonraí lánoibríochtúil arna shainiú ag bogearraí a chur i gcrích, lena n-áirítear coimeádáin sonraí	Tástáil agus glacadh rathúil maidir le lárionad sonraí nua a bheith á sheachadadh ag an Aireacht Saothair agus Gnóthaí Sóisialta				R4	2022	Measfar an gharsprioc a bheith bainte amach a luaithe a bheidh an lárionad sonraí nua ag feidhmiú go hiomlán agus nuair a bheidh sé curtha ar fáil d'úsáideoirí deiridh.
21	Infheistíocht 2: Clárlanna agus saoráidí lárnacha a fhorbairt do ríomhsheirbhísí rialtais	Garsprioc	Tionscadail lena ndéantar uasghrádú ar chlárlanna lárnacha agus ar shaoráidí lárnacha le haghaidh ríomhsheirbhísí rialtais	Prótacail inghlacthachta				C1	2025	Prótacail inghlacthachta arna n-eisiúint ag na húdaráis chonarthacha le haghaidh 10 dtionscadal ar a laghad lena ndéantar croíchlárlanna agus saoráidí le haghaidh ríomhsheirbhísí rialtais a uasghrádú. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo acmhainneacht líonra agus cibearshlándáil a fheabhsú, an tÚdarás Náisiúnta Deimhniúcháin a uasghrádú, lárionaid sonraí agus stóráil a leathnú, príomhchlárlanna a uasghrádú, an Pointe Aitheantais agus Fíordheimhniúcháin Náisiúnta a fheabhsú, agus córais agus comhéadain idir-inoibritheacha a fhorbairt, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.
22	Infheistíocht 2: Clárlanna agus saoráidí lárnacha a fhorbairt do ríomhsheirbhísí rialtais	Garsprioc	Co mmunication andIT systems for the Zeleneč Data Centre [Córais chumarsáide agus TF le haghaidh Ionad Sonraí Zeleneč]	Córais chumarsáide agus TF a bhfuil glacadh leo				C2	2026	Glacadh an údaráischonarthaigh nó na n-údarás conarthach le córais chumarsáide agus TF le haghaidh Ionad Sonraí Zeleneč. Áirítear leis sin bogearraí le haghaidh néalríomhaireachta agus tairseach néalríomhaireachta r-Rialtais.
23	Infheistíocht 3: Cibearshlándáil	Garsprioc	Córas Bainistíochta Faisnéise Slándála agus Teagmhas de chuid phóilíní na Seicia a nuachóiriú	Teacht i bhfeidhm an chórais Bainistithe Faisnéise Slándála agus Teagmhas atá lánfheidhmiúil agus				R4	2022	Leis an infheistíocht, méadófar infhaighteacht an bhonneagair faireacháin slándála um Bainistiú Faisnéise Slándála agus Teagmhas atá in ann teagmhais slándála a logáil agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			agus a úsáid le haghaidh cosaint cibearshlándála a leathnú i gcás cúig chóras faisnéise breise	uasghrádaithe agus cúig chóras faisnéise breise arna roghnú ar bhonn staidéar riosca agus féidearthachta.						leathnófar acmhainneachtaí agus cumais na bpóilíní agus na hAireachta Gnóthaí Baile sa tSeicia teagmhais slándála agus teagmhais in TFC a shainaithint agus freagairt dóibh fiú go cianda nuair atá rochtain ar bhonneagar oifige teoranta.
24	Infheistíocht 3: Cibearshlándáil	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal cibearshlándála a nglactar leo		Líon na dtionscadal	0	60	R4	2025	Ar a laghad 60 tionscadal cibearshlándála a nglacann an t-údarás conarthach nó na húdaráis chonarthacha leo.
25	Athchóirithe 1: Lárionaid inniúlachta chun tacú le ríomhsheirbhísí rialtais, leis an gcibearshlándáil agus le ríomhsheirbhísí sláinte	Garsprioc	Feidhmiú iomlán trí lárionad inniúlachta a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin d'údaráis a chuireann chun feidhme na hathruithe ar chórais faisnéise agus ar éiceachóras ríomhsheirbhísí rialtais dá bhforáiltear faoi chomhchuid 1.1 agus faoi chomhchuid 1.2	Measfar lárionaid inniúlachta a bheith lánoibríochtúil a luaithe a bheidh iarrataí oifigiúla ar sheirbhísí comhairliúcháin curtha isteach ag údaráis phoiblí agus a luaithe a bheidh na hiarrataí sin formheasta ag lárionaid inniúlachta				R4	2022	Trí lárionad inniúlachta i ríomhsheirbhísí rialtais, cibearshlándála agus sláinte, soláthróidh siad seirbhísí comhairliúcháin agus comhairleacha d'údaráis agus tionscadail faoi chomhchuid 1.1 agus faoi chomhchuid 1.2 á gcur chun feidhme acu.
27	Athchóiriú 2: Córais a thacaíonn le r-Shláinte a fhorbairt	Garsprioc	An Taifeadadh Comhroinnte Drugaí (ríomhoideas) a leathnú chuig támhshuanaigh agus substaintí síceatrópacha agus chuig dearbháin leictreonacha le haghaidh feistí leighis	Leathnaítear feidhmiúlachtaí ríomhoidis le hoidis le haghaidh támhshuanach agus substaintí síceatrópacha agus le hoidis le haghaidh dearbháin feistí leighis				R4	2023	Déanfar feidhmiúlachtaí reatha an ríomhoidis a leathnú leis an mbeart sin lena gcumasófar oideasú támhshuanach agus substaintí síceatrópacha agus dearbháin chun feistí leighis a cheannach.
28	Athchóiriú 2: Córais a thacaíonn le r-Shláinte a	Garsprioc	Glacadh le tionscadail r-Shláinte	Prótacail inghlacthachta				R4	2025	Glacadh le 6 thionscadal r-Shláinte ag an údarás conarthach nó ag na húdaráis chonarthacha.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	fhorbairt									
29	Infheistíocht 4: Na dálaí a chruthú don cheartas digiteach	Garsprioc	Anailís ar bhainistiú sonraí agus ar úsáid sonraí in earnáil an cheartais agus stóras sonraí a chur in úsáid	Formheasann an Aireacht Dlí agus Cirt an anailís agus imscartar an stóras sonraí				C2	2022	Áireofar leis an ngarsprioc anailís lena mapálfar riachtanais úsáide sonraí agus bainistithe sonraí na hearnála Ceartais agus na hAireachta Dlí agus Cirt, a bheidh mar bhonn chun tionscadail a bheidh ann amach anseo a ullmhú arb é is aidhm dóibh an earnáil a dhigitiú agus áireofar inti freisin stóras sonraí a imscaradh don Aireacht Dlí agus Cirt.
30	Infheistíocht 4: Na dálaí a chruthú don cheartas digiteach	Cuspóir sonrach	Méadú ar líon na seomraí comhdhála sa chóras ceartais nuafheistithe agus nasctha chun físchomhdháil a chumasú		Líon na seomraí comhdhála	170	470	R4	2022	Méadóidh an beart líon na seomraí comhdhála atá feistithe le huirlisí físchomhdhála.
31	Infheistíocht 4: Na dálaí a chruthú don cheartas digiteach	Cuspóir sonrach	Méadú ar an acmhainneacht stórála sonraí		Peiteabheart	0	2	R4	2024	Leis an mbeart, méadófar acmhainneacht stórála sonraí na hAireachta Dlí agus Cirt, rud a neartóidh an bonneagar don ionad oibre digiteach agus don chianobair.
249	Infheistíocht 6: Córais faisnéise a fhorbairt sa réimse sóisialta	Cuspóir sonrach	Córais faisnéise uasghrádaithe i réimse an bheartais shóisialta		Uimhir	0	6	C2	2026	Glacadh le huasghrádú 6 chóras faisnéise i réimse an bheartais shóisialta ag an údarás conarthach nó ag na húdaráis chonarthacha.

B.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht 5: Breisiú ar infheistíocht chibearshlándála

Is é cuspóir an bhirt an infheistíocht chibearshlándála a bhreisiú faoin tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha. Is éard atá i gceist leis an mbeart líon na dtionscadal dá dtugtar tacaíocht a mhéadú lena bhfeabhsaítear cibearshlándáil na gcóras faisnéise.

B.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
247	Infheistíocht 5: Breisiú ar infheistíocht chibearshlándála	Garsprioc	Foilsiú an ghlao a bhaineann le córais faisnéise a neartú i gcomhréir le Gníomh Uimh. 181/2014 Coll. maidir leis an gcibearshlándáil	Foilsiú glao ar thionscadail				C1	2024	Foilsiú glao ar thionscadail lena dtacaítear le córais faisnéise a neartú de réir Ghníomh Uimh. 181/2014 Coll. maidir leis an gcibearshlándáil.
248	Infheistíocht 5: Breisiú ar infheistíocht chibearshlándála	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal cibearshlándála a nglactar leolena neartaítear an chibearshlándáil sa riarachán poiblí		Líon na dtionscadal		10	C1	2026	10 dtionscadal cibearshlándála ar a laghad a nglacann an t-údarás conarthach nó na húdaráis chonarthacha leo.

C. COMHCHUID 1.3: LÍONRAÍ DIGITEACHA ARDTOILLTE

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tacaítear le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le líonraí fíor-ardacmhainneachta a imscaradh chun rochtain ar sheirbhísí ar líne a uasmhéadú trí nascacht idirlín do shaoránaigh, d'fhiontair, do riaracháin phoiblí agus d'institiúidí, go háirithe i gceantair thuaithe. Tá sé d'aidhm ag an gcomhpháirt freisin dálaí a chruthú a thacóidh le forbairt líonraí agus seirbhísí 5G.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt armholadh a bhaineanngo sonrach le tír faoi leith, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia an beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar bhonneagar digiteach (Moladh Sonrach Tír 3 2019), agus ar an moladh tírshonrach, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia infheistíocht ar an aistriú digiteach, go háirithe ar bhonneagar digiteach agus ar theicneolaíochtaí digiteacha ardacmhainneachta (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. I gcás na n-infheistíochtaí bonneagair uile, déanfar 70 % ar a laghad den dramhaíl tógála agus scartála a athúsáid nó a athchúrsáil i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01)[1].

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Feabhas a chur ar an timpeallacht chun líonraí cumarsáide leictreonaí a chur in úsáid

Is é is cuspóir don bheart seo faisnéis a chur ar fáil maidir le bonneagar fisiceach agus oibreacha innealtóireachta sibhialta ar chumarsáid leictreonach. Is éard atá sa bheart sin i) teacht i bhfeidhm na reachtaíochta is gá chun bunachair sonraí de thionscadail infheistíochta a bhunú, ii) digitiú na faisnéise maidir le staid bhunúsach spásúil, iompar agus bonneagar teicniúil, agus iii) tomhais ar cháilíocht an líonra.

Athchóiriú 2: Tacú le forbairt éiceachóras 5G

Is é is cuspóir don bheart seo an creat straitéiseach a tharraingt suas maidir le comhroinnt bonneagair le haghaidh líonraí 5G. Is éard atá sa bheart seo foilseacháin staidéar lena dtugtar aghaidh ar phríomh-shaincheisteanna maidir le rolladh amach 5G agus foilsiú treoirlínte atá dírithe ar chomhroinnt agus rolladh amach líonra 5G a éascú.

Infheistíocht 1: Nasc ardacmhainneachta a thógáil

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le líonraí nascachta fíor-ardacmhainne (VHCN) a thógáil. Is éard atá sa bheart seo 230 aonad socraíochta bunúsach a nascadh le líonraí fíor-ardacmhainneachta.

[1] Go háirithe, ceanglaítear leis an mbeart ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hoibreacha foirgníochta a áirithiú go ndéanfar 70 % ar a laghad (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 lena n-ionadaítear Cinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíola de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus Cinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2000) 1147)) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, lena hathchúrsáil nó le haisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh.

Infheistíocht 2: Conairí 5G a chumhdach agus forbairt 5G a chur chun cinn

Is é cuspóir an bhirt seo cumhdach 5G na gconairí iompair a fheabhsú. Is éard atá sa bheart seo Bunstáisiúin Thrasghlacadóra (BTSanna) nua a thógáil ar chonairí iarnróid roghnaithe, lena n-éascaítear na réitigh theicniúla le haghaidh cumhdach 5G i vaigíní iarnróid, agus Córas Cliste Comhoibríoch Iompair a shuiteáil le haghaidh cás úsáide iarnróid (C-ITS).

Infheistíocht 3: Tacú le bonneagar móibíleach 5G a fhorbairt i limistéir bhána atá dian ar infheistíocht tuaithe

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar chumhdach an líonra 5G i 'limistéir bhána', i.e. limistéir nár cumhdaíodh riamh le haon chomhartha móibíleach níos airde ná 3G agus ar féidir glacadh leis nach gcumhdófar iad le bunlíonraí 5G amach anseo mar gheall ar bhrabúsacht íseal ionchasach na hinfheistíochta. Is éard atá sa bheart sin 30 bunstáisiún trasghlacadóra a thógáil le haghaidh 5G.

Infheistíocht 4: Gníomhaíochtaí taighde eolaíoch a bhaineann le forbairt líonraí agus seirbhísí 5G

Is é cuspóir an bhirt seo tacú le T & F & N a bhaineann le líonraí agus seirbhísí 5G. Cosnaíonn an beart seo glacadh le tuarascálacha tionscadail a bhaineann le líonraí nó feidhmchláir 5G.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
32	Athchóiriú 1: Feabhas a chur ar an timpeallacht le haghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí a chur in úsáid	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm beart arna n-ullmhú ag an Aireacht Tionscail agus Trádála arb é is aidhm dóibh bunachar sonraí de phleananna tionscadail infheistíochta a bhunú agus líon na dtomhas cáilíochta líonra a mhéadú	Foráil sna gníomhartha lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C2	2023	Tiocfaidh na hoiriúnuithe reachtacha is gá i bhfeidhm agus críochnófar sonraíochtaí teicniúla, arb é is aidhm dóibh araon bunachair sonraí a bhunú de chuspóirí tionscadal infheistíochta de réir bhrí Acht Uimh. 194/2017 Coll., mír 11, 2 agus líon na dtomhas cáilíochta ar líonraí cumarsáide leictreonaí a mhéadú. Seolfaidh an rialtóir náisiúnta nósanna imeachta tairisceana agus gheobhaidh sé an trealamh is gá. Beidh cáilíocht agus inúsáidteacht na faisnéise a sholáthraítear i gcomhréir le paraiméadair theicniúla cheangailteacha.
33	Athchóiriú 1: Feabhas a chur ar an timpeallacht le haghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí a chur in úsáid	Garsprioc	Sonraí le haghaidh léarscáileanna teicniúla	Sonraí a fháil agus a ghlacadh				R4	2025	Sonraí a fháil agus a ghlacadh maidir le suíomh nó faisnéis theicniúil an bhonneagair fhisicigh, mar shampla i gcás oibiachtaí bunúsacha staide spásúla nó bonneagar iompair nó teicniúil.
35	Athchóiriú 1: Feabhas a chur ar an timpeallacht le haghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí a chur in úsáid	Garsprioc	Tomhais ar cháilíocht an líonra	Tomhais torthaí atá ar fáil ar líne				C2	2025	Cuirtear torthaí na dtomhas cáilíochta líonra i ngach ceann de na 76 cheantar agus i bPrág ar fáil ar líne.
36	Athchóiriú 2: Tacú le forbairt éiceachóras 5G	Cuspóir sonrach	Staidéir a fhoilsiú arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar imscaradh líonraí 5G ag an Aireacht Tionscail agus Trádála		Uimhir	0	25	R4	2024	Go háirithe, cumhdóidh na staidéir na saincheisteanna seo a leanas: • infheidhmeacht ghnéithe agus chaighdeáin 5G in earnálacha aonair agus tograí maidir lena gcur chun feidhme teicniúil agus lena mbearta rialála. • coincheap agus úsáid leathchúpla digiteach bhonneagar líonra 5G. • infheidhmeacht FeMBMS (Seirbhís Craolacháin Ilmheán Forbartha Breise) i líonraí 5G le haghaidh craoltóireacht teilifíse agus seirbhísí meán closamhairc, lena n-áirítear straitéis maidir le húsáid bhanda minicíochta 600 MHz le haghaidh craoltóireacht teilifíse amach anseo. • FRMCS (Córais Todhchaíochta um

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Chumarsáid Mhóibíleach Iarnróid) a úsáid le haghaidh iarnróid ag a bhfuil cainéil thiomnaithe i mbandaí 900 MHz agus 1 900 MHz. • an fhéidearthacht speictream a chomhroinnt atá inúsáidte do líonraí 5G. • banda minicíochta 26 GHz a úsáid le haghaidh an líonra 5G. • féidearthachtaí maidir le bonneagar éighníomhach agus gníomhach a chomhroinnt • córas slisnithe líonra 5G a úsáid le haghaidh líonraí poiblí agus príobháideacha 5G. • cumarsáid Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) a nascadh le líonraí 5G. • líonraí 5G a úsáid le haghaidh Rochtain Sheasta gan Sreang • tionchar RAN Oscailte (Líonra Rochtana Raidió) agus Croí-rochtain Oscailte ar shlándáil líonraí 5G. • ardáin chumarsáide eitilte (ladrainn, aerárthaí gan foireann, balúin) agus a dtionchar ar rialáil na cumarsáide leictreonaí. • timpeallachtaí raidió cliste ina ndéantar tomhais ar líne ar radaíocht leictreamaighnéadach agus dromchlaí frithchaiteacha cliste a chur i bhfeidhm. • líonraí 6G a fhorbairt sna bandaí os cionn 100 GHz.
37	Athchóiriú 2: Tacú le forbairt éiceachóras 5G	Garsprioc	Treoirlínte a fhoilsiú maidir le leathadh amach líonraí 5G	Foilsiú na dtreoirlínte				C2	2025	Foilseofar treoirlínte maidir le leathadh amach líonraí 5G.
38	Infheistíocht 1: Nasc ardacmhainneachta a thógáil	Garsprioc	Dámhachtain cinntí deontais chun pointí seolta a nascadh leis an líonra fíor-ardacmhainneachta	Fógra maidir le dámhachtain cinntí deontais chun pointí				R4	2024	Fógra faoi dhámhachtain cinntí deontais chun pointí seolta a nascadh leis an líonra fíor-ardacmhainneachta. Áireofar sna glaonna sainmhíniú ar chaiteachas incháilithe, samhlacha meastóireachta

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			(VHCN) ag an Aireacht Tionscail agus Trádála	seolta a nascadh leis an líonra fíor-ardacmhainneachta (VHCN) ag an Aireacht Tionscail agus Trádála						agus critéir chun tionscadail a roghnú agus meastóireacht a dhéanamh orthu, rialacha d'iarratasóirí agus do thairbhithe, agus treoirlínte maidir le tairiscintí mórdhíola.
39	Infheistíocht 1: Nasc ardacmhainneachta a thógáil	Garsprioc	Aonaid socraíochta bhunúsacha a nascadh le líonra fíor-ardacmhainneachta	nascadh na n-aonad socraíochta bunúsach				C1	2026	Beidh 230 aonad socraíochta bunúsach nasctha le líonraí fíor-ardacmhainne.
40	Infheistíocht 2: Conairí 5G a chumhdach agus forbairt 5G a chur chun cinn	Garsprioc	Teicneolaíochtaí 5G le haghaidh iarnród	Tógáil BTS, cumhdach vaigíní, suiteáil C-ITS				C2	2026	Áireofar an méid seo a leanas san infheistíocht: - tógfar naoi mbunstáisiún trasghlacadóra (BTS) agus feisteofar tollán amháin le sreanga le haghaidh 5G. - Cumhdach comharthaí 5G feabhsaithe le haghaidh 350 vaigín iarnróid - Córas cliste iompair a shuiteáil le haghaidh cás úsáide iarnróid (C-ITS)
43	Infheistíocht 3: Tacú le bonneagar móibíleach 5G a fhorbairt i limistéir bhána atá dian ar infheistíocht tuaithe	Garsprioc	Cinntí deontais a dhámhachtain chun bardais a bhfuil nasc ardacmhainneachta acu a nascadh	Fógra ón Aireacht Tionscail agus Trádála maidir le dámhachtain cinntí deontais chun bardais a bhfuil nasc ardacmhainneachta acu a nascadh				R4	2024	Fógra maidir le dámhachtain cinntí deontais chun bardais a bhfuil nasc ardacmhainneachta acu a nascadh. Áireofar sa ghlao sainmhíniú ar chaiteachas incháilithe, samhlacha meastóireachta agus critéir chun tionscadail a roghnú agus meastóireacht a dhéanamh orthu, rialacha d'iarratasóirí agus do thairbhithe, agus treoirlínte maidir le tairiscintí mórdhíola. Cuirfear Treoirlínte BEREC maidir le Líonraí Fíor-Ardtoillte san áireamh sna critéir roghnúcháin. Beidh na bardais lonnaithe i limistéir nár cumhdaíodh riamh le haon chomhartha móibíleach níos airde ná 3G agus ar féidir glacadh leis nach gcumhdófar le bunlíonraí 5G iad amach anseo mar gheall ar bhrabúsacht íseal ionchasach na hinfheistíochta. Saineofar na limistéir sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
44	Infheistíocht 3: Tacú le bonneagar móibíleach 5G a fhorbairt i limistéir bhána atá dian ar infheistíocht tuaithe	Cuspóir sonrach	Tógáil stáisiún bunáite trasghlacadóra		Uimhir	0	30	C1	2026	Tógfar 30 bunstáisiún trasghlacadóra nua
45	Infheistíocht 4: Gníomhaíochtaí taighde eolaíoch a bhaineann le forbairt líonraí agus seirbhísí 5G	Garsprioc	Dámhachtain cinntí deontais le haghaidh tionscadail taighde eolaíoch a bhaineann le líonraí 5G	Fógra maidir le dámhachtain cinntí deontais ag an Aireacht Tionscail agus Trádála le haghaidh tionscadail taighde eolaíoch a bhaineann le líonraí 5G				R4	2024	Fógra maidir le dámhachtain cinntí deontais ag an Aireacht Tionscail agus Trádála le haghaidh tionscadail taighde eolaíoch a bhaineann le líonraí 5G. Díreoidh na tionscadail ar úsáid feidhmchlár 5G sa tionscal agus i seirbhísí a thacaíonn le húsáid teicneolaíochtaí, mar shampla, ach gan a bheith teoranta d'uathoibriú, róbatú, intleacht shaorga nó réaltacht fhíorúil nó bhreisithe. I measc na dtairbhithe féideartha tá gnólachtaí nó eagraíochtaí taighde phoiblí.
46	Infheistíocht 4: Gníomhaíochtaí taighde eolaíoch a bhaineann le forbairt líonraí agus seirbhísí 5G	Garsprioc	Tionscadal a bhaineann le líonraí 5G	Glacadh le tuarascálacha tionscadail				R4	2025	Glacfaidh na húdaráis le 22 thuarascáil tionscadail ar a laghad ó fhaighteoirí.

D. COMHCHUID 1.4: AN GEILLEAGAR DIGITEACH AGUS AN tSOCHAÍ DHIGITEACH, GNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA NUÁLACHA AGUS TEICNEOLAÍOCHT NUA

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le digitiú agus glacadh teicneolaíochtaí nua ag cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, a éascú. Tá sé d'aidhm aige freisin comhlacht a chur ar bun lena gcomhordaítear na tionscadail lena ndírítear ar chlaochlú digiteach an gheilleagair, lena dtacaítear le forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí straitéiseacha roghnaithe, lena n-áirítear an intleacht shaorga, agus lena bhfeabhsaítear an t-éiceachóras nuálaíochta go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear trí naisc fheabhsaithe idir an saol acadúil agus gnólachtaí. Meastar go gcothóidh na hinfheistíochtaí atá beartaithe rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuálacha, inter alia trí theicneolaíocht airgeadais agus réitigh mhaoiniúcháin luathchéime, chomh maith le rochtain ar oiliúint agus ar shaoráidí tástála chun rannchuidiú le glacadh teicneolaíochtaí digiteacha nua. Tá sineirgí ag an gcomhpháirt le comhpháirteanna 1.3 [Líonraí digiteacha ardacmhainneachta] agus 1.5 [Claochlú digiteach fiontar] de phlean na Seicia, a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt ar an rochtain ar líonraí ardacmhainneachta agus ar dhigitiú gnó.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2019, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia an beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar bhonneagar digiteach agus a chuirfidh sí deireadh leis na bacainní a chuireann bac ar éiceachóras nuálaíochta lánfheidhmiúil a fhorbairt, agus le Moladh Tírshonrach 3 2020 ardá réir a thacóidh an tSeiciale fiontair bheaga agus mheánmhéide trí úsáid níos mó a bhaint as ionstraimí airgeadais chun tacaíocht leachtachta a áirithiú, chun infheistíocht a dhíriú ar an aistriú digiteach, go háirithe ar bhonneagar digiteach agus ar theicneolaíocht dhigiteach ardacmhainneachta, agus chun rochtain ar mhaoiniú a áirithiú do ghnólachtaí nuálacha agus chun feabhas a chur ar an gcomhar T & F poiblí príobháideach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. Go háirithe, beidh torthaí an phróisis T & N neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar leibhéal a gcur i bhfeidhm (i.e. cuirfear i bhfeidhm iad ar fud na dteicneolaíochtaí uile atá ar fáil, lena n-áirítear teicneolaíochtaí ísealtionchair), agus eisiafar leis an mbeart ex ante T & N atá tiomnaithe do na heilimintí 'T & N donn' (i.e. gual, lignít, ola/peitriliam, gás nádúrtha nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn III de Threoir Theicniúil DNSH, hidrigin ghorm agus liath, loisceoirí agus láithreáin líonta talún).

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Athchóiriú institiúideach ar an gcóras bainistíochta don chlaochlú digiteach lena n-áirítear straitéis RIS 3

Is é is aidhm don athchóiriú institiúideach struchtúr na heagraíochta a dhéanann maoirseacht ar an gclaochlú digiteach a shimpliú. Déanfaidh an Coiste nuabhunaithe um Chlaochlú Digiteach comhordú i measc geallsealbhóirí príobháideacha agus poiblí.

Ina theannta sin, áireofar leis comhlacht comhordaithe a bhunú, faoin gCoiste um Chlaochlú Digiteach, a bheidh freagrach as bearta a chur chun feidhme faoin gcomhpháirt sin.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 2: An Grúpa Comhpháirteach um Thacaíocht agus um Dheimhniú Teicneolaíochtaí Straitéiseacha in éineacht leis an mBord um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha

Is é is aidhm don athchóiriú líonra d'údaráis bainistithe cáilíochta agus deimhnithe táirgí a fhorbairt chomh maith leis na dea-chleachtais a chomhroinnt go háirithe in earnálacha straitéiseacha, mar shampla tionscal na haerloingseoireachta agus na bhfeistí leighis. Tacóidh an t-athchóiriú le

gníomhaíochtaí lena n-éascaítear próisis deimhniúcháin nó trealamh a cheannach agus béim á leagan ar aerloingseoireacht agus ar fheistí leighis. Áireofar sa chomhpháirt freisin seirbhísí comhairliúcháin agus comhairleacha do ghnólachtaí atá á n-ullmhú chun deimhniú a fháil. Áireofar san athchóiriú freisin cúrsaí oideachais a chruthú a bheidh ar fáil do gheallsealbhóirí maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 2: Mol na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha (EDMO)

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo Faireachlann Lár na hEorpa um na Meáin Dhigiteacha (CEDMO) a bhunú. Is éard atá sa bheart seo cuibhreannas a bhunú, a ghníomhaíochtaí a leathnú agus staidéir a fhoilsiú maidir le dí-inmhíolú agus IS.

Infheistíocht 5: Bannaí DLT an Bhonneagair Eorpaigh um Sheirbhísí Blocshlabhra (atá comhoiriúnach le EBSI) le haghaidh maoiniú FBManna

Tacóidh an beart le cur chun feidhme cáis úsáide atá dírithe ar ardán bannaí DLT uile-Eorpach (Teicneolaíocht Mórleabhar Dáilte) a chruthú le haghaidh maoiniú fiachais FBManna. Rannchuideoidh an tionscadal le rochtain níos éasca ar mhaoiniú a chumasú do FBManna, le costais a laghdú agus le trédhearcacht a mhéadú agus beidh sé comhoiriúnach le EBSI.

Críochnófar an infheistíocht faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht 6: Tionscadail iarratais thaispeántacha le haghaidh cathracha agus limistéir thionsclaíocha

Is é is cuspóir don infheistíocht seo cur i bhfeidhm praiticiúil na dteicneolaíochtaí digiteacha i gcathracha nó in earnáil na tionsclaíochta a chur i láthair. Is éard atá sa bheart sin tionscadail laghdaithe maidir le cásanna úsáide chun 5G agus teicneolaíochtaí malartacha a chur i bhfeidhm.

Infheistíocht 7: Clár Uas-scálaithe Phoblacht na Seice

Rachaidh clár ‘Rise-Up’ Phoblacht na Seice i ngleic le tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime agus áireofar ann dhá ghlao ar leith ar thionscadail: beidh an chéad ghlao oscailte do thograí tionscadail atá dírithe ar thionscadail taighde agus forbartha leighis a bhaineann le COVID, a bhfuil aibíocht beagnach cur i gcrích, deimhniúcháin nó cosanta dlíthiúla bainte amach acu. Beidh an dara glao oscailte do thionscadail atá dírithe ar réitigh theicneolaíocha dhigiteacha chun dul i ngleic le hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, go háirithe i réimsí na sláinte, an oideachais, na hearnála closamhairc, chlaochlú digiteach na ngnólachtaí agus na n-earnálacha traidisiúnta.

Críochnófar an infheistíocht faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 8: Fiontraíocht agus gnólachtaí nuálacha a chothú

Is é is aidhm don bheart seo fiontraíocht a chothú agus tacú le seoladh rathúil fiontar nua ar fud na Seicia. Áireofar sa bheart seirbhísí comhairleacha, comhairliúcháin nó meantóireachta a chuirfear ar fáil do chuideachtaí, d’fhiontraithe agus do dhaoine aonair. Áireofar sa bheart freisin feachtais múscailte feasachta chun fiontraíocht a chur chun cinn.

Críochnófar an infheistíocht faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 9: Ciste cistí chun infheistíochtaí réamhshíl, teicneolaíochtaí digiteacha straitéiseacha nó seach-chuideachtaí a fhorbairt

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le caipiteal fiontair agus le claochlú digiteach an gheilleagair. Is éard atá ann ciste cistí arna bhainistiú ag an gCiste Eorpach Infheistíochta lena n-infheistítear, i measc nithe eile, in infheistíochtaí réamhshíl, i dteicneolaíochtaí digiteacha straitéiseacha nó i seach-chuideachtaí.

Infheistíocht 10: Idirnáisiúnú gnólachtaí

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le gnólachtaí agus iad ag iarraidh leathnú thar lear. Is éard atá sa bheart seo seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear seirbhísí oiliúna, comhairleacha agus comhairliúcháin do ghnólachtaí, ach gan a bheith teoranta dóibh, agus béim á leagan ar leathnú thar lear.

Infheistíocht 11: Bosca gainimh rialála digiteach i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais

Is é is cuspóir don infheistíocht seo timpeallacht tástála a chur ar fáil do tháirgí agus do sheirbhísí cuideachtaí teicneolaíochta airgeadais. Is éard atá sa bheart seobosca gainimh rialála a sheoladh agus rannpháirtíocht cuideachtaí sa bhosca gainimh.

Infheistíocht 12: Bonneagar cumarsáide candamaí a thógáil

Is é is aidhm don infheistíocht líonra cumarsáide candamaí optúla a thógáil sa tSeicia i gcomhréir le tosaíochtaí an Chláir don Eoraip Dhigiteach. Tacóidh RRF le cuid de chostais na hinfheistíochta sin. Féadfaidh an infheistíocht sin tacaíocht a fháil freisin ó chláir nó ionstraimí eile de chuid an Aontais le haghaidh costais nach dtacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leo.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
47	Athchóiriú 1: Athchóiriú institiúideach ar an gcóras comhordúcháin agus tacaíochta le haghaidh chlaochlú digiteach an gheilleagair (lena n-áirítear RIS 3)	Garsprioc	Athruithe eagraíochtúla a chur chun feidhme chun athchóiriú a dhéanamh ar struchtúr na gcomhlachtaí poiblí a dhéanann maoirseacht ar chlaochlú digiteach an gheilleagair	Bunú an Choiste (agus na meithle gaolmhaire) atá freagrach as comhordú na ngeallsealbhóirí náisiúnta chun tionscadail a ullmhú le haghaidh chlaochlú digiteach gheilleagar na Seicia				R4	2024	Déanfaidh an Coiste um Chlaochlú Digiteach, lena n-áirítear rannpháirtíocht geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha, cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí faoi chomhchuid 1.4 agus faoi chomhchuid 1.5 a chomhordú. Áireofar leis sin freisin meitheal chomhairleach speisialta a dhéanfaidh maoirseacht ar chur chun feidhme Chaighdeáin an Aontais Eorpaigh i leith Náisiúin na nGnólachtaí Nuathionscanta faoin gcomhchuid sin. Measfar an chloch mhíle sin a bheith comhlíonta a luaithe a thosóidh an Coiste agus an mheitheal ag obair.
48	Athchóiriú 2: An Grúpa Comhpháirteach um Thacaíocht agus um Dheimhniú Teicneolaíochtaí Straitéiseacha in éineacht leis an mBord um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha	Garsprioc	Líonra deimhniúcháin a bhunú agus a cheapadh	Líonra d'údaráis deimhniúcháin, saineolaithe teicniúla agus cuideachtaí rannpháirteacha a chruthú le haghaidh earnálacha straitéiseacha.				C2	2023	Ionad ilfhreastail a chruthú chun dea-chleachtais a chomhroinnt, faisnéis iarbhír a aimsiú maidir le deimhniú amhail cáilíocht agus infhaighteacht saotharlann creidiúnaithe nó comhlachtaí faoina dtugtar fógra, tairiscintí ar thacaíocht theicniúil.
49	Athchóiriú 2: An Grúpa Comhpháirteach um Thacaíocht agus um Dheimhniú Teicneolaíochtaí Straitéiseacha in éineacht leis an mBord um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha	Cuspóir sonrach	Líon na gcuideachtaí dá dtugtar deimhniú		Uimhir	0	50	R4	2024	Tabharfar tacaíocht do 50 cuideachta chun deimhniú a fháil. Cruthófar cúrsaí oideachais maidir le deimhniú agus cuirfear ar fáil iad.
51	Infheistíocht 2: Mol na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha (EDMO)	Garsprioc	Seoladh mhol na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha do CEE i bPoblacht na Seice (CEDMO)	Seoladh mhol CEDMO a thóg an cuibhreannas acadúil le hOllscoil Charles i bPrág mar phríomh-chomhpháirtí				R4	2021	Díreoidh an Mol um na Meáin Dhigiteacha mar chuid de líonra EDMO ar scaipeadh faisnéise bréige amhail mífhaisnéis a bhaineann le COVID nó líonraí 5G a anailísiú agus a chomhrac.
250	Infheistíocht 2: Mol na Faireachlainne Eorpaí um	Garsprioc	Seoladh mhol leathnaithe	Síniú an chomhaontaithe				C2	2024	Síneofar comhaontú deontais do Mhol leathnaithe na Meán Digiteach mar chuid de líonra EDMO le

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	na Meáin Dhigiteacha (EDMO)		CEDMO	deontais						haghaidh na dtrí ghníomhaíocht nua dá dtugtar tacaíocht
52	Infheistíocht 2: Mol na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha (EDMO)	garsprioc	Foilsiú torthaí taighde ag CEDMO	Staidéir fhoilsithe				R4	2025	Foilseoidh CEDMO torthaí a chuid gníomhaíochtaí taighde (staidéir) ag díriú ar an méid seo a leanas: — Síneadh a chur le Treochtaí agus Innéacs CEDMO — Taighde feidhmeach chun forbairt a dhéanamh ar uirlisí intleachta saorga — Rioscaí na hintleachta saorga — Úsáid uirlisí Intleachta Saorga lena dtacaítear le claochlú na meán — Úsáid na hintleachta saorga sna meáin a rialáil
55	Infheistíocht 5: Bonneagar Eorpach um Sheirbhísí Blocshlabhra (comhoiriúnach le EBSI) — bannaí DLT le haghaidh maoiniú FBManna	Garsprioc	Comhaontú deontais sínithe leis an bhfaighteoir chun an cás úsáide do FBManna a chur chun feidhme	Síniú an chomhaontaithe deontais				R4	2023	Síneofar comhaontú deontais chun an cás úsáide FBM a chur chun feidhme.
56	Infheistíocht 5: Bonneagar Eorpach um Sheirbhísí Blocshlabhra (comhoiriúnach le EBSI) — bannaí DLT le haghaidh maoiniú FBManna	Cuspóir sonrach	Líon na FBManna atá in ann bannaí digiteacha a thairiscint trí EBSI.		Uimhir	0	190	C2	2024	Cuirfidh an tacaíocht ar chumas FBManna bannaí a thairiscint bunaithe ar Theicneolaíocht Mórleabhar Dáilte, gan dochar do chinneadh na gcuideachtaí rannpháirteacha maidir le heisiúint bannaí
57	Infheistíocht 6: Tionscadail iarratais thaispeántacha le haghaidh cathracha agus limistéir thionsclaíocha	Cuspóir sonrach	Feidhmchláir thagartha a fhorbairt agus a oibriú le haghaidh Cathracha Cliste		Uimhir	0	5	R4	2022	Cúig fheidhmchlár tagartha mar chuid de chlár na gCathracha Cliste atá le cur i gcrích
58	Infheistíocht 6: Tionscadail iarratais thaispeántacha le haghaidh cathracha agus limistéir thionsclaíocha	Cuspóir sonrach	Cásanna úsáide do bhardais nó don tionscal		Uimhir	0	47	R4	2025	Glacfaidh na húdaráis le 5G nó le cásanna úsáide teicneolaíochta malartacha do bhardais nó don tionscal
59	Infheistíocht 7: Clár Éirí Amach Phoblacht na Seice	Cuspóir sonrach	Tacaíocht do thionscadail atá dírithe ar nuálaíocht i réitigh leighis agus dhigiteacha chun déileáil le héifeachtaí COVID-19 agus lena		Uimhir	0	30	R4	2023	Tacaíocht do thionscadail taighde leighis a bhaineann le COVID agus tionscadail a fhorbairt, agus tionscadail atá dírithe ar réitigh dhigiteacha chun dul i ngleic le hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta na géarchéime i bhfoirm tacaíocht deontais de minimis. Déanfar na conarthaí a dhámhachtain ar na tionscadail a roghnófar faoi na glaonna iomaíocha ar thograí a luaitear sa sprioc seo, i gcomhréir leis an Treoir

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta							Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
60	Infheistíocht 8: Fiontraíocht agus gnólachtaí nuálacha a chothú	Cuspóir sonrach	Líon na gcuideachtaí, na bhfiontraithe agus na ndaoine aonair a fhaigheann tacaíocht		Uimhir	0	450	R4	2024	Go gcuirfear seirbhísí meantóireachta, comhairleacha nó comhairleacha nó oiliúint ar fáil do chuideachtaí, d’fhiontraithe agus do dhaoine aonair chun fiontraíocht agus bailíochtú pleananna gnó a chothú.
61	Infheistíocht 9: Ciste cistí chun infheistíochtaí réamhshíl, teicneolaíochtaí digiteacha straitéiseacha nó seach-chuideachtaí a fhorbairt	Garsprioc	Aistriú cistí	Deimhniú aistrithe agus comhaontuithe dlíthiúla sínithe le bainisteoirí cistí				C2	2026	Aistreoidh an tSeicia íosmhéid EUR 54983897 don Chiste Eorpach Infheistíochta le haghaidh ciste cistí lena ndírítear ar ionstraimí cothromais le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha. Beidh comhaontuithe maoinithe dlí déanta ag CEI le bainisteoirí cistí don mhéid is gá chun 100 % d’infheistíocht RRF isteach sa tsaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Áireofar sa chomhaontú dlíthiúil idir an tSeicia agus CEI an ceanglas athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na saoráide. Ceanglófar le beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin go gcuirfear i bhfeidhm treoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU; agus an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[2]; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear

[2] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[3]; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[4] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[5]; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus a cheangal go bhfíoróidh an t-eintiteas iontaoibhe nó an t-idirghabhálaí airgeadais le haghaidh na n-idirbheart uile comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtionscadal, lena n-áirítear na hidirbhearta sin atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.
63	Infheistíocht 10: Idirnáisiúnú gnólachtaí	Cuspóir sonrach	Tacaíocht do ghnólachtaí		Uimhir	0	90	R4	2025	Cuirfear seirbhísí ar fáil do ghnólachtaí lena n-áirítear oiliúint, comhairliúchán, nó seirbhísí a dhíríonn ar ghnólachtaí a leathnú thar lear, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

[3] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[4] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra

[5] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
64	Infheistíocht 11: Bosca gainimh rialála digiteach i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais	Garsprioc	Seoladh an bhosca gainimh rialála dhigitigh	Bunú an bhosca gainimh sna réimsí tosaíochta rialáilte, amhail teicneolaíocht airgeadais (bunaithe ar an bPacáiste Airgeadais Dhigitigh) Teicneolaíocht Mórleabhar Dáilte (DLT)				C2	2024	Measfar bosca gainimh rialála dhigitigh le fócas píolótach i réimse na teicneolaíochta airgeadais agus DLT a bheith gníomhach agus ag oibriú nuair a bheidh cuideachtaí nuálacha in ann a n-iarratais ar thionscadail agus táirgí tástála a chur isteach.
65	Infheistíocht 11: Bosca gainimh rialála digiteach i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais	Cuspóir sonrach	Cuideachtaí atá rannpháirteach sa bhosca gainimh		Uimhir	0	20	R4	2025	20 cuideachta atá rannpháirteach sa bhosca gainimh.
66	Infheistíocht 12: Bonneagar cumarsáide candamaí a thógáil	Cuspóir sonrach	Cistí a eisíoc le haghaidh líonra candamach optúil		EUR	0	4.7 milliún	C2	2026	Íocfar EUR 4.7 milliún ar a laghad chun líonra candamach optúil a thógáil. Ní chuirfear aon mhéideanna a sholáthraítear le cláir nó ionstraimí eile de chuid an Aontais san áireamh sa mhéid sin.

E. COMHCHUID 1.5: CLAOCHLÚ DIGITEACH FIONTAR

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le tacú le digitiú na tionsclaíochta, le húsáid teicneolaíochtaí agus le teacht chun cinn sraith náisiúnta idirnasctha agus inbhuanaithe d'éiceachóras digiteach na hEorpa trí na Moil Nuálaíochta Digití. Tacóidh sé freisin le Saoráid Tástála agus Turgnamhaíochta Tagartha a chruthú. Cuspóir eile is ea tacaíocht a chumasú do chuideachtaí atá rannpháirteach i dTionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe i réimsí na micrileictreonaice, na nascachta, agus an bhonneagair agus na seirbhísí néalríomhaireachta, lena n-áirítear tionscadail i réimse na micreaphróiseálaithe atá nasctha leis an Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta Eorpach. Meastar go dtacóidh an chomhpháirt leis an aistriú glas, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, trí theicneolaíochtaí digiteacha, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 3 2020, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia infheistíocht ar an aistriú digiteach, go háirithe ar bhonneagar digiteach ardacmhainneachta agus ar theicneolaíochtaí digiteacha ardacmhainneachta, lena n-áirítear sna réigiúin ghuail.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. Go háirithe, áiritheofar le soláthar trealaimh TFC go gcomhlíonfar critéir ábhartha an Aontais maidir le soláthar poiblí glas chomh maith le ceanglais ábhartha an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus ábhair agus ceanglais athchúrsála a shocraítear i gcomhréir le Treoir 2009/125/CE, Treoir 2009/125/CE, Treoir 2011/65/AE agus Treoir (AE) 2021/19.

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Ardán a chruthú chun an geilleagar a dhigitiú

Is é is aidhm don bheart ardán a chur i bhfeidhm lena gcomhordófar idirnascadh na ngníomhaithe uile san éiceachóras digiteach náisiúnta amhail na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus náisiúnta, na Lárionaid Inniúlachta Náisiúnta sa Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta agus sa Chibearshlándáil, na saoráidí Tástála Tagartha agus Turgnamhaíochta Eorpacha, na lárionaid nuálaíochta, agus cliaint na lárionad sin uile. Is é is aidhm dó borradh a chur faoin gclaochlú digiteach, faoi úsáid teicneolaíochtaí, agus faoi earcú saineolaithe sa digitiú agus i dteicneolaíochtaí nua agus an tionsclaíocht agus seirbhísí a dhéanamh níos athléimní in aghaidh géarchéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 1: Digiteach Eorpach Nuálaíocht Moil

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le claochlú digiteach gnólachtaí agus an riaracháin phoiblí. Is éard atá sa bheart seo tacaíocht deontais do Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha. Foráiltear do chómhaoiniú ón gClár don Eoraip Dhigiteach.

Infheistíocht 2: Saoráid Eorpach Tástála Tagartha agus Turgnamhaíochta

Déanfar Saoráid Tástála Tagartha agus Turgnamhaíochta Eorpach a bhunú agus a chur i bhfeidhm. Is é is aidhm don bheart nasc a bhunú idir earnálacha taighde agus an geilleagar i gcoitinne (lena bhféadfaí na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus náisiúnta a áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh) trí ligean d'fhiontair (e.g. fiontair bheaga agus mheánmhéide) tástáil a dhéanamh ar na

teicneolaíochtaí agus na feidhmchláir a fhorbraítear ionas gur féidir iad a úsáid ina n-oibríochtaí. Foráiltear do chómhaoiniú ón gClár don Eoraip Dhigiteach.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 3: Claochlú digiteach gnólachtaí

Is é is cuspóir don bheart seo próisis dhigiteacha i ngnólachtaí a mhéadú. Is éard atá sa bheart seo tacaíocht deontais le haghaidh claochlú digiteach gnólachtaí.

Infheistíocht 5 — IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide (deontais)

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú leis an gcéad ghlúin eile de mhicreaphróiseálaithe, de leathsheoltóirí agus de theicneolaíochtaí cumarsáide a chruthú. Is éard atá sa bheart sin tacaíocht airgeadais do cheithre thionscadal phíolótacha atá rannpháirteach sa Mhicrileictreonaic agus i dTeicneolaíochtaí Cumarsáide IPCEI.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
68	Athchóiriú 1: Ardán a chruthú chun an geilleagar a dhigitiú	Garsprioc	Ardán a chruthú chun an geilleagar a dhigitiú	Seoladh oibriú an ardáin				C1	2022	Bunófar ardán chun an geilleagar a dhigitiú agus seolfar a oibriú. Comhordóidh an t-ardán idirnascadh na ngníomhaithe uile san éiceachóras digiteach náisiúnta amhail na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus náisiúnta, na Lárionaid Náisiúnta Inniúlachta sa Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta agus sa Chibearshlándáil, na saoráidí Tástála Tagartha agus Turgnamhaíochta Eorpacha, na lárionaid nuálaíochta, agus cliaint na lárionad sin uile. Feidhmeoidh an t-ardán mar cheann de mheithleacha an Choiste um Chlaochlú Digiteach atá le bunú mar athchóiriú 1 faoi chomhchuid 1.4.
69	Infheistíocht 1: Digiteach Eorpach Nuálaíocht Moil	Cuspóir sonrach	Cistí a eisíoc leis na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha		EUR	0	8.4 milliún	C2	2025	Íocfar EUR 8.4 milliún ar a laghad le Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha le haghaidh na ngníomhaíochtaí a sholáthraíonn na moil arb é is aidhm dóibh gnólachtaí nó eintitis phoiblí a dhigitiú. Ní chuirfear aon mhéideanna a sholáthraítear le cláir nó ionstraimí eile de chuid an Aontais san áireamh sa mhéid sin.
70	Infheistíocht 2: Saoráid Eorpach Tástála Tagartha agus Turgnamhaíochta	Cuspóir sonrach	Cistí a eisíoc leis an tSaoráid Eorpach Tástála Tagartha agus Turgnamhaíochta		EUR	0	2.3 milliún	R4	2024	Íocfar EUR 2.3 milliún ar a laghad leis an tSaoráid Eorpach Tástála Tagartha agus Turgnamhaíochta le haghaidh na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh é a chur ar a gcumas do chuideachtaí teicneolaíochtaí agus feidhmchláir a thástáil. Ní chuirfear aon mhéideanna a sholáthraítear le cláir nó ionstraimí eile de chuid an Aontais san áireamh sa mhéid sin.
71	Infheistíocht 3: Claochlú digiteach gnólachtaí	Cuspóir sonrach	Tacaíocht do ghnólachtaí le haghaidh claochlú digiteach		Líon na ngnólachtaí	0	377	C2	2025	Gheobhaidh 377 ngnólacht tacaíocht airgeadais dá gclaochlú digiteach.
255	Infheistíocht 5: IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí	Cuspóir sonrach	Réitigh phíolótacha		Uimhir	0	4	C2	2026	Cruthófar réiteach píolótach amháin in aghaidh an tionscadail agus eisíocfar 90 % den chistiú.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	Cumarsáide (deontais)									

E.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht 4 — IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide (iasachtaí)

Breisiú iasachta ar an gcuid deontais den infheistíocht. Is é is aidhm don infheistíocht tacaíocht a sholáthar i bhfoirm maoiniú deontais dhírigh do chuideachtaí roghnaithe atá rannpháirteach i gceithre thionscadal, atá mar chuid de Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide IPCEI. Síneofar comhaontuithe deontais le cuideachtaí roghnaithe atá rannpháirteach i dtionscadail IPCEI ME/CT.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2024

E.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
254	Infheistíocht 4: IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide	Garsprioc	Síniú comhaontuithe deontais	Comhaontuithe deontais sínithe				C2	2024	Síneofar comhaontú deontais le cuideachtaí roghnaithe atá rannpháirteach i dtionscadail IPCEI ME/CT.

F. COMHCHUID 1.6: LUASGHÉARÚ AGUS DIGITIÚ AN PHRÓISIS TÓGÁLA

Cuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán na nósanna imeachta atá fada agus trom ó thaobh riaracháin de faoi láthair chun ceadanna tógála a fháil.

Is é is aidhm don chomhpháirt an próiseas deonaithe ceadanna tógála a shimpliú agus a chuíchóiriú. Tá coinne leis go gcuirfidh an dlús mór atá curtha leis an bpróiseas ceadanna tógála feabhas mór ar an timpeallacht ghnó agus infheistíochta sa tSeicia. Tabharfar aghaidh freisin ar na coinníollacha maidir le digitiú an bhainistithe foirgneamh agus na pleanála spásúlachta a chur chun feidhme go cuí. Trí phróisis chomhthreomhara a chuíchóiriú go hiomlán ina nós imeachta aonair, chomh maith leis an athchóiriú institiúideach, mar a fhoráiltear sa dréacht-Chód Foirgníochta, d'fhéadfaí meán-am eisiúna ceada a ghiorrú ó na 5.4 bliana atá ann faoi láthair go 1.25 bliain ar an meán. Le digitiú an phróisis amháin, meastar go dtiocfaidh laghdú 2 bhliain ar a laghad ar an meán-am chun ceadúnas tógála a fháil.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 3 2019, ar dá réir a laghdóidh an tSeicia an t-ualach riaracháin ar infheistíocht agus a thacóidh sí le níos mó iomaíochta cáilíochtbhunaithe sa soláthar poiblí, agus le moladh tírshonrach 3 2020, ar dá réir a thacóidh an tSeicia le fiontair bheaga agus mheánmhéide trí úsáid níos mó a bhaint as ionstraimí airgeadais chun tacaíocht leachtachta a áirithiú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus ríomhsheirbhísí rialtais a fheabhsú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: An dlí tógála nua a chur chun feidhme agus an dlí criosaithe a chur i bhfeidhm

Is é is cuspóir don athchóiriú an próiseas ceadaithe tógála a shimpliú, a luathú agus a dhigitiú. Is éard atá san athchóiriú athruithe reachtacha chun an creat ceadaithe a nuachóiriú (teacht i bhfeidhm an dlí tógála nua) agus trealamh TF a sholáthar d'oifigí tógála.

Infheistíocht 1: Leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le digitiú i réimse na pleanála spásúlachta agus an bheartais tógála

Is é cuspóir na hinfheistíochta an digitiú a chur chun cinn i réimse an phróisis ceadaithe tógála agus na pleanála spásúlachta. Is éard atá i gceist leis sé chóras faisnéise a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Tairseach Tógálaithe agus Geothairseach Náisiúnta um Pleanáil Spásúil.

F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
72	Athchóiriú 1: An dlí tógála nua a chur chun feidhme agus an dlí criosaithe a chur i bhfeidhm	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí foirgníochta nua	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí foirgníochta nua				C3	2021	Tiocfaidh an dlí tógála nua i bhfeidhm lena gcuirfear dlús leis an bpróiseas ceadanna tógála, digitiú an phróisis, agus laghdú ar líon na n-údarás rialála.
73	Athchóiriú 1: An dlí tógála nua a chur chun feidhme agus an dlí criosaithe a chur i bhfeidhm	Cuspóir sonrach	Trealamh a cheannach d'údaráis foirgníochta		Oifigí tógála nó bardais	0	620	C3	2024	Gheobhaidh 620 oifig foirgnimh nó bardas ar a laghad trealamh TF.
74	Athchóiriú 1: An dlí tógála nua a chur chun feidhme agus an dlí criosaithe a chur i bhfeidhm	Cuspóir sonrach	Céatadán na nósanna imeachta ceadaithe a dúnadh		Céatadán	0	25	R4	2025	Dúnfar 25 % ar a laghad de na nósanna imeachta ceadaithe a seoladh idir 1.7.2024 agus 1.7.2025 faoin 31.12.2025.
77	Infheistíocht 1: Leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le digitiú i réimse na pleanála spásúlachta agus an bheartais tógála	Cuspóir sonrach	Córais TF nua nó uasghrádaithe sa phleanáil spásúlachta nó sa phróiseas ceadaithe foirgneamh		Uimhir	0	6	R4	2025	Cuirfear sé chóras TF nó níos mó i bhfeidhm i réimsí na pleanála spásúlachta agus an cheadaithe foirgneamh: Áireofar orthu sin an méid seo a leanas ar a laghad: • Tairseach na dtógálaithe • Geothairseach Náisiúnta Pleanála Spásúlachta

G. COMHCHUID 1.7: CLAOCHLÚ DIGITEACH AN RIARACHÁIN PHOIBLÍ

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an gcóras riaracháin phoiblí a dhigitiú. Is é is aidhm dó méadú a bhaint amach ar líon agus leibhéal uathoibrithe na seirbhísí digiteacha, méadú ar inniúlachtaí agus ar chomhordú idir-aireachta chomh maith le comhar maidir le córais agus seirbhísí poiblí nua a ullmhú agus a chruthú. Ar deireadh, tá sé d'aidhm aige feabhas a chur ar mhuinín na saoránach agus ar an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí poiblí trí fheidhmchláir ar líne. Tairbhíonn an chomhpháirt de shineirgí le comhpháirt 1.1 agus 1.2 lena dtugtar aghaidh freisin ar shaincheist dhigitiú feabhsaithe an réimse phoiblí.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 1 2023 —ar dá réir a leathnóidh an tSeicia infheistíocht phoiblí san aistriú digiteach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Gníomh reachtach maidir le bainistiú sonraí agus rochtain rialaithe ar shonraí

Is é is cuspóir don bheart seo athchóiriú a dhéanamh ar bhainistiú sonraí sa riarachán poiblí. Is éard atá sa bheart reachtaíocht nua a ghlacadh maidir le bainistiú sonraí agus rochtain rialaithe ar shonraí.

Infheistíocht 2: Feabhas a chur ar an gcóras bainistíochta le haghaidh seirbhísí digitithe

Is é cuspóir na hinfheistíochta seirbhísí riaracháin phoiblí digitithe a bharrfheabhsú. Is éard atá sa bheart meithleacha a bhunú, córais faisnéise a chruthú, suíomhanna gréasáin na n-údarás rialtais láir a nascadh le chéile faoi fhearann comhroinnte (*gov.cz), lárionad teagmhála riaracháin phoiblí agus stóras lárnach sonraí a chur ar fáil.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thascach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
347	Athchóiriú 1: Gníomh reachtach maidir le bainistiú sonraí agus rochtain rialaithe ar shonraí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh maidir le bainistiú sonraí agus rochtain rialaithe ar shonraí	Forálacha sa ghníomh				C2	2026	Tiocfaidh reachtaíocht i bhfeidhm maidir le bainistiú sonraí agus rochtain rialaithe ar shonraí. Maidir leis an reachtaíocht: • geothairseach náisiúnta a bhunú lena gceadófar sonraí rochtana ar fhaisnéis gheospásúil • oibleagáid a chur ar údaráis phoiblí a gcuid sonraí a chatalógú agus tuairisc a thabhairt orthu trí úsáid a bhaint as caighdeáin éigeantacha • ceart a chruthú chun rochtain a fháil ar na sonraí chun críoch taighde agus beartais, fad a chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos leis an dlí, fiú má chosnaítear na sonraí ar bhealach eile • bunús dlí a bhunú le haghaidh nascáil, athúsáid agus comhroinnt sonraí idir údaráis phoiblí chun críoch taighde agus beartais Féadfaidh idirthréimhse a bheith i bhfeidhm, bunaithe ar réasúnuithe iomchuí. Cuirfear tús leis an idirthréimhse sin faoi mhí Lúnasa 2026 agus beidh sí nasctha le srianta teicniúla nó teicneolaíocha.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
256	Infheistíocht 2: Feabhas a chur ar an gcóras bainistíochta le haghaidh seirbhísí digitithe	Garsprioc	Na meithleacha a bhunú	Meithleacha bunaithe				C2	2024	Bunófar na meithleacha seo a leanas i gComhairle an Rialtais um an tSochaí Faisnéise: 1. An Mheitheal um Néalríomhaireacht 2. An Mheitheal um Sholáthar Poiblí
258	Infheistíocht 2: Feabhas a chur ar an gcóras bainistíochta le haghaidh seirbhísí digitithe	Garsprioc	Bainistíocht TFC sa riarachán poiblí a thabhairt cothrom le dáta	Gníomhaíochtaí i mbainistíocht TFC				C2	2026	Is éard atá sa gharsprioc na gníomhaíochtaí seo a leanas: • Bunófar Tairseach na Lárionad Inniúlachta agus Córas Bainistíochta Fadtéarmach TFC. • Beidh suíomhanna gréasáin na n-údarás rialtais láir ag *gov.cz. • Beidh ríomhfhoghlaim maidir leis an gcumarsáid dhigiteach idir an pobal agus an rialtas ar fáil ar líne. • Cuirfear ionad teagmhála riaracháin phoiblí ar fáil. • Bunófar stóras lárnach sonraí.

H. COMHCHUID 2.1: IOMPAR INBHUANAITHE

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an iompar agus an leictrea-shoghluaisteacht san iompar d'iarnród a dhigitiú, sciar an iompair d'iarnród san iompar lasta agus paisinéirí a mhéadú, borradh a chur faoi thábhacht na soghluaisteachta gníomhaí i gcathracha, sábháilteacht tráchta a fheabhsú, agus tionchar an tráchta ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte phoiblí a laghdú. Tairbhíonn an chomhpháirt de shineirgí le comhpháirt 2.4, lena dtugtar aghaidh ar shaincheist na tiomána malartaí in iompar de bhóthar agus in iompar uirbeach de bhus.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 3 2019, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia an beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar iompar, go háirithe ar a hinbhuanaitheacht, ar a bonneagar digiteach, agus ar a haistriú ísealcharbóin agus fuinnimh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh (Moladh Tírshonrach 3, 2019) agus Moladh Tírshonrach 3 2020, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia ar infheistíochtaí san aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar bhonneagar digiteach agus teicneolaíochtaí digiteacha ardacmhainneachta, ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, agus ar bhonneagar iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear sna réigiúin ghuail (Moladh Tírshonrach 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. Go háirithe, ullmhófar 70 % ar a laghad den dramhaíl tógála agus scartála lena hathúsáid nó lena hathchúrsáil.

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Roghanna malartacha ar iompar de bhóthar atá dian ar fhuinneamh agus ar spás a fhorbairt

Is é is aidhm don bheart úsáid níos mó modhanna iompair atá níos tíosaí ar fhuinneamh a chur chun cinn le haghaidh sreafaí iompair rialta agus troma. Bainfear é sin amach trí na bearta seo a leanas:

- Cuirfidh cathracha aonair ina bhfuil níos mó ná 40000 áitritheoir próiseas an Phlean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUI) i gcrích. Déanfaidh comhlachtaí ionadaíocha na cathrach gach PSUI a fhormheas faoin 30 Meitheamh 2023. I gcás ina bhfuil SUMP simplithe ann cheana féin, ullmhófar leagan nua bunaithe ar Choincheap na Soghluaisteachta Uirbí agus Gníomhaí (UAMC) arna fhormheas ag an rialtas. Beidh ann na codanna uile is gá ó UAMC agus beidh sé bunaithe ar na hanailísí is gá ó UAMC amhail samhaltú tráchta agus suirbhéanna.
- Déanfar coincheap an iompair lasta, lena leagfar síos na coinníollacha chun sciar an iompair lasta iarnróid de mhéid iomlán an iompair lasta a mhéadú, don tréimhse 2024-2030, a fhormheas le rún ó Rialtas Phoblacht na Seice faoin 31 Nollaig 2023. Díreofar sa choincheap ar thacaíocht a thabhairt d'iompar ilmhódach, ar sheirbhísí iompair lasta a fheabhsú agus ar thionchar an iompair lasta ar an gcomhshaol, ar an tsláinte phoiblí agus ar an athrú aeráide domhanda a laghdú.
- Déanfaidh gach oibreoir iompair phoiblí (stát, réigiúin agus cathracha a oibríonn iompar poiblí) plean seirbhíse iompair 5 bliana a fhormheas faoin 31 Nollaig 2023, bunaithe ar Choincheap an Iompair Phoiblí arna fhormheas ag an rialtas.

Infheistíocht 1: Teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chur i bhfeidhm ar bhonneagar iarnróid

Is é cuspóir na hinfheistíochta rannchuidiú le digitiú an iompair iarnróid, tacú le sábháilteacht tráchta agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear, acmhainneacht an bhonneagair iarnróid a bharrfheabhsú agus idir-inoibritheacht idirnáisiúnta a áirithiú. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas ann:

- Sainmhíniú ar shraith tionscadal 41 km de línte a chumhdaítear leis an gCóras Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach — Iarnród (GSM-R), 20 bunstáisiún trasghlacadóra nuashuiteáilte nó cumhachtaithe ar bhealach níos iontaofa (BTS) agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí nua agus trealaimh le haghaidh bainistiú tráchta iarnróid faoin 30 Meitheamh 2022.
- Dhá thionscadal ón tacar réamhshainithe tionscadal atá san fheasachán thuas faoin 30 Meitheamh 2024.
- Sé thionscadal bhreise ón tacar réamhshainithe tionscadal sa philéar thuas, agus ar an gcaoi sin 41 km ar an iomlán de línte a chumhdaítear le GSM-R, 20 BTS nuashuiteáilte nó níos cumhachtaithe ar bhealach níos iontaofa a chur i gcrích agus teicneolaíochtaí agus trealamh nua a chur chun feidhme chun trácht iarnróid a bhainistiú.
- Cumhdach 67.6 km de línte réigiúnacha le trealamh réigiúnach um chosaint traenacha ETCS.

Infheistíocht 2: Leictriú iarnród

Is é is aidhm don bheart sciar an iompair breosla neamhiontaise a mhéadú trí línte a leictriú agus trí chumhacht tarraingthe a sholáthar ag fostáisiúin. Cruthóidh an infheistíocht na dálaí le haghaidh coigilteas fuinnimh sa chóras iompair freisin. Bainfear é sin amach trí na bearta seo a leanas:

- Sainmhíniú ar shraith tionscadal 39.7 km de línte leictrithe agus ceithre stáisiún fothaire tarraingthe ag a bhfuil cumhacht mhéadaithe nó cinn nuathógtha faoin 30 Meitheamh 2022.
- Dhá thionscadal ón tacar réamhshainithe tionscadal atá san urchar thuas a chur i gcrích faoin 30 Meitheamh 2023.
- Sé thionscadal bhreise ón tacar réamhshainithe tionscadal sa philéar thuas a chur i gcrích, agus ar an gcaoi sin 39.7 km ar an iomlán de línte leictrithe agus ceithre stáisiún friothála tarraingthe a bhfuil cumhacht mhéadaithe acu nó cinn nuathógtha a chur i gcrích faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht 3: An comhshaol a fheabhsú (tacaíocht bonneagair iarnróid)

Is é cuspóir na hinfheistíochta an comhshaol agus an aeráid a chosaint trí rannchuidiú le sciar an iompair d'iarnród in iompar lasta agus paisinéirí a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh stáisiún iarnróid a fheabhsú. Is éard atá san infheistíocht tionscadail a bhaineann le nuachóiriú línte iarnróid, atógáil stáisiún iarnróid agus atógáil foirgneamh stáisiúin.

Infheistíocht 4: Sábháilteacht iompair de bhóthar agus d'iarnród

Is é is aidhm don bheart sábháilteacht tráchta a fheabhsú trí bhearta nithiúla sábháilteachta a dhéanamh ag trasnuithe iarnróid, agus trí bhail na ndroichead agus na struchtúr tollán a fheabhsú. I gcathracha agus i gceirtleáin, déanfar infheistíochtaí chun sciar na dturas gluaisteán aonair a laghdú agus chun sciar an iompair phoiblí agus na modhanna gníomhacha iompair a mhéadú, lena bhféadfaí coisithe agus rothaíocht a áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh. Tá conairí rothar tógála agus bealaí saor ó bhacainní do choisithe mar chuid den infheistíocht freisin, chun sábháilteacht rannpháirtithe leochaileacha tráchta a fheabhsú mar chuid de chur chun cinn na soghluaisteachta gníomhaí, go háirithe i gcathracha. Bainfear é sin amach trí na bearta seo a leanas:

- Tionscadail a chur i gcrích ag a bhfuil 45 chrosaire comhréidh le sábháilteacht mhéadaithe (i.e. le córas rabhaidh splancsholais nuashuiteáilte nó nuachóirithe nó suiteáil sábháilteachta mheicniúil), 25 km de raonta rothar tógtha, cosáin thaobhacha agus bealaí saor ó bhacainní, agus 3 dhroichead nó tollán iarnróid nuachóirithe faoin 30 Meitheamh 2022.

- Tionscadail a chur i gcrích lena mbaineann 115 chrosaire comhréidh bhreise le sábháilteacht mhéadaithe (i.e. le córas rabhaidh splancsholais nuashuiteáilte nó nuachóirithe nó suiteáil sábháilteachta mheicniúil), 24 km breise de raonta rothar tógtha, cosáin coisithe agus bealaí saor ó bhacainní, agus 3 dhroichead nó tollán iarnróid nuachóirithe bhreise faoin 31 Nollaig 2022.
- Tionscadail a chur i gcrích lena mbaineann 131 chrosaire comhréidh bhreise le sábháilteacht mhéadaithe (i.e. le córas rabhaidh splancsholais nuashuiteáilte nó nuachóirithe nó suiteáil sábháilteachta mheicniúil) agus 1 droichead nó tollán iarnróid nuachóirithe breise faoin 31 Nollaig 2024.
- Tionscadail a chur i gcrích lena mbaineann 36 km breise de raonta rothar tógtha, cosáin thaobhacha agus bealaí saor ó bhacainní agus 1 dhroichead iarnróid nuachóirithe breise nó tollán nuachóirithe breise faoin 31 Nollaig 2023.

H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
78	Athchóiriú 1: Roghanna malartacha ar iompar de bhóthar atá dian ar fhuinneamh agus ar spás a chruthú	Garsprioc	Formheas na bpleananna soghluaisteachta	Formheas an phlean ag comhlachtaí ionadaíocha na cathrach				C2	2023	Beidh Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUI) formheasta ag comhlachtaí ionadaíocha na cathrach ag gach cathair reachtúil i bPoblacht na Seice (cathracha ina bhfuil daonra os cionn 40000) bunaithe ar Choincheap na Soghluaisteachta Uirbí agus Gníomhaí arna fhormheas ag an rialtas.
79	Athchóiriú 1: Roghanna malartacha ar iompar de bhóthar atá dian ar fhuinneamh agus ar spás a chruthú	Garsprioc	Formheas agus teacht i bhfeidhm an Choincheapa nua maidir le hIompar Lastais	Formheas ón rialtas				R4	2023	Formheasfaidh an rialtas an Coincheap nua maidir le hIompar Lasta, lena leagfar síos na coinníollacha chun sciar an iompair lasta iarnróid de mhéid iomlán an iompair a mhéadú don tréimhse 2024-2030. Díreofar sa choincheap ar thacaíocht a thabhairt d'iompar ilmhódach, ar sheirbhísí iompair lasta a fheabhsú agus ar thionchar an iompair lasta ar an gcomhshaol, ar an tsláinte phoiblí agus ar an athrú aeráide domhanda a laghdú.
80	Athchóiriú 1: Roghanna malartacha ar iompar de bhóthar atá dian ar fhuinneamh agus ar spás a chruthú	Garsprioc	Formheas na bpleananna seirbhíse iompair.	Formheas ó oibreoirí iompair phoiblí				R4	2023	Déanfaidh gach oibreoir iompair phoiblí (stát, réigiúin agus cathracha a oibríonn iompar poiblí) plean seirbhíse iompair 5 bliana a fhormheas, bunaithe ar Choincheap an Iompair Phoiblí arna fhormheas ag an rialtas.
83	Infheistíocht 1: Teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chur i bhfeidhm ar bhonneagar iarnróid	Garsprioc	Sainmhíniú ar an tacar tionscadal le haghaidh Infheistíocht 1	Sainmhíniú ar an tsraith tionscadal ón Aireacht Iompair				C2	2022	Sainmhíniú ar thacar tionscadal 41 km de línte a chumhdaítear leis an gCóras Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach — Iarnród (GSM-R), 20 bunstáisiún

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										trasghlacadóra nuashuiteáilte nó cumhachtaithe ar bhealach níos iontaofa (BTS) agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí nua agus trealaimh le haghaidh bainistiú tráchta iarnróid.
84	Infheistíocht 1: Teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chur i bhfeidhm ar bhonneagar iarnróid	Cuspóir sonrach	Dhá thionscadal ó shraith réamhshainithe tionscadal a chur i gcrích.		Líon na dtionscadal	0	2	C2	2024	Dhá thionscadal ón tsraith réamhshainithe de 41 km de línte a chumhdaítear leis an gCóras Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach — Iarnród (GSM-R), 20 bunstáisiún trasghlacadóra nuashuiteáilte nó cumhachtaithe ar bhealach níos iontaofa (BTS) a chur i gcrích agus teicneolaíochtaí agus trealamh nua a chur chun feidhme chun trácht iarnróid a bhainistiú.
85	Infheistíocht 1: Teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chur i bhfeidhm ar bhonneagar iarnróid	Cuspóir sonrach	Sé thionscadal bhreise ó shraith réamhshainithe tionscadal a chur i gcrích.		Líon na dtionscadal	2	8	R4	2024	Sé thionscadal bhreise a chur i gcrích (8 san iomlán) ón tacar réamhshainithe tionscadal de 41 km de línte a chumhdaítear leis an gCóras Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach — Iarnród (GSM-R), 20 stáisiún bun-trasghlacadóra nuashuiteáilte nó cumhachtaithe ar bhealach níos iontaofa (BTS) agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí agus trealaimh nua le haghaidh bainistiú tráchta iarnróid.
348	Infheistíocht 1: Teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chur i bhfeidhm ar bhonneagar iarnróid	Cuspóir sonrach	Cumhdach 67.6 km de línte le ETCS.		ciliméadair		67.6	C2	2026	Cumhdach 67.6 km de línte réigiúnacha le trealamh réigiúnach um chosaint traenacha ETCS.
86	Infheistíocht 2: Leictriú iarnród	Garsprioc	Sainmhíniú ar an tsraith tionscadal le haghaidh Infheistíocht 2	Sainmhíniú ar an tsraith tionscadal ón Aireacht Iompair				C2	2022	Sainmhíniú ar shraith tionscadal lena gcuimsítear 39.7 km de línte leictrithe agus 4 stáisiún fothaire tarraingthe a bhfuil cumhacht

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										mhéadaithe nó nuathógtha acu.
87	Infheistíocht 2: Leictriú iarnród	Cuspóir sonrach	Dhá thionscadal ó shraith tionscadal réamhshainithe a chur i gcrích		Líon na dtionscadal	0	2	C2	2023	Dhá thionscadal a chur i gcrích ón tsraith réamhshainithe tionscadal ina bhfuil 39.7 km de línte leictrithe agus 4 stáisiún friothálacha tarraingthe a bhfuil cumhacht mhéadaithe acu nó atá nuathógtha.
88	Infheistíocht 2: Leictriú iarnród	Cuspóir sonrach	Sé thionscadal bhreise ó shraith tionscadal réamhshainithe a chur i gcrích		Líon na dtionscadal	2	8	C2	2024	Sé thionscadal bhreise (8 san iomlán) a chur i gcrích ón tacar réamhshainithe tionscadal ina bhfuil 39.7 km de línte leictrithe agus 4 stáisiún friothála tarraingthe a bhfuil cumhacht mhéadaithe acu nó atá nuathógtha.
89	Infheistíocht 3: An comhshaol a fheabhsú (tacaíocht bonneagair iarnróid)	Garsprioc	Sainmhíniú ar an tsraith tionscadal le haghaidh Infheistíocht 3	Sainmhíniú ar an tsraith tionscadal ón Aireacht Iompair				C2	2022	Sainmhíniú ar shraith tionscadal lena gcuimsítear 121.88 km de línte nuachóirithe,9 stáisiún iarnróid nuachóirithe le rianta atógtha agus ardáin inrochtana atá sábháilte agus saor ó bhacainní agus 35 fhoirgneamh stáisiúin le déine fuinnimh laghdaithe, compord méadaithe agus seirbhísí níos fearr do phaisinéirí.
90	Infheistíocht 3: An comhshaol a fheabhsú (tacaíocht bonneagair iarnróid)	Cuspóir sonrach	26 thionscadal ó shraith réamhshainithe tionscadal a chur i gcrích		Líon na dtionscadal	0	26	R4	2022	26 thionscadal a thabhairt chun críche ón tacar réamhshainithe tionscadal lena gcuimsítear 121.88 km de línte nuachóirithe, 9 stáisiún iarnróid nuachóirithe a bhfuil rian atógtha acu agus ardáin inrochtana atá sábháilte agus saor ó bhacainní agus 35 fhoirgneamh stáisiúin a bhfuil déine fuinnimh laghdaithe acu, compord méadaithe agus seirbhísí níos fearr do phaisinéirí.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
91	Infheistíocht 3: An comhshaol a fheabhsú (tacaíocht bonneagair iarnróid)	Cuspóir sonrach	11 thionscadal breise ó shraith tionscadal réamhshainithe a chur i gcrích		Líon na dtionscadal	26	37	R4	2023	11 thionscadal bhreise a thabhairt chun críche ón tacar réamhshainithe tionscadal ina bhfuil 121.88 km de línte arna nuachóiriú, arna bhfeabhsú go hoibríochtúil nó atá níos frithsheasmhaí in aghaidh tionchair nádúrtha, 9 stáisiún iarnróid nuachóirithe a bhfuil rian atógtha acu agus ardáin inrochtana atá sábháilte agus saor ó bhacainní agus 35 fhoirgneamh stáisiúin a bhfuil déine fuinnimh laghdaithe acu, compord méadaithe agus seirbhísí níos fearr do phaisinéirí.
261	Infheistíocht 3: An comhshaol a fheabhsú (tacaíocht bonneagair iarnróid)	Cuspóir sonrach	19 dtionscadal breise ó shraith tionscadal réamhshainithe a chur i gcrích		Líon na dtionscadal	37	56	C2	2025	Glacadh le 19 dtionscadal breise ón tacar réamhshainithe tionscadal lena gcuimsítear 121.88 km de línte nuachóirithe, 9 stáisiún iarnróid nuachóirithe a bhfuil rian atógtha acu, agus ardáin saor ó bhacainní agus inrochtana go sábháilte agus 35 fhoirgneamh stáisiúin athchóirithe. A mhéid a bhaineann leis na 35 fhoirgneamh stáisiúin athchóirithe, bainfear amach leis na hoibreacha atógála meánlaghdú 30 % ar a laghad ar ídiú fuinnimh ar fud na stáisiún athchóirithe uile.
92	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid, droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)	Cuspóir sonrach	Crosairí comhréidhe le sábháilteacht mhéadaithe a thabhairt chun críche		Líon na dtrasnuithe comhréidhe a bhfuil sábháilteacht mhéadaithe ag baint leo	0	45	C2	2022	Crosairí comhréidhe a bhfuil leibhéal cosanta méadaithe acu, ina bhfuil córas rabhaidh splancsholais nuashuiteáilte nó nuachóirithe nó suiteáil sábháilteachta mheicniúil nuashuiteáilte nó nuachóirithe.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
93	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid, droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)	Cuspóir sonrach	Cosáin rothaíochta thógtha, cosáin coisithe agus bealaí saor ó bhacainní a thabhairt chun críche		Fad na gcosán rothaíochta tógtha, na gcosán, na mbealaí saor ó bhacainní — km	0	25	C2	2022	Fad an chosáin rothaíochta thógtha/an chosáin/na mbealaí saor ó bhacainn.
94	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid, droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)	Cuspóir sonrach	Droichid nó tolláin iarnróid nuachóirithe a thabhairt chun críche		Líon na struchtúr saorga iarnróid nuachóirithe (droichid/tolláin)	0	3	C2	2022	Struchtúr saorga iarnróid nuachóirithe don chéim oibríochtúil.
95	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid, droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)	Cuspóir sonrach	Droichid nó tolláin iarnróid nuachóirithe a thabhairt chun críche		Líon na struchtúr saorga iarnróid nuachóirithe (droichid/tolláin)	3	6	R4	2022	Struchtúr saorga iarnróid nuachóirithe don chéim oibríochtúil.
96	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid, droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)	Cuspóir sonrach	Crosairí comhréidhe le sábháilteacht mhéadaithe a thabhairt chun críche		Líon na dtrasnuithe comhréidhe a bhfuil sábháilteacht mhéadaithe ag baint leo	45	160	R4	2022	Crosairí comhréidhe a bhfuil leibhéal cosanta méadaithe acu, ina bhfuil córas rabhaidh splancsholais nuashuiteáilte nó nuachóirithe nó suiteáil sábháilteachta mheicniúil nuashuiteáilte nó nuachóirithe.
97	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid, droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)	Cuspóir sonrach	Cosáin rothaíochta thógtha, cosáin coisithe agus bealaí saor ó bhacainní a thabhairt chun críche		Fad na gcosán rothaíochta tógtha, na gcosán, na mbealaí saor ó bhacainní — km	25	49	R4	2022	Fad an chosáin rothaíochta thógtha/an chosáin/an bhealaigh saor ó bhacainn.
98	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid,	Cuspóir sonrach	Crosairí comhréidhe le sábháilteacht mhéadaithe a		Líon na dtrasnuithe comhréidhe a bhfuil sábháilteacht mhéadaithe ag baint	160	291	R4	2024	Crosairí comhréidhe a bhfuil leibhéal cosanta méadaithe acu, ina bhfuil córas rabhaidh splancsholais nuashuiteáilte nó

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)		thabhairt chun críche		leo					nuachóirithe nó suiteáil sábháilteachta mheicniúil nuashuiteáilte nó nuachóirithe.
99	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid, droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)	Cuspóir sonrach	Droichid nó tolláin iarnróid nuachóirithe a thabhairt chun críche		Líon na struchtúr saorga iarnróid nuachóirithe (droichid/tolláin)	6	7	C2	2023	Struchtúr saorga iarnróid nuachóirithe don chéim oibríochtúil.
100	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid, droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)	Cuspóir sonrach	Cosáin rothaíochta thógtha, cosáin coisithe agus bealaí saor ó bhacainní a thabhairt chun críche		Fad na gcosán rothaíochta tógtha, na gcosán, na mbealaí saor ó bhacainní — km	49	85	R4	2023	Fad an chosáin rothaíochta thógtha/an chosáin/na mbealaí saor ó bhacainn.
101	Infheistíocht 4: Sábháilteacht ar bhóithre agus ar iarnróid (crosbhealaí iarnróid, droichid agus tolláin, raonta rothar agus bealaí saor ó bhacainní)	Cuspóir sonrach	Droichid nó tolláin iarnróid nuachóirithe a thabhairt chun críche		Líon na struchtúr saorga iarnróid nuachóirithe (droichid/tolláin)	7	8	R4	2023	Struchtúr saorga iarnróid nuachóirithe don chéim oibríochtúil.

I. COMHCHUID 2.2: ÍDIÚ FUINNIMH A LAGHDÚ SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar dhúshlán na héifeachtúlachta fuinnimh san earnáil phoiblí trí athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh stáit agus phoiblí agus trí shoilsiú poiblí a nuachóiriú.

Léiríonn an chomhpháirt gealltanais na Seicia feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh an gheilleagair náisiúnta faoi 2030. Is é is aidhm dó tomhaltas deiridh fuinnimh a laghdú sna foirgnimh ábhartha stáit agus phoiblí, líon na n-athchóirithe ardcháilíochta san earnáil phoiblí a mhéadú agus tomhaltas deiridh fuinnimh an tsoilsithe phoiblí a laghdú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le haistriú ísealcharbóin agus fuinnimh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh (moladh tírshonrach 3 2019) agus maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (moladh tírshonrach 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. Go háirithe, agus feabhas á chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh stáit agus poiblí, ullmhófar 70 % ar a laghad den dramhaíl tógála agus scartála lena hathúsáid nó lena hathchúrsáil.

I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht 1: Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh stáit a fheabhsú

Is é cuspóir an bhirt an tomhaltas fuinnimh deiridh i bhfoirgnimh an riaracháin stáit a laghdú agus líon na n-athchóirithe measartha domhain nó domhain a mhéadú. Is éard atá sa bheart tacú le 22 thionscadal athchóirithe foirgneamh ar a laghad. Is éard atá i gceist leis freisin samhailchonradh a fhoilsiú le haghaidh sheirbhísí an mhodha Conartha um Fheidhmíocht Fuinnimh.

Infheistíocht 2: Éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras soilsithe phoiblí a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart athchóiriú an tsoilsithe phoiblí a chumasú ar fud bardais éagsúla i bPoblacht na Seice agus laghdú 30 % ar a laghad ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil a bhaint amach ar an meán. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacú le 800 tionscadal ar a laghad chun córais soilsithe phoiblí a athchóiriú i mbardais éagsúla sa tSeicia.

Infheistíocht 3: Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh poiblí a fheabhsú

Is é cuspóir an bhirt tomhaltas fuinnimh deiridh i bhfoirgnimh phoiblí a laghdú agus líon na n-athchóirithe measartha domhain nó domhain a mhéadú. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacú le 220 tionscadal athchóirithe foirgneamh ar a laghad.

I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
102	Infheistíocht 1: Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh stáit a fheabhsú	Garsprioc	Glacadh an tsamhailchonartha ag an Aireacht Tionscail agus Trádála le haghaidh sheirbhísí an mhodha Conartha um Fheidhmíocht Fuinnimh le ráthaíocht	Foilsiú an tsamhailchonartha ar shuíomh gréasáin na hAireachta				R4	2021	Glacann an Aireacht Tionscail agus Trádála samhailchonradh le haghaidh sheirbhísí an mhodha Conartha um Fheidhmíocht Fuinnimh le ráthaíocht chun cur chun feidhme tionscadal a chur chun cinn agus béim á leagan ar thoradh an choigiltis fuinnimh a uasmhéadú i gcomparáid leis na cistí a chaitear. Foilseofar an conradh samplach ar shuíomh gréasáin na hAireachta.
103	Infheistíocht 1: Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh stáit a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Cinntí deontais sínithe le haghaidh 75 % de thionscadail athchóirithe foirgneamh dá dtugtar tacaíocht lena mbaintear amach coigilteas fuinnimh phríomhúil 30 % ar a laghad		Céatadán	0	75	R4	2024	San iomlán, tacófar le 32 thionscadal athchóirithe foirgneamh ar a laghad faoin mbeart seo. Bainfear an sprioc amach nuair a bheidh 75 % de thionscadail ann a bhfuil cinntí deontais sínithe ina leith (is é sin 24 cinn ar a laghad). Cuirfear tionscadail faoi bhráid MIT laistigh de ghlao leanúnach agus déanfar meastóireacht orthu bunaithe ar na critéir bhunaithe, tar éis nós imeachta roghnúcháin trédhearcach. Ní roghnófar ach tionscadail lena mbaintear amach, ar an meán, laghdú 30 % ar a laghad ar ídiú fuinnimh phríomhúil nó laghdú 30 % ar astaíochtaí CO2 don chur chun feidhme. Tagraíonn an sprioc 75 % do thionscadail a bhfuil cinntí deontais sínithe acu. Beidh infheistíochtaí in ionadaigh choire le gás nádúrtha mar fhoinse fuinnimh teoranta d'uasmhéid 20 % den leithdháileadh foriomlán.
104	Infheistíocht 1: Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh stáit a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Tuairim ó Shaineolaithe maidir leis an Measúnú Fuinnimh nó an Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh a chur isteach		Tuairim ó Shaineolaí an Mheasúnaithe Fuinnimh	0	22	C1	2026	Bainfear an sprioc amach nuair a chuirfear Tuairim Saineolaithe an Mheasúnaithe Fuinnimh nó na nDeimhnithe Feidhmíochta Fuinnimh isteach le haghaidh 22 thionscadal ar a laghad dá dtugtar tacaíocht.
105	Infheistíocht 2: Feidhmíocht fuinnimh na gcóras soilsithe phoiblí a fheabhsú	Garsprioc	Glacadh dhoiciméadacht an chláir ag an Aireacht Tionscail agus Trádála maidir le bearta chun córais soilsithe phoiblí a athchóiriú	Foilsiú dhoiciméadacht an chláir ar shuíomh gréasáin na hAireachta				R4	2021	Ullmhaíonn an Aireacht Tionscail agus Trádála doiciméadacht an chláir agus foilsítear í ar shuíomh gréasáin na hAireachta. Bunóidh sé an tráthchlár agus na coinníollacha chun tacú leis na bearta chun córais soilsithe phoiblí a athchóiriú, lena n-áirítear na heilimintí cliste, i bhfianaise an chuspóra 30 % ar a laghad de choigilteas fuinnimh phríomhúil a bhaint amach.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
106	Infheistíocht 2: Feidhmíocht fuinnimh na gcóras soilsithe phoiblí a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Cinntí deontais sínithe le haghaidh 80 % de thionscadail chun athchóiriú a dhéanamh ar chórais soilsithe phoiblí lena mbaintear amach coigilteas fuinnimh phríomhúil 30 % ar a laghad		Céatadán	0	80	R4	2024	San iomlán, tacófar le 800 tionscadal athchóirithe ar chórais soilsithe phoiblí faoin mbeart seo. Bainfear an sprioc amach nuair a shíneofar cinntí deontais le haghaidh 80 % díobh (is é sin 640) faoin 31 Nollaig 2024. Déanfar meastóireacht ar thionscadail agus roghnófar iad gach bliain, bunaithe ar na critéir bhunaithe, tar éis nós imeachta roghnúcháin trédhearcach. Tagraíonn an sprioc 80 % do thionscadail a bhfuil cinneadh deontais sínithe acu.
107	Infheistíocht 2: Feidhmíocht fuinnimh na gcóras soilsithe phoiblí a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Tuairim ó Shaineolaithe maidir leis an Measúnú Fuinnimh nó an Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh a chur isteach		Tuairim ó Shaineolaí an Mheasúnaithe Fuinnimh	0	800	C1	2026	Bainfear an sprioc amach nuair a chuirfear Tuairim Saineolaithe an Mheasúnaithe Fuinnimh nó na nDeimhnithe Feidhmíochta Fuinnimh isteach le haghaidh 800 tionscadal ar a laghad.
108	Infheistíocht 3: Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh poiblí a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Dámhachtain 75 % de chonarthaí poiblí le haghaidh tionscadail athchóirithe foirgneamh lena mbaintear amach coigilteas fuinnimh phríomhúil 30 % ar a laghad		Céatadán	0	75	R4	2023	San iomlán, tacófar le 220 tionscadal athchóirithe foirgneamh ar a laghad faoin mbeart seo. Bainfear an sprioc amach faoi 75 % de 220 tionscadal a bhfuil gníomhartha dlí eisithe acu (i.e. 165 thionscadal ar a laghad) faoin 31 Nollaig 2023. Cuirfear tionscadail faoi bhráid Chiste Comhshaoil an Stáit laistigh de ghlao leanúnach agus déanfar meastóireacht orthu bunaithe ar na critéir bhunaithe, tar éis nós imeachta roghnúcháin trédhearcach. Ní roghnófar ach tionscadail lena mbaintear amach, ar an meán, laghdú 30 % ar a laghad ar ídiú fuinnimh phríomhúil nó laghdú 30 % ar astaíochtaí CO2 lena gcur chun feidhme. Tagraíonn an sprioc 75 % do thionscadail a bhfuil gníomhartha dlí eisithe ina leith. Infheistíochtaí in ionadaigh choire lena n-áirítear iad sin ina bhfuil gás nádúrtha mar fhoinse fuinnimh, beidh siad teoranta d'uasmhéid 20 % den leithdháileadh foriomlán.
109	Infheistíocht 3: Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh poiblí a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Ídiú fuinnimh a laghdú		Coigilteas fuinnimh i ngiúil tera in aghaidh na bliana	0	310	C2	2026	Bainfear an sprioc amach maidir le tomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí a laghdú 310 TJ/in aghaidh na bliana.

J. COMHCHUID 2.3: AISTRIÚ CHUIG FOINSÍ FUINNIMH NÍOS GLAINE

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le haistriú ó bhreoslaí iontaise go foinsí fuinnimh astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha amhail fuinneamh fótavoltach. Is é is aidhm dó déine astaíochtaí gheilleagar na Seicia agus astaíochtaí truailleán a laghdú, chomh maith leis an líonra dáileacháin fuinnimh teasa a nuachóiriú, go háirithe trí uisce te a chur in ionad gaile, rud a mbeidh coigilteas i bhfoinsí fuinnimh phríomhúil mar thoradh air.

Tacaíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh a thabhairt ar mholadh 3 2019 a bhaineann go sonrachle tír faoi leith, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha agus moladh 3 2020 a bhaineann go sonrach le tír faoi leith á gcur san áireamh, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia infheistíocht ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, lena n-áirítear sna réigiúin ghuail.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Dáileadh teasa i gcórais téimh ceantair a nuachóiriú

Is é is aidhm don bheart seo téamh ceantair a dhícharbónú, go háirithe trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, trí aistriú ó dhóchán guail go foinsí fuinnimh in-athnuaite, trí dhóchán gáis nádúrtha, bithmhaise agus dramhaíola, agus trí astaíochtaí agus truailleáin gás ceaptha teasa a laghdú.

Déanfar measúnú ar an mbealach i dtreo dhícharbónú an téimh ceantair sa tSeicia agus foilseofar é. Beidh an measúnú sin ina threoir do na hinfheistíochtaí arna maoiniú faoin gcomhpháirt seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seice.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 2: Dáileadh teasa i gcórais téimh ceantair a nuachóiriú

Is é is aidhm don bheart seo infheistíocht bhithmhaise a chur chun cinn bunaithe ar dhramhaíl bhithmhaise agus ar iarmhair is féidir a eastóscadh ar bhealach inbhuanaithe, agus bearta laghdaithe astaíochtaí ag gabháil léi.

Foilseofar measúnú ar chonairí úsáid inbhuanaithe an bhithfhuinnimh agus an tsoláthair bithmhaise sa tSeicia agus ar a thionchar ar úsáid talún, ar athrú ar úsáid talún agus ar linnte foraoiseachta agus ar an mbithéagsúlacht chomh maith lena thionchar ar cháilíocht an aeir don tréimhse 2020-2030. Beidh an measúnú sin ina threoir d'infheistíochtaí bithfhuinnimh a mhaoinítear faoi chomhchodanna 2.2, 2.3 agus 2.5 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 1: Foinsí nua fuinnimh fhótavoltaigh a fhorbairt

Is é is aidhm don bheart seo foinsí fuinnimh fhótavoltaigh a chur in ionad cuid de na foinsí fuinnimh gualbhreoslaithe ar a laghad.

Déanfar toilleadh nua d'fhoinsí fuinnimh fhótavoltaigh 270 MWp a shuiteáil agus a chur i bhfeidhm. Áireofar ar na tionscadail gléasraí cumhachta fótavoltaí a thógáil ar dhíonta foirgneamh cuideachtaí lena n-áirítear scáthláin (a bhféadfadh scáthláin le haghaidh gluaisteán, meaisíní tógála nó stóráil ábhair a bheith san áireamh leo ach gan a bheith teoranta dóibh). Féadfar tacú le carnadh fuinnimh freisin.

Cuirfear an infheistíocht sin chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 2: Dáileadh teasa i gcórais téimh ceantair a nuachóiriú

Is é is cuspóir don bheart an t-aistriú chuig córas téimh ceantair níos glaine agus níos éifeachtúla a bhaint amach, córas atá ag teacht le spriocanna dícharbónaithe agus aeráide níos leithne na Seicia.

Tá na bearta seo a leanas san infheistíocht:

- Plean nithiúil le haghaidh infheistíocht i saoráidí giniúna teasa agus cumhachta.
- Coigilteas fuinnimh phríomhúil measta 245 327 GJ a bhaint amach mar thoradh ar nuachóiriú na líonraí dáileacháin teasa.

J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
110	Athchóiriú 1: Dáileadh teasa i gcórais téimh ceantair a nuachóiriú	Garsprioc	Measúnú ar dhícharbónú an téimh ceantair sa tSeicia	Foilsiú an mheasúnaithe				R4	2023	Déanfaidh agus foilseoidh an Aireacht Tionscail agus Trádála measúnú ar an mbealach i dtreo dhícharbónú an téimh ceantair sa tSeicia a chomhlíonann ceanglais dhlíthiúla an Aontais lena n-áirítear na ceanglais atá sa Treoraíocht Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01). Beidh an measúnú sin ina threoir d'infheistíochtaí arna maoiniú faoin gcomhpháirt seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia chomh maith le hinfheistíocht i réimse dhícharbónú an téimh ceantair arna maoiniú ag cistí eile de chuid an Aontais nó ag foinsí náisiúnta i gcomhréir iomlán leis na ceanglais dhlíthiúla, lena n-áirítear maidir le gan dochar suntasach a dhéanamh.
111	Athchóiriú 2: Dáileadh teasa i gcórais téimh ceantair a nuachóiriú	Garsprioc	Measúnú ar chonairí an tsoláthair inbhuanaithe bithmhaise sa tSeicia	Foilsiú an mheasúnaithe				R4	2023	Déanfaidh agus foilseoidh an Aireacht Comhshaoil, i gcomhar leis an Aireacht Tionscail agus Trádála agus leis an Aireacht Talmhaíochta, measúnú ar na conairí maidir le húsáid inbhuanaithe bithfhuinnimh agus soláthar bithmhaise sa tSeicia agus ar a tionchair ar an Talamhúsáid, ar an Athrú ar Thalamhúsáid agus ar linnte Foraoiseachta agus ar an mbithéagsúlacht chomh maith leis an tionchar ar cháilíocht an aeir don tréimhse 2020-2030, i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla an Aontais lena n-áirítear na ceanglais a áirítear sa Treoraíocht Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01). Treorófar leis an measúnú sin infheistíochtaí bithfhuinnimh a mhaoinítear faoi chomhchodanna 2.2, 2.3 agus 2.5 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia chomh maith le hinfheistíocht bhithfhuinnimh i réimsí an fhuinnimh, an iompair, an chomhshaoil, an athraithe aeráide, na foraoiseachta nó na talmhaíochta a mhaoinítear le cistí eile de chuid an Aontais nó le foinsí náisiúnta i gcomhréir iomlán leis na ceanglais dhlíthiúla lena n-áirítear maidir le gan dochar suntasach a dhéanamh.
112	Infheistíocht 1: Foinsí nua fuinnimh fhótavoltaigh a fhorbairt	Cuspóir sonrach	Méadú ar thoilleadh suiteáilte foinsí FVE		MWp	0	270	R4	2024	Déanfar toilleadh nua d'fhoinsí fuinnimh fhótavoltaigh 270 MWp a shuiteáil agus a chur i bhfeidhm.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
113	Infheistíocht 2: Dáileadh teasa i gcórais téimh ceantair a nuachóiriú	Garsprioc	Plean le haghaidh infheistíocht i saoráidí giniúna teasa/cumhachta	Tíolacadh don Choimisiún				C2	2024	Sula gcuirfear an infheistíocht líonra i gcrích, soláthróidh an tSeicia plean nithiúil le haghaidh infheistíocht i saoráidí giniúna teasa/cumhachta nach n-úsáideann breoslaí soladacha mar fhoinse teasa, seachas na saoráidí sin a chomhlíonann na critéir seo a leanas maidir le giniúint teasa gásbhunaithe nádúrtha: • Tá na gréasáin ina gcuid de 'chórais éifeachtúla téimh agus fuaraithe ceantair' (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(41) de Threoir 2012/27/AE); agus • Faigheann siad teas/fuarú ó shaoráidí atá slán i bhfad na haimsire, solúbtha agus éifeachtúil ó thaobh táirgeadh teasa gásadhainte de ag a bhfuil astaíocht GCT níos ísle ná 250 gCO2e/kWh thar shaolré eacnamaíoch na saoráide; lena n-áirítear trí oibleagáidí conarthacha a ghlac rialtas na Seice chun an obair ábhartha a choimisiúnú. Cuirfear tús le hathchóiriú na saoráide giniúna teasa agus cumhachta laistigh de 3 bliana ó nuachóiriú an ghréasáin, chun an sainmhíniú ar 'téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil' in Airteagal 2(41) de Threoir 2012/27/AE a chomhlíonadh ('córas téimh nó fuaraithe ceantair ina n-úsáidtear 50 % ar a laghad d'fhuinneamh in-athnuaite, 50 % de dhramhtheas, 75 % de theas comhghinte nó 50 % de theaglaim d'fhuinneamh agus teas den sórt sin').
114	Infheistíocht 2: Dáileadh teasa i gcórais téimh ceantair a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Coigilteas fuinnimh phríomhúil measta		Coigilteas fuinnimh phríomhúil i ngigigiúil	0	245 327	R4	2025	Léireofar coigilteas fuinnimh phríomhúil measta 245 327 GJ trí iniúchtaí fuinnimh tionscadal-sonracha.

K. COMHCHUID 2.4: SOGHLUAISTEACHT GHLAN

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia tacú le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Nuashonraithe Phoblacht na Seice um Shoghluaisteacht Ghlan bunaithe ar Threoir 2014/94/AE. Ceann de phríomhspriocanna straitéiseacha an Phlean Gníomhaíochta is ea oibriú idir 220000 agus 500000 feithicil leictreach sa tSeicia a bhaint amach faoi 2030. Bainfear an cuspóir sin amach trí éileamh a spreagadh trí fhóirdheontais, trí thús áite a thabhairt d'fheithiclí leictreacha ar an mbóthar, trí thacú le bonneagair luchtaithe a thógáil agus trí fhaisnéis a chur ar fáil don phobal. Chomh maith leis an gclár fóirdheontais do ghnólachtaí, fógraíodh an tionscnamh céanna do bhardais, do réigiúin agus d'eintitis phoiblí eile.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 3, 2019, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia infheistíocht ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar bhonneagar agus teicneolaíochtaí digiteacha ardacmhainneachta, ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, agus ar bhonneagar iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear sna réigiúin ghuail, agus ar mholadh tírshonrach 3, 2020, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar iompar, go háirithe ar a hinbhuanaitheacht, ar a bonneagar digiteach, agus ar a haistriú ísealcharbóin agus fuinnimh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

K.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht 1: Bonneagar tógála don iompar poiblí i gcathair Phrág

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo an flít iompair phoiblí i bPrág a athnuachan agus a dhícharbónú. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht líon na bpointí luchtaithe a mhéadú agus na codanna de bhóithre luchtaithe dinimiciúla do fhlít iompair phoiblí Phrág a mhéadú.

Infheistíocht 2: Bonneagar tógála — Pointí athluchtaithe do chuideachtaí príobháideacha

Is é is cuspóir don infheistíocht sin soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a spreagadh sa tSeicia. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht líon na bpointí athluchtaithe do chuideachtaí príobháideacha agus do dhaoine féinfhostaithe a mhéadú.

Infheistíocht 3: Bonneagar foirgneamh — Pointí athluchtaithe d'fhoirgnimh chónaithe

Is é is cuspóir don infheistíocht seo rannchuidiú le glacadh na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha trí thacú le pointí athluchtaithe a shuiteáil. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht líon na bpointí athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe a mhéadú.

Infheistíocht 4: Cabhair chun feithiclí a cheannach — feithiclí astaíochtaí nialasacha do chuideachtaí príobháideacha

Is é is cuspóir don infheistíocht seo éileamh ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a spreagadh. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht líon na ngluaisteán agus na veaineanna astaíochtaí nialasacha a mhéadú do chuideachtaí príobháideacha agus do dhaoine féinfhostaithe.

Infheistíocht 5: Cabhair chun feithiclí agus bonneagar astaíochtaí nialasacha a cheannach do bhardais, do réigiúin, do riarachán stáit agus d'eintitis phoiblí eile

Is é is cuspóir don infheistíocht seo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a mhéadú i riarachán poiblí na Seicia. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus na bpointí athluchtaithe a mhéadú.

Infheistíocht 6: Cabhair chun feithiclí (busanna tralaí ceallraí agus trambhealaí urláir ísil) a cheannach le haghaidh iompar poiblí i gcathair Phrág

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tacú le hiompar poiblí astaíochtaí nialasacha i bPrág. Is éard atá san infheistíocht busanna tralaí agus tramanna a cheannach do chathair Phrág.

K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
115	Infheistíocht 1: Bonneagar tógála don iompar poiblí i gcathair Phrág	Cuspóir sonrach	Líon na bpointí athluchtaithe do chathair Phrág		Uimhir	0	52	R4	2025	52 phointe athluchtaithe nua ar a laghad a shuiteáil do chathair Phrág.
116	Infheistíocht 1: Bonneagar tógála don iompar poiblí i gcathair Phrág	Cuspóir sonrach	Líon ciliméadar de bhóthar luchtaithe dinimiciúil do chathair Phrág		Km de	0	40	C2	2026	Suiteáil 40 km ar a laghad de bhóthar luchtaithe dinimiciúil le haghaidh bus tralaí ceallraí do chathair Phrág.
117	Infheistíocht 2: Bonneagar tógála — Pointí athluchtaithe do chuideachtaí príobháideacha	Cuspóir sonrach	Líon na bpointí athluchtaithe do chuideachtaí príobháideacha		Líon na	0	2 500	C2	2025	Ceannófar nó suiteálfar 2500 pointe athluchtaithe iniompartha nó do-aistrithe nua ar a laghad.
118	Infheistíocht 3: Bonneagar foirgneamh — Pointí athluchtaithe d'fhoirgnimh chónaithe	Cuspóir sonrach	An líon pointí athluchtaithe le haghaidh foirgnimh chónaithe		Líon na	0	2 880	C2	2025	2880 pointe athluchtaithe ar a laghad a shuiteáil i bhfoirgnimh chónaithe.
119	Infheistíocht 4: Cabhair chun feithiclí a cheannach — feithiclí astaíochtaí nialasacha) le haghaidh cuideachtaí príobháideacha	Cuspóir sonrach	Líon na bhfeithiclí le haghaidh cuideachtaí príobháideacha		Líon na	0	2 900	C2	2025	2900 feithicil astaíochtaí nialasacha nua ar a laghad (gluaisteáin agus veaineanna) a cheannach do chuideachtaí príobháideacha agus do dhaoine féinfhostaithe.
120	Infheistíocht 5: Cabhair chun feithiclí agus bonneagar astaíochtaí nialasacha a cheannach do bhardais, do réigiúin, do riarachán stáit agus d'eintitis phoiblí eile	Cuspóir sonrach	Líon na bhfeithiclí le haghaidh bardas, réigiún, riarachán stáit agus eintitis phoiblí eile		Líon na	0	1 900	C2	2026	Ar a laghad 1900 feithicil nua astaíochtaí nialasacha a sheachadadh do bhardais, do réigiúin, do riarachán stáit agus d'eintitis phoiblí eile.
121	Infheistíocht 5: Cabhair chun feithiclí agus bonneagar astaíochtaí nialasacha a cheannach do bhardais, do réigiúin, do riarachán stáit agus d'eintitis phoiblí eile	Cuspóir sonrach	Líon na stáisiún luchtaithe do bhardais, do réigiúin, do riarachán stáit agus d'eintitis phoiblí eile		Líon na	0	200	C2	2025	200 pointe athluchtaithe nua ar a laghad a shuiteáil do bhardais, do réigiúin, do riarachán stáit agus d'eintitis phoiblí eile.
122	Infheistíocht 6: Cabhair chun feithiclí (busanna tralaí ceallraí agus trambhealaí urláir ísil) a cheannach le	Cuspóir sonrach	An líon feithiclí (busanna tralaí agus tramanna)		Líon na	0	40	R4	2025	Seachadadh 40 feithicil astaíochtaí nialasacha nua (20 bus tralaí agus 20 trim).

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	haghaidh iompar poiblí i gcathair Phrág									

L. COMHCHUID 2.5: ATHCHÓIRIÚ FOIRGNEAMH AGUS COSAINT AEIR

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le tomhaltas fuinnimh agus uisce i bhfoirgnimh chónaithe a laghdú, feabhas a chur ar an gcáilíocht mhaireachtála sna foirgnimh sin, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleáin eile a laghdú trí choirí breosla sholadaigh a ionadú, foirgnimh chónaithe a oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide, foirgnimh nua a thógáil, chomh maith le feasacht a mhúscailt maidir le coigilteas fuinnimh, úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus oiriúnú don athrú aeráide san earnáil chónaithe. Cuirfear an chomhpháirt chun feidhme faoi chlár tacaíochta 2030 an Choigiltis Ghlais Nua (NGS).

Tacaíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar mholadh 3 2019 a bhaineann go sonrachle tír faoileith, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia an beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh, agus le moladh 3 2020 a bhaineann go sonrachle tír faoi leith, ar dá réir a dhíreoidh an tSeicia infheistíocht ar an aistriú glas, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, lena n-áirítear sna réigiúin ghuail.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, beidh na hinfheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa (GCT) mar a leagtar amach in Airteagal 29 de Threoir 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ('an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite', 'RED II'). Beidh feidhm ag na ceanglais sin maidir le gach suiteáil gan beann ar na tairseacha a áirítear in RED II. Comhlíonfaidh na hinfheistíochtaí ceanglas Rialachán RRF maidir le laghdú 80 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid bithmhaise i ndáil leis an modheolaíocht chun GCT a laghdú agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le RED II. I dtimpeallachtaí cónaithe, níor cheart go gcuirfeadh infheistíochtaí i gcoirí bithmhaise baint amach Threoir 2008/50/AE i mbaol. Comhlíonfaidh na hinfheistíochtaí ceanglais éicidhearthóireachta (i.e. ceanglais Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus aicmeofar iad i gceann den dá aicme éifeachtúlachta fuinnimh is airde a léirítear go suntasach de réir bhrí Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Comhlíonfar na ceanglais sin maidir le gach breosla agus gach modh lódála. Beidh na hinfheistíochtaí treoraithe agus comhsheasmhach leis an measúnú ar chonairí úsáide inbhuanaithe an bhithfhuinnimh agus an tsoláthair bithmhaise sa tSeicia agus lena thionchar ar na linnte Úsáide Talún, Athraithe ar Úsáid Talún agus Foraoiseachta agus ar an mbithéagsúlacht chomh maith leis an tionchar ar cháilíocht an aeir don tréimhse 2020-2030, atá mar chuid d'athchóiriú 2 faoi chomhchuid 2.3.

Le hathchóiriú fuinnimh foirgneamh, úsáid RES san earnáil chónaithe agus malartú coirí breosla sholadaigh, méadófar éifeachtúlacht an téimh baile agus is príomhbheart é chun na spriocanna laghdaithe náisiúnta faoi Threoir AE 2016/2284 a bhaint amach agus chun caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach faoi chláir feabhsaithe maidir le cáilíocht an aeir. Beidh tionchar dearfach ag laghduithe ar astaíochtaí freisin ar cháilíocht an uisce, go háirithe laghdú ar astaíochtaí beinsi[a]piréine.

L.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Oideachas Comhshaoil agus Feasacht ar an Athrú Aeráide

Is é cuspóir an bhirt tacú le hoideachas comhshaoil agus le múscailt feasachta agus béim á leagan ar an athrú aeráide. Is éard atá ann gníomhaíochtaí oideachais agus múscailte feasachta maidir le hábhair chomhshaoil.

Infheistíocht 1: Athchóiriú agus athbheochan foirgneamh le haghaidh coigilteas fuinnimh

Is é is aidhm don bheart seo fuinneamh a shábháil i bhfoirgnimh chónaithe, foirgnimh chónaithe nua a thógáil a sháraíonn caighdeáin éigeantacha fuinnimh, coirí comhdhlúthaithe gáis d'aicme fuinnimh A a chur in ionad foinsí dócháin neamhchomhlíontacha i dteaghlaigh a úsáideann breoslaí soladacha, foinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid mar chuid d'athchóiriú cuimsitheach fuinnimh ar fhoirgnimh, agus oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear bainistiú uisce. Is éard atá ann tionscadail chun tomhaltas fuinnimh i dteaghlaigh a laghdú.

Infheistíocht 2: Foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in ionad foinsí do-aistrithe truaillithe i dteaghlaigh

Is é is aidhm don bheart seo foinsí téimh astaíochtaí ísle agus foinsí fuinnimh in-athnuaite suiteáilte don earnáil tithíochta, go háirithe córais fhótavoltacha agus fhótaiteirmeacha, a chur in ionad foinsí dócháin neamhchomhlíontacha i dteaghlaigh a úsáideann breoslaí soladacha. Is éard atá san infheistíocht tionscadail chun$_{\text{astaíochtaí}}$ CO2 agus/nó tomhaltas fuinnimh i dteaghlaigh a laghdú.

Infheistíocht 3: Tacaíocht d'ullmhú tionscadal i réimse na coigilte fuinnimh

Is é is aidhm don bheart seo tacú le hullmhú réamhthionscadail le haghaidh idirghabhálacha coigilte fuinnimh. Is éard atá ann tionscadail ullmhúcháin do phobail fuinnimh, staidéir ullmhúcháin tionscadail do thithe teaghlaigh, staidéir ullmhúcháin tionscadail d'fhoirgnimh árasán, agus gníomhaíochtaí comhairleacha ag Lárionaid Comhairliúcháin agus Faisnéise Fuinnimh.

L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
123	Athchóiriú 1: Oideachas Comhshaoil agus Feasacht ar an Athrú Aeráide	Cuspóir sonrach	Oideachas Comhshaoil agus Feasacht ar an Athrú Aeráide		Líon na dtionscadal	0	38	C2	2025	Tacófar le 38 dtionscadal oideachais agus múscailte feasachta maidir leis an inbhuanaitheacht agus leis an athrú aeráide.
125	Infheistíocht 1: Athchóiriú agus athbheochan foirgneamh le haghaidh coigilteas fuinnimh	Cuspóir sonrach	Tionscadail ar conradh chun ídiú fuinnimh a laghdú		Coigilteas fuinnimh i ngiúil terra in aghaidh na bliana	0	1 200	C3	2024	Beidh tionscadail chun ídiú fuinnimh a laghdú faoi 1 200 TJ/bliain ar conradh ag Ciste Comhshaoil an Stáit amhail ó mhí Feabhra 2020. Ní roghnófar ach tionscadail lena mbaintear amach, ar an meán, laghdú 30 % ar a laghad ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil lena gcur chun feidhme. Beidh infheistíochtaí in athsholáthar coire comhdhlúthúcháin gáis teoranta d'uasmhéid 20 % de leithdháileadh foriomlán bheart 2.5.1.
126	Infheistíocht 1: Athchóiriú agus athbheochan foirgneamh le haghaidh coigilteas fuinnimh	Cuspóir sonrach	Ídiú fuinnimh a laghdú		Coigilteas fuinnimh i ngiúil terra in aghaidh na bliana	1 200	1 900	C2	2025	Soláthróidh tionscadail laghdú measta iomlán 1 900 TJ/bliain ar a laghad ar ídiú fuinnimh phríomhúil.
127	Infheistíocht 2: Foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in ionad foinsí do-aistrithe truaillithe i dteaghlaigh	Cuspóir sonrach	Tionscadail ar conradh chun ídiú fuinnimh a laghdú agus astaíochtaí CO2 a laghdú		Coigilteas fuinnimh i ngiúil terra in aghaidh na bliana	0	720	C3	2023	Déanfaidh Ciste Comhshaoil an Stáit conarthaí le haghaidh tionscadail chun ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO2 a laghdú faoi 720 TJ/bliain agus faoi 100 kt/bliain, faoi seach. Maidir le bithmhais, bainfear amach laghdú 80 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ó úsáid bithmhaise i ndáil leis an modheolaíocht chun GCT a laghdú agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise coibhneasta a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.
128	Infheistíocht 2: Foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in ionad foinsí do-aistrithe truaillithe i dteaghlaigh	Cuspóir sonrach	Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO2 a laghdú (35 % curtha chun feidhme)		Coigilteas fuinnimh i ngiúil terra in aghaidh na bliana	720	1 500	C3	2023	Déanfar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO2 a laghdú 1 500 TJ/bliain agus 170 kt/bliain, faoi seach, faoin 30 Meán Fómhair 2023, rud a léireofar trí dheimhnithe feidhmíochta fuinnimh. Maidir le bithmhais, bainfear amach laghdú 80 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ó úsáid bithmhaise i ndáil leis an modheolaíocht chun GCT a laghdú agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise coibhneasta a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

154	Infheistíocht 1: Cabhair infheistíochta chun láithreáin athfhorbraíochta shonracha a athghiniúint	Cuspóir sonrach	Teacht i bhfeidhm na gconarthaí fóirdheontais uile idir an Ciste Infheistíochta Stáit agus sealbhóirí tionscadail athfhorbraíochta roghnaithe		Líon na dtionscadal		10	R4	2023	Teacht i bhfeidhm na gconarthaí fóirdheontais uile idir an Ciste Infheistíochta Stáit agus sealbhóirí tionscadail roghnaithe le haghaidh athghiniúint shonrach láithreán athfhorbraíochta (ullmhú tionscadail, ullmhú talún, tionscadail infheistíochta) tar éis clár fóirdheontais a ullmhú. Beidh na tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón gclár fóirdheontais dírithe ar scartáil agus ar thógáil atá tíosach ar fhuinneamh nó ar athchóiriú atá tíosach ar fhuinneamh a dhéanamh. Déanfar 10 dtionscadal ar a laghad a chur ar conradh agus déanfar 60 % ar a laghad den infheistíocht a sholáthraítear faoin mbeart seo a thiomnú do thionscadail athchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh. Maidir le scartáil agus tógáil atá tíosach ar fhuinneamh a chistiú, áiritheofar go mbeidh na tionscadail roghnaithe de chineál (i) go mbeidh Príomhéileamh Fuinnimh (PED) ag foirgnimh nua atá 20 % níos ísle ar a laghad ná ceanglas NZEB; (II) nach féidir athchóiriú domhain a dhéanamh ar chúiseanna teicniúla, sláinte/sábháilteachta nó ar chúiseanna atá oiriúnach don fheidhm; (III) ní fhéadfaidh achar foirgnithe iomlán na bhfoirgneamh nua a bheith níos mó ná achar foirgnithe iomlán na n-iarfhoirgneamh scartála uile ar láithreán athfhorbraíochta, agus 80 % ar a laghad de na foirgnimh nua fhoirgnithe á gcur go díreach ar limistéar foirgnithe na n-iarfhoirgneamh scartála. Eisiafar tiontú limistéar glas luachmhar (a bhfuil ardluach bithéagsúlachta acu). Maidir leis an tacaíocht do ghníomhaíochtaí athchóirithe, sonrófar sa ghlao go dtacóidh 90 % ar a laghad de na costais le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh. Áiritheofar le ceanglais na nglaonna ar thionscadail go n-ullmhófar 70 % ar a laghad den dramhaíl tógála agus scartála a ghintear lena hathúsáid agus lena hathchúrsáil.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Déanfar bainistiú an ghlao, meastóireacht ar iarratais ar thionscadail, roghnú agus síniú conartha le sealbhóirí tionscadail chomh maith le híocaíochtaí le linn réadú an tionscadail (tógáil) agus rialú deiridh a chur ar iontaoibh an Chiste Infheistíochta Stáit.
155	Infheistíocht 1: Cabhair infheistíochta chun láithreáin athfhorbraíochta shonracha a athghiniúint	Cuspóir sonrach	Deimhnithe críochnaithe a chur isteach le haghaidh 10 dtionscadal ar a laghad		Líon na dtionscadal	0	10	C2	2026	Prótacail maidir le glacadh le hobair atá sínithe ag na páirtithe conarthacha nó ceadanna críochnaitheacha arna n-eisiúint ag na húdaráis ábhartha tógála le haghaidh 10 dtionscadal athbheochana éifeachtúlachta fuinnimh ar a laghad de láithreáin athfhorbraíochta shonracha.
156	Infheistíocht 2: Cabhair infheistíochta chun láithreáin athfhorbraíochta atá faoi úinéireacht bardas agus réigiún a athghiniúint le haghaidh úsáid neamhghnó	Cuspóir sonrach	Teacht i bhfeidhm na gconarthaí uile idir an Ciste Infheistíochta Stáit agus sealbhóirí tionscadail athfhorbraíochta roghnaithe		Líon na dtionscadal		30	R4	2023	Teacht i bhfeidhm na gconarthaí uile le haghaidh athghiniúint láithreán athfhorbraíochta atá faoi úinéireacht phoiblí le haghaidh úsáid neamhghnó tar éis clár fóirdheontais a ullmhú. Beidh na tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón gclár fóirdheontais dírithe ar athchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh a dhéanamh nó ar láithreáin athfhorbraíochta a iompú ina linnte carbóin nádúrtha. Maidir leis an tacaíocht do ghníomhaíochtaí athchóirithe, sonrófar sa ghlao go dtacóidh 90 % ar a laghad de na costais le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh. Áiritheofar le ceanglais na nglaonna ar thionscadail go n-ullmhófar 70 % ar a laghad den dramhaíl tógála agus scartála a ghintear lena hathúsáid agus lena hathchúrsáil. Ar an iomlán, cuirfear 30 tionscadal ar a laghad ar conradh agus cuirfear 20 % ar a laghad den infheistíocht ar leataobh do thionscadail atá dírithe ar linnte carbóin nádúrtha a dhéanamh de láithreáin athfhorbraíochta.
157	Infheistíocht 2: Cabhair infheistíochta chun láithreáin athfhorbraíochta atá faoi úinéireacht bardas agus réigiún a athghiniúint le haghaidh úsáid	Cuspóir sonrach	Deimhnithe críochnaithe a chur isteach le haghaidh 30 tionscadal ar a laghad		Líon na dtionscadal	0	30	R4	2025	Prótacail maidir le glacadh le hobair atá sínithe ag na páirtithe conarthacha nó ceadanna críochnaitheacha arna n-eisiúint ag na húdaráis ábhartha tógála le haghaidh 30 tionscadal ar a laghad.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	neamhghnó									
158	Infheistíocht 3: Cabhair infheistíochta chun láithreáin athfhorbraíochta atá faoi úinéireacht bardas agus réigiún le haghaidh úsáid ghnó a athghiniúint	Cuspóir sonrach	Teacht i bhfeidhm na gconarthaí poiblí uile chun athghiniúint a dhéanamh ar láithreáin athfhorbraíochta atá faoi úinéireacht phoiblí le haghaidh úsáid ghnó		Líon na dtionscadal		20	R4	2023	Teacht i bhfeidhm na gconarthaí uile le haghaidh athghiniúint láithreán athfhorbraíochta atá faoi úinéireacht phoiblí le haghaidh úsáid ghnó tar éis clár fóirdheontais a ullmhú. Beidh sé d'aidhm ag na tionscadail roghnaithe tacú le scartáil agus le tógáil atá tíosach ar fhuinneamh nó le hathchóiriú atá tíosach ar fhuinneamh. Maidir le scartáil agus tógáil atá tíosach ar fhuinneamh a chistiú, áiritheofar go mbeidh na tionscadail roghnaithe de chineál (i) go mbeidh Príomhéileamh Fuinnimh (PED) ag foirgnimh nua atá 20 % níos ísle ar a laghad ná ceanglas NZEB; (II) nach féidir athchóiriú domhain a dhéanamh ar chúiseanna teicniúla, sláinte/sábháilteachta nó ar chúiseanna atá oiriúnach don fheidhm; úsáidfear 5 % ar a mhéid de thalamh nua san áit ina raibh an foirgneamh roimhe sin. Ní áirítear leis sin an fhéidearthacht foirgnimh a scartáil in aon áit amháin agus foirgneamh eile a thógáil ar shuíomh eile ina ionad sin. Maidir leis an tacaíocht do ghníomhaíochtaí athchóirithe, áiritheofar go dtacóidh 90 % ar a laghad de na costais le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh. Áiritheofar le ceanglais na nglaonna ar thionscadail go n-ullmhófar 70 % ar a laghad den dramhaíl tógála agus scartála a ghintear lena hathúsáid agus lena hathchúrsáil. Ar an iomlán, cuirfear 20 tionscadal ar a laghad ar conradh.
159	Infheistíocht 3: Cabhair infheistíochta chun láithreáin athfhorbraíochta atá faoi úinéireacht bardas agus réigiún le haghaidh úsáid ghnó a	Cuspóir sonrach	Deimhnithe críochnaithe a chur isteach le haghaidh 20 tionscadal ar a laghad		Líon na dtionscadal	0	20	R4	2025	Prótacail maidir le glacadh le hobair atá sínithe ag na páirtithe conarthacha nó ceadanna críochnaitheacha arna n-eisiúint ag na húdaráis ábhartha tógála le haghaidh 20 tionscadal ar a laghad.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	athghiniúint									

P. COMHCHUID 2.9: AN BHITHÉAGSÚLACHT AGUS AN COMHRAC IN AGHAIDH TRIOMAIGH A CHUR CHUN CINN

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as coinneáil íseal uisce agus as tionchar an athraithe aeráide sa tSeicia. Is é is aidhm don chomhpháirt feabhas a chur ar an gcosaint ar thriomach agus ar thuilte trí choinneáil uisce a mhéadú sa tírdhreach agus i gceantair uirbeacha. Tá infheistíochtaí i gcosaint láithreáin líonra Natura 2000 agus Limistéir faoi Chosaint Shonrach (LCSanna) beartaithe freisin.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

P.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Leasú ar an Acht um Bainistiú Uisce

Is é cuspóir an athchóirithe an tAcht um Bainistiú Uisce a leasú, chun dul i ngleic le triomaigh agus ganntanas uisce ar bhealach níos córasaí. Saineoidh an leasú an creat chun triomaigh a chosc agus faireachán a dhéanamh orthu, freagrachtaí na n-údarás ábhartha agus sásraí rialaithe. Beidh sé d'aidhm aige coimisiúin réigiúnacha a bhunú a mbeidh sainordú acu dearbhú a eisiúint maidir le 'staid an ghanntanais uisce' agus teorainneacha comhfhreagracha a chur i bhfeidhm maidir le húsáid uisce sa réigiún, de bhun pleananna bainistithe triomaigh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 1: Cosaint ar thriomaigh agus ar thuilte chathair Brno

Is é is cuspóir don bheart cosaintí tuilte Brno a threisiú agus abhainn Svratka a athbheochan. Is éard atá ann roinnt idirghabhálacha a bhféadfadh réitigh dhúlrabhunaithe a bheith san áireamh leo, ach gan a bheith teoranta dóibh, amhail doirteadh nádúrtha leibhéal méadaithe uisce na n-imchuach i móinéir, bunú linnte nádúrtha, tuilemhánna, nó cruthú bogach.

Infheistíocht 2: Bainistiú uisce báistí i gceirtleáin uirbeacha

Is é is aidhm don infheistíocht sin moill a chur ar rith chun srutha agus coinneáil uisce i gceirtleáin uirbeacha a mhéadú. Is éard atá san infheistíocht roinnt tionscadal a bhféadfadh stiallacha ionsúcháin agus taiscumair, gairdíní báistí, gaistí faoi thalamh, draenáil, taiscumair stórála faoi thalamh nó díonta glasa a bheith san áireamh leo, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Infheistíocht 3: Láithreáin Natura 2000 agus speicis chosanta plandaí agus ainmhithe a bhainistiú

Is é cuspóir na hinfheistíochta cobhsaíocht éiceolaíoch an tírdhreacha agus na bithéagsúlachta sa tSeicia a fheabhsú. Is éard atá ann bearta a shainítear sna pleananna bainistíochta chun láithreáin Natura 2000 (Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus Láithreáin a bhfuil Tábhacht Chomhphobail leo) a athchóiriú agus a athbheochan chomh maith le láithreáin atá faoi chosaint náisiúnta agus chun cúram a dhéanamh de speicis atá faoi chosaint speisialta.

Infheistíocht 4: Éiceachórais uisceacha, neamhfhoraoise agus foraoise a oiriúnú don athrú aeráide

Is é cuspóir na hinfheistíochta coinneáil shistéamach uisce sa tírdhreach a chumasú. Is éard atá ann gníomhaíochtaí lena bhféadfaí a áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh, feabhas a chur ar speiceas agus ar chomhdhéanamh spásúil foraoisí; gnáthóga neamhfhoraoise a chosaint; bogaigh

agus linnte a chruthú nó a athchóiriú; sruthchúrsaí a athbheochan, eilimintí tírdhreacha a athchóiriú, crainn a chur lasmuigh de limistéir fhoraoisithe agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile.

Athchóiriú 2: Beartas agus pleanáil tírdhreacha a bhunú

Is é is aidhm don athchóiriú bainistiú agus pleanáil chomhtháite tírdhreacha a bhunú, lena n-áiritheofar comhordú trasearnála agus rannpháirtíocht ilpháirtithe leasmhara. Is éard atá ann doiciméad comhtháite beartais tírdhreacha a ghlacadh.

P.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
160	Athchóiriú 1: Leasú ar an Acht um Bainistiú Uisce	Garsprioc	Leasú ar an Acht um Bainistiú Uisce (Acht Uimh. 254/2001 Coll.) lena ndírítear ar chur chuige córasach maidir le triomach agus ganntanas uisce a bhainistiú.	Teacht i bhfeidhm an Leasaithe ar an Acht um Bainistiú Uisce (Acht Uimh. 254/2001 Coll.)				R4	2024	Glacfar an leasú ar an Acht Uisce lena sainítear an creat chun triomaigh agus ganntanas uisce a chosc trí fhaireachán a dhéanamh ar thriomaigh, trí shásraí rialaithe a bhunú agus trí fhreagrachtaí na n-údarás inniúil a shainiú. Bunófar coimisiún réigiúnach agus coimisiún lárnach chun triomach agus ganntanas uisce a chosc, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú. Déanfar pleananna réigiúnacha agus náisiúnta triomaigh a fhorbairt agus a fhormheas.
161	Infheistíocht 1: Cosaint ar thriomaigh agus ar thuilte chathair Brno	Garsprioc	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí le haghaidh tionscadail arb é is aidhm dóibh cosaint a thabhairt ar thriomaigh agus ar thuilte chathair Brno.	Fógra faoi dhámhachtain na gconarthaí go léir.				R4	2022	Fógra maidir le gach conradh a dhámhtar le haghaidh tionscadail arb é is aidhm dóibh cosaint a thabhairt ar thriomaigh agus ar thuilte chathair Brno.
162	Infheistíocht 1: Cosaint ar thriomaigh agus ar thuilte chathair Brno	Garsprioc	Prótacal/prótacail aistrithe le haghaidh an tionscadail cosanta ar thuilte	Prótacal (prótacail) aistrithe an tionscadail				C2	2025	Déanann tógálaí agus ionadaí chathair Brno prótacal aistrithe nó prótacail aistrithe a eisiúint agus a shíniú, rud a léiríonn go nglactar leis na saothair.
163	Infheistíocht 2: Bainistiú uisce báistí i gceirtleáin uirbeacha	Cuspóir sonrach	Bearta bainistithe uisce báistí i limistéir uirbeacha		Toirt m³ d'uisce báistí a mheastar atá le coinneáil	0	20 000	C2	2025	Seolfar glao ar bhainistiú uisce báistí i limistéir uirbeacha chun tacú le tionscadail coinneála uisce báistí. Measfar go gcoinneoidh tionscadail dá dtugtar tacaíocht 20 000 m³ ar a laghad d'uisce báistí go carnach.
164	Infheistíocht 3: Limistéir faoi chosaint lena n-áirítear láithreáin Natura 2000 agus speicis faoi chosaint plandaí agus ainmhithe	Cuspóir sonrach	Tionscadail chun limistéir faoi chosaint a chaomhnú, lena n-áirítear láithreáin Natura 2000 agus speicis chosanta plandaí agus ainmhithe		Heicteáir	0	150 000	R4	2025	Á iarraidh go ndéanfar bainistiú ar láithreáin Natura 2000 agus ar limistéir faoi chosaint, agus go seolfar cúram speiceas atá faoi chosaint speisialta chun tacú le i) bearta maidir le Natura 2000 agus láithreáin faoi chosaint a chaomhnú, agus maidir le speicis atá faoi chosaint speisialta a chosaint, agus ii) staidéir chúlra agus faireacháin. Measfar go gcumhdóidh tionscadail a fhaigheann tacaíocht 150 000 ha ar a laghad go carnach.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
165	Infheistíocht 4: Éiceachórais uisceacha, neamhfhoraoise agus foraoise a oiriúnú don athrú aeráide	Cuspóir sonrach	Tionscadail maidir le héiceachórais uisceacha, neamhfhoraoise agus foraoise a adapadh ar an athrú aeráide		Dlúthpháirtíochta	0	2 500	R4	2025	Á iarraidh go seolfar oiriúnú na n-éiceachóras don athrú aeráide chun tacú le 1) tionscadail in éiceachórais uisceacha, neamhfhoraoise agus foraoise, agus 2) staidéir coinneála uisce. Eiseofar meastóireachtaí deiridh tionscadail le haghaidh 2500 tionscadal. Le staidéir coinneála uisce, cumhdófar go carnach thart ar 4 000 km² de chríocha abhantraí.
262	Athchóiriú 2: Beartas agus pleanáil tírdhreacha a bhunú	Garsprioc	Beartas agus pleanáil chomhtháite tírdhreacha a ghlacadh	Glacadh an bheartais tírdhreacha				C2	2025	Doiciméad Beartais Tírdhreacha Comhtháite arna ghlacadh ag an Rialtas. Cruthófar leis an mbeartas timpeallacht chumasúcháin le haghaidh bainistiú inbhuanaithe talún ag an earnáil phoiblí agus ag an earnáil phríobháideach araon. Cumhdófar ann na hábhair seo a leanas ar a laghad: bithéagsúlacht, bainistiú uisce, foraoiseacht agus oidhreacht chultúrtha.

Q. COMPONENT 2.10 TITHÍOCHT INACMHAINNE

Cuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim inacmhainneachta tithíochta atá ann faoi láthair agus atá ag dul in olcas. Is é is aidhm dó soláthar tithíochta inacmhainne a mhéadú trí iasachtaí lamháltais agus fo-iasachtaí a sholáthar d'infheisteoirí chomh maith le ciste comhinfheistíochta poiblí-príobháideach a bhunú chun tithíocht inacmhainne a fháil, a athchóiriú agus a thógáil.

Is éard atá sa chomhpháirt athchóiriú tithíochta, mol comhairleach tithíochta agus líonra lárionad comhairleach tithíochta réigiúnach, agus trí ionstraim airgeadais lena ndírítear ar rochtain ar mhaoiniú a uasmhéadú agus ar chaipiteal príobháideach a ghiaráil:

- Saoráid iasachtaí lamháltais
- Saoráid iasachtaí fo-ordaithe
- Ciste comhinfheistíochta poiblí-príobháideach

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a neartú, lena n-áirítear trí chreat reachtach sonrach a ghlacadh le haghaidh tithíocht shóisialta agus trí chomhordú níos fearr idir comhlachtaí éagsúla (CSR 3 2022).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Gníomh dlí maidir le tithíocht inacmhainne

Is é is cuspóir don athchóiriú inacmhainneacht tithíochta a mhéadú trí ghníomh dlí a ghlacadh maidir le tacaíocht tithíochta. Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm forálacha dlíthiúla lena mbunaítearsásraí chun cabhrú le hiarratasóirí tithíocht a aimsiú agus úsáid tithíochta folmha a dhreasútrí chabhrú le tionóntaí a n-oibleagáidí i leith tiarnaí talún a chomhlíonadh.

Infheistíocht 3: Saoráid Chomhinfheistíochta

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid chomhinfheistíochta phoiblí-phríobháideach arb é is aidhm di rochtain ar thithíocht inacmhainne sa tSeicia a fheabhsú. Feidhmeoidh an tSaoráid trí infheistíocht dhíreach a dhéanamh in eastát réadach. Ar bhonn infheistíocht STA, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid EUR 39574000 ar a laghad a infheistiú ar dtús.

Is í an Chuideachta Infheistíochta Forbartha Náisiúnta, ina cáil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an tSeicia agus an Chuideachta Infheistíochta Forbartha Náisiúnta Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1) Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.

2) Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
   a) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

   b) An ceanglas maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach8, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha9, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

   c) An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
   d) An ceanglas go n-áireofaí athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh sna hathchóirithe uile a dtacaítear leo.

3) An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, struchtúr na dtáillí don chomhpháirtí cur chun feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide.

4) Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
   a) An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisc a thabhairt ar an infheistíocht a slógadh.

   b) An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
   c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.
   d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta de chuid na Cuideachta Náisiúnta Infheistíochta Forbartha. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-

8 Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

9 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme á n-urramú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 31 Lúnasa 2026

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
263	Athchóiriú 1: Gníomh dlí maidir le tithíocht inacmhainne	Garsprioc	Gníomh dlí maidir le tithíocht inacmhainne	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				C2	2025	Tiocfaidh gníomh dlí i bhfeidhm agus bunófar leis sásraí chun cabhrú le hiarratasóirí tithíocht a aimsiú agus úsáid tithíochta folmha a dhreasú trí chabhrú le tionóntaí a n-oibleagáidí i leith tiarnaí talún a chomhlíonadh. Féadfaidh idirthréimhse a bheith i bhfeidhm, bunaithe ar réasúnuithe iomchuí. Tosóidh an idirthréimhse sin le foilsiú an ghnímh san Iris Oifigiúil agus beidh sí nasctha le srianta teicniúla nó teicneolaíocha.
270	Infheistíocht 3: Saoráid chomhinfheistíochta	Garsprioc	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				C3	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
271	Infheistíocht 3: Saoráid chomhinfheistíochta	Cuspóir sonrach	Comhaontú dlíthiúil sínithe leis an tairbhí deiridh		% (céatadán)	0	100	C2	2026	Beidh comhaontú maoinithe dhlíthiúil déanta ag an gCuideachta Infheistíochta Forbartha Náisiúnta leis an tsaoráid chomhinfheistíochta le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
272	Infheistíocht 3: Saoráid chomhinfheistíochta	Garsprioc	Aistriú cistí	Deimhniú aistrithe				C2	2026	Tar éis theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe cur chun feidhme leasaithe lena n-áirithítear go ndéanfar aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide agus nach n-úsáidfear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú, aistreoidh an tSeicia EUR 39574000 chuig an gCuideachta Infheistíochta Forbartha Náisiúnta le haghaidh na Saoráide.

Q.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht 1: Saoráid iasachta lamháltais

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid chun iasachtaí lamháltais a sholáthar chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú in earnáil tithíochta inacmhainne na Seicia a fheabhsú. Oibreoidh an tSaoráid trí iasachtaí lamháltais a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 170460000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é an Ciste Tacaíochta Infheistíochta Stáit, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Áireofar sa tSaoráid an líne táirgí seo a leanas: iasachtaí lamháltais. Is é is aidhm don táirge seo iasachtaí lamháltais a sholáthar do thionscadail a rannchuidíonn le hinfhaighteacht tithíochta ar cíos a mhéadú. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht aonaid tithíochta cónaithe atá ann cheana a athchóiriú, foirgnimh a athchóiriú ina n-aonaid tithíochta cónaithe, aonaid tithíochta a fháil agus aonaid tithíochta nua a thógáil.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an tSeicia agus an Ciste Tacaíochta Infheistíochta Stáit Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1) Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.

2) Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
   a) An tuairisc ar an táirge airgeadais nó ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.
   b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
   c) An ceanglas maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach10, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha11, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

[10] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[11] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

d) An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
e) An ceanglas go n-áireofaí athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh sna hathchóirithe uile a dtacaítear leo.

3) An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, struchtúr na dtáillí don chomhpháirtí cur chun feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4) Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
a) An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisc a thabhairt ar an infheistíocht a slógadh.

b) An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.
d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta de chuid an Chiste Tacaíochta Infheistíochta Stáit. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme á n-urramú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 2: Saoráid iasachtaí fo-ordaithe

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid chun fo-iasachtaí a sholáthar chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú in earnáil tithíochta inacmhainne na Seicia a fheabhsú. Oibreoidh an tSaoráid trí iasachtaí fo-ordaithe a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach agus d’eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d’aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 94770000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é an Banc Forbartha Náisiúnta, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Áireofar sa tSaoráid an líne táirgí seo a leanas: iasachtaí fo-ordaithe. Is é is aidhm don táirge seo iasachtaí fo-ordaithe a sholáthar do thionscadail a rannchuidíonn le hinfhaighteacht tithíochta ar cíos a mhéadú. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht éadálacha, aonaid tithíochta cónaithe atá ann cheana a athchóiriú, foirgnimh a athchóiriú ina n-aonaid tithíochta cónaithe agus aonaid tithíochta nua a thógáil.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an tSeicia agus an Banc Forbartha Náisiúnta Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1) Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.

2) Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

a) An tuairisc ar an táirge airgeadais nó ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.
b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

c) An ceanglas maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach12, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha13, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

d) An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
e) An ceanglas go n-áireofaí athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh sna hathchóirithe uile a dtacaítear leo.

3) An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, struchtúr na dtáillí don chomhpháirtí cur chun feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4) Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
a) An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisc a thabhairt ar an infheistíocht a slógadh.

b) An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.
d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta de chuid an Bhainc Forbartha Náisiúnta. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a

12 Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.
13 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme á n-urramú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 31 Lúnasa 2026

C.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
264	Infheistíocht 1: Saoráid iasachta lamháltais	Garsprioc	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				C3	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
265	Infheistíocht 1: Saoráid iasachta lamháltais	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh		% (céatadán)	0	100	C2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlí déanta ag an gCiste Tacaíochta Infheistíochta Stáit le tairbhithe deiridh don mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
266	Infheistíocht 1: Saoráid iasachta lamháltais	Garsprioc	Aistriú cistí	Deimhniú aistrithe				C2	2026	Aistreoidh an tSeicia EUR 170460000 chuig an gCiste Tacaíochta Infheistíochta Stáit le haghaidh na Saoráide.
267	Infheistíocht 2: Saoráid iasachta fo-ordaithe	Garsprioc	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				C3	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
268	Infheistíocht 2: Saoráid iasachta fo-ordaithe	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh		% (céatadán)	0	100	C2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlí déanta ag an mBanc Forbartha Náisiúnta le tairbhithe deiridh don mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
269	Infheistíocht 2: Saoráid iasachta fo-ordaithe	Garsprioc	Aistriú cistí	Deimhniú aistrithe				C2	2026	Aistreoidh an tSeicia EUR 94770000 chuig an mBanc Forbartha Náisiúnta le haghaidh na Saoráide.

R. COMHCHUID 3.1: NUÁLAÍOCHT SAN OIDEACHAS I GCOMHTHÉACS AN DIGITITHE

Cuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le haistriú digiteach an chórais oideachais, go háirithe litearthacht dhigiteach agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil daltaí a neartú agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha ag múinteoirí a chothú. Bainfear é sin amach trí athbhreithniú a dhéanamh ar na curaclaim don bhunoideachas agus don mheánoideachas chun oideachas TF a threisiú, a raon feidhme a leathnú chuig ardteicneolaíochtaí digiteacha agus scileanna digiteacha a chothú ar fud na réimsí oideachais. Cuirfidh sé scileanna digiteacha múinteoirí chun cinn freisin agus cuirfidh sé feabhas ar leibhéal an trealaimh dhigitigh i scoileanna. Tá sé d'aidhm ag an gcomhpháirt freisin aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach, atá níos measa mar gheall ar an dianghlasáil scoile fhada, trí chiste a chur ar bun le haghaidh gléasanna digiteacha móibíleacha atá ar fáil do dhaltaí agus do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste. Is é cuspóir deiridh na comhpháirte an t-oideachas a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair, aghaidh a thabhairt ar an easpa speisialtóirí TF agus ardscileanna digiteacha ar fud an lucht saothair, agus infhostaitheacht fhadtéarmach a áirithiú.

Tacaíonn na hathchóirithe faoin gcomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 2, 2019, ar dá réir a mhéadóidh an tSeicia cáilíocht agus cuimsitheacht na gcóras oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear trí scileanna teicniúla agus digiteacha a chothú agus gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, agus moladh tírshonrach 2, 2020, ar dá réir a thacóidh an tSeicia le fostaíocht trí bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, trí scileanna a sholáthar, lena n-áirítear scileanna digiteacha, agus trí rochtain ar fhoghlaim dhigiteach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

R.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Athchóiriú curaclaim agus oideachas TF a neartú

Is é is cuspóir don bheart tacú leis an litearthacht dhigiteach agus le scileanna TF trí athbhreithniú a dhéanamh ar churaclaim i scoileanna bunscoile, meánscoile íochtaraí agus meánscoile uachtaraí*(*giomnáisiam). Is éard atá sa bheart seo formheas na gcuraclam nua lena dtacaítear leis an litearthacht dhigiteach agus leis an smaointeoireacht ríomhaireachtúil.

Infheistíocht 1: Tacaíocht do churaclam athbhreithnithe agus scileanna digiteacha múinteoirí

Is é cuspóir an bhirt tacú le rolladh amach na gcuraclam athbhreithnithe agus an Chreata um Scileanna Digiteacha Múinteoirí (DigCompEdu) i scoileanna. Is éard atá sa bheart tacaíocht chun oiliúint a chur ar bhaill foirne oideolaíocha i scileanna digiteacha.

Infheistíocht 2: Trealamh digiteach do scoileanna

Is é cuspóir an bhirt eisiamh digiteach a chosc trína áirithiú go mbeidh rochtain ag gach dalta ar threalamh digiteach agus ar theicneolaíocht dhigiteach. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo maoiniú a chur ar fáil do scoileanna chun trealamh TF a cheannach.

R.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
168	Athchóiriú 1: Athchóiriú curaclaim agus oideachas TF a neartú	Garsprioc	Curaclaim nua a fhormheas lena neartaítear an litearthacht dhigiteach agus an smaointeoireacht ríomhaireachtúil	Formheas curaclam nua le haghaidh bunscoileanna, meánscoileanna íochtaracha agus giomnázia ag an Aireacht Oideachais, Óige agus Spóirt				C3	2021	Déanfar an méid seo a leanas leis na curaclaim nua: • oideachas Faisnéisíochta a threisiú i dtéarmaí uaireanta teagaisc • cumhdach na faisnéisíochta a leathnú chuig réimsí nua, amhail próiseáil agus samhaltú sonraí, códú agus ríomhchlárú, róbataic, réaltacht bhreisithe, réaltacht fhíorúil agus teicneolaíocht dhigiteach. • An inniúlacht dhigiteach a thabhairt isteach mar cheann de na príomhinniúlachtaí • úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn ar fud réimsí oideachais, lena n-áirítear ábhair nach ábhair TF iad.
170	Infheistíocht 1: Tacaíocht do churaclam athbhreithnithe agus scileanna digiteacha múinteoirí	Garsprioc	Ardán digiteach a chruthú chun acmhainní oideachais a chomhroinnt go héifeachtach	Ardán digiteach atá ag feidhmiú go hiomlán				R4	2024	Leis an ardán digiteach faoi fhreagracht na hAireachta Oideachais, Óige agus Spóirt, tabharfar rochtain do mhúinteoirí ar ábhar oideachais atá ann cheana (mar shampla acmhainní digiteacha oideachais, seimineáir ghréasáin nó cúrsaí ríomhfhoghlama). Bunóidh sé naisc le bunachair sonraí atá ann cheana d'ábhair oideachais dhigitigh.
171	Infheistíocht 1: Tacaíocht do churaclam athbhreithnithe agus scileanna digiteacha múinteoirí	Cuspóir sonrach	Líon na scoileanna ar cuireadh oiliúint ar bhaill foirne oideolaíocha maidir le scileanna digiteacha nó litearthacht TF		Uimhir	0	4 000	C1	2026	Cuirfear oiliúint ar 4000 scoil ar bhaill foirne oideolaíocha maidir le scileanna digiteacha nó litearthacht TF
172	Infheistíocht 2: Trealamh digiteach do scoileanna	Cuspóir sonrach	Líon na bhfeistí digiteacha a cheannaigh scoileanna don chianfhoghlaim		Uimhir	0	74 000	R4	2020	Ceannaíonn scoileanna 74000 gléas digiteach ar a laghad (táibléid, ríomhairí glúine, fóin phóca, etc.) le haghaidh cianfhoghlama. Fuair 4102 bunscoil agus meánscoil ar a laghad maoiniú le haghaidh trealamh TF don chianfhoghlaim.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
173	Infheistíocht 2: Trealamh digiteach do scoileanna	Cuspóir sonrach	Gléasanna TF do scoileanna		Uimhir	0	4 800	R4	2025	Gheobhaidh 4800 scoil ar a laghad gléasanna TF.
174	Infheistíocht 2: Trealamh digiteach do scoileanna	Cuspóir sonrach	Líon na scoileanna a fhaigheann tacaíocht ó theicneolaíochtaí digiteacha agus ó threalamh digiteach chun an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus chun na curaclaim TF nua a chur chun feidhme		Uimhir	0	9 260	C1	2024	As thart ar 10000 scoil san iomlán, tá ar a laghad 9260 scoil feistithe le teicneolaíochtaí digiteacha bunúsacha agus ardteicneolaíochtaí digiteacha araon atá riachtanach chun litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus chun faisnéisíocht nua a theagasc de réir na gcuraclam athbhreithnithe.

S. COMHCHUID 3.2: CLÁIR SCOILE A OIRIÚNÚ

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin i réimsí an oideachais threasaigh, an bhunoideachais agus an oideachais meánscoile íochtaraí, faoi seach. Ar leibhéal an oideachais threasaigh, is é is aidhm don chomhpháirt acmhainneachtaí na n-ollscoileanna a mhéadú agus na cláir staidéir a oiriúnú do chineálacha nua foghlama agus do réimsí nua, go háirithe saineolas digiteach, i gcomhréir le riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair. Chomh maith leis sin, tabharfar tacaíocht do shaoráidí nua ollscoile chun an t-oideachas treasach i réimse na heolaíochta leighis agus cógaisíochta a leathnú agus a nuachóiriú. Ar leibhéal an bhunoideachais agus an mheánoideachais íochtaraigh, is é is aidhm don chomhpháirt aghaidh a thabhairt ar neamhionannais mhéadaitheacha san oideachas trí thacaíocht ilsrathach a chur ar fáil do scoileanna faoi mhíbhuntáiste, trí theagasc breise a chur ar fáil do dhaltaí atá i mbaol teipe agus trí chumas múinteoirí agus gairmithe ranganna ilchineálacha a theagasc a neartú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 2, 2019, ar dá réir a mhéadóidh an tSeicia cáilíocht agus cuimsitheacht na gcóras oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear trí scileanna teicniúla agus digiteacha a chothú agus gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, agus ar dá réir a thacóidh an tSeicia le fostaíocht trí bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, trí scileanna a sholáthar, lena n-áirítear scileanna digiteacha, agus trí rochtain ar fhoghlaim dhigiteach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

S.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Claochlú na n-ollscoileanna chun iad féin a chur in oiriúint do chineálacha nua foghlama agus do riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair

Is é is cuspóir don athchóiriú tús a chur le claochlú na n-ollscoileanna agus dlús a chur leis a mhéid a bhaineann le hábhar agus cineálacha na foghlama araon.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin 35 chlár staidéir nua ar a laghad a chreidiúnú.

Infheistíocht 1: Príomhláithreáin acadúla roghnaithe a thógáil

Is é is cuspóir don bheart saoráidí na n-ollscoileanna a leathnú i réimse an leighis, an bhithleighis agus na heolaíochta cógaisíochta. Is éard atá sa bheart saoráidí ollscoile roghnaithe a thógáil.

Athchóiriú 2: Tacaíocht do scoileanna faoi mhíbhuntáiste

Is é is aidhm don athchóiriú dul i ngleic leis na neamhionannais atá ag dul i méid idir torthaí oideachais scoileanna agus rochtain chomhionann ar oideachas ar ardchaighdeán a áirithiú.

Is éard atá sa bheart seo clár tacaíochta spriocdhírithe do scoileanna leochaileacha, lena ndírítear ar oiliúint a chur ar bhaill foirne oideolaíocha, agus lena dtugtar isteach maoiniú innéacs chun leibhéal mhíbhuntáiste socheacnamaíoch na scoileanna a léiriú.

Infheistíocht 2: Cláir teagaisc

Is é is aidhm don infheistíocht ranganna cúitimh a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste acu, ar tháinig meath ar a dtorthaí oideachais mar gheall ar an dianghlasáil scoile fhada. Bunaithe ar thuarascálacha ó Chigireacht Scoile Phoblacht na Seice, meastar go bhfuil 50000 dalta tite ar gcúl agus gur gá teagasc a dhéanamh orthu mar gheall ar rannpháirtíocht neamhleor san fhoghlaim ar líne le linn na dianghlasála scoile 10 mí. Is é is aidhm don infheistíocht cosc a chur ar leathnú breise na neamhionannas idir daltaí agus scoileanna arb iad míbhuntáistí sóisialta nó míbhuntáistí eile is cúis leo. Eagraíonn 4000 scoil cláir teagaisc. Tríd an líon sin scoileanna a bhaint amach, táthar ag súil go gcuirfear teagasc ar fáil trí 500000 rollú aonair do chúrsaí teagaisc ag daltaí. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh an dalta céanna tairbhe a bhaint as cúrsaí teagaisc i roinnt ábhar (e.g. matamaitic, Béarla). Is é is aidhm don bheart teagasc a thabhairt do dhaltaí atá i mbaol teipe ón scoil. Féadfaidh scoileanna agus múinteoirí a chinneadh go neamhspleách cé na daltaí a mheastar a bheith i mbaol teipe ón scoil.

Foilseofar meastóireacht ar thionchair an bhirt seo (e.g. conas a chuidigh an beart leis na nósanna foghlama a athbhunú agus an t-eolas a fháil a fhorordaítear leis na curaclaim sa mhatamaitic, sa tSeicis agus i dteanga iasachta.

Críochnófar an infheistíocht faoin 31 Nollaig 2023.

S.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thascach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
176	Athchóiriú 1: Claochlú na n-ollscoileanna chun iad féin a chur in oiriúint do chineálacha nua foghlama agus do riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair	Garsprioc	Clár a sheoladh chun tacú le claochlú ollscoileanna	Seoladh an chláir ag an Aireacht Oideachais				C2	2022	Tacóidh an clár le hollscoileanna a oiriúnú do chineálacha nua foghlama agus le cláir staidéir nua a thabhairt isteach. Déanfar na hearnálacha a mbeidh tacaíocht le fáil acu ón gclár a shainaithint ar bhonn anailíse ar shonraí eacnamaíocha, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta. Díreofar ar earnálacha ard-bhreisluacha atá ag fás go tapa agus atá thíos le heaspa speisialtóirí ardoilte, amhail an chibearshlándáil, an intleacht shaorga, Tionscal 4.0 nó ríomhsheirbhísí rialtais. Is é an cuspóir atá ann tacú le 20 ollscoil ar a laghad.
177	Athchóiriú 1: Claochlú na n-ollscoileanna chun iad féin a chur in oiriúint do chineálacha nua foghlama agus do riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair	Cuspóir sonrach	Líon na gclár staidéir creidiúnaithe nua		Uimhir	0	35	C2	2025	Tabharfar creidiúnú do 35 chlár staidéir nua ar a laghad.
179	Infheistíocht 1: Príomhláithreáin acadúla roghnaithe a fhorbairt	Garsprioc	Dámhachtain conarthaí chun saoráidí nua ollscoile a thógáil	Fógra maidir leis an dámhachtain chun saoráidí nua ollscoile a thógáil				C2	2024	Fógra faoi dhámhachtain na gconarthaí poiblí chun saoráidí ollscoile nua a thógáil a bhfuil sé de chuspóir acu 100 000 m² de limistéar ollscoile nua a thógáil, lena n-áirítear trealamh ábhartha, miondealaithe: 1. Mephared 2 (Ollscoil Charles, Hradec Králové) — 58 092 m² 2. BIOCENTRUM (Ollscoil Charles, Prág-Albertov) — 33 934 m² 3. BioPharmaHub (Ollscoil Masaryk, Brno) — 19 035 m²
180	Infheistíocht 1: Príomhláithreáin acadúla roghnaithe a thógáil	Cuspóir sonrach	Líon na méadar cearnach de limistéar ollscoile nua		Uimhir	0	95 000	C2	2026	Tógfar 95000 m² ar a laghad de limistéir ollscoile nua.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
181	Athchóiriú 2: Tacaíocht do scoileanna faoi mhíbhuntáiste	Cuspóir sonrach	An líon scoileanna faoi mhíbhuntáiste dá dtugtar tacaíocht		Uimhir	0	400	R4	2025	Seolfar glaonna arb é is aidhm dóibh tacú le scoileanna ina bhfuil cion ard daltaí faoi mhíbhuntáiste. Cumhdófar leis na glaonna tacaíocht chun oiliúint a chur ar bhaill foirne oideolaíocha. Tabharfar tacaíocht do 400 scoil ar a laghad.
182	Athchóiriú 2: Tacaíocht do scoileanna faoi mhíbhuntáiste	Garsprioc	Togra le haghaidh maoiniú innéacs do scoileanna de réir míbhuntáiste socheacnamaíoch	Formheas ag an Aireacht Oideachais, Óige agus Spóirt ar an togra le haghaidh maoiniú innéacs				R4	2025	Formheasfar togra le haghaidh cistiú innéacsaithe. Cuirfear san áireamh san innéacs roinnt táscairí maidir le míbhuntáiste socheacnamaíoch scoileanna (mar shampla, torthaí oideachais, cion na ndaltaí a bhfuil míbhuntáiste sóisialta nó míbhuntáiste eile acu nó cion na ndaltaí a bhfuil máthairtheangacha éagsúla acu).
183	Infheistíocht 2: Cláir teagaisc	Cuspóir sonrach	Líon na scoileanna a eagraíonn cláir teagaisc		Uimhir	0	4 000	R4	2023	Eagraíonn 4000 scoil cláir teagaisc. Tríd an líon scoileanna sin a bhaint amach, táthar ag súil go gcuirfear teagasc ar fáil trí 500000 clárúchán aonair le haghaidh cúrsaí teagaisc ag daltaí. Mar thosaíocht, is é is aidhm don teagasc cabhrú le daltaí atá i mbaol teipe ón scoil nósanna foghlama a athbhunú agus an t-eolas a fhorordaítear leis na curaclaim sa mhatamaitic, sa tSeicis agus i dteanga iasachta a fháil. Foilseofar meastóireacht ar thionchair an bhirt seo.

T. COMHCHUID 3.3: NUACHÓIRIÚ AR SHEIRBHÍSÍ FOSTAÍOCHTA AGUS AR FHORBAIRT AN MHARGAIDH SAOTHAIR

Cuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán i réimse an mhargaidh saothair agus an chúraim shóisialta. Ar an gcéad dul síos, tá sé d'aidhm aige inoiriúnaitheacht an lucht saothair a mhéadú trína scileanna a fhorbairt, go háirithe sa réimse digiteach. Ar an dara dul síos, tá sé d'aidhm aige dul i ngleic le neamhionannais inscne leanúnacha i margadh an tsaothair, go háirithe rannpháirtíocht íseal na mban a bhfuil leanaí beaga acu i margadh an tsaothair. Ar an tríú dul síos, is é is aidhm don chomhpháirt seirbhísí sóisialta a nuachóiriú agus a leathnú i gcomhréir le prionsabail an dí-institiúidithe agus na maireachtála neamhspleáiche, mar a thuairiscítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh tírshonrach 2, 2019, ar dá réir a chothóidh an tSeicia fostaíocht na mban a bhfuil leanaí óga acu, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rochtain ar chúram leanaí inacmhainne, agus ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus ar dá réir a thacóidh an tSeicia le fostaíocht trí bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, trí scileanna a sholáthar, lena n-áirítear scileanna digiteacha, agus trí rochtain ar fhoghlaim dhigiteach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

T.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt

Is é is cuspóir don athchóiriú seo tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil sa tSeicia. Is éard atá san athchóiriú roinnt beart, mar shampla,

- sásra tripháirteach a bhunú, faoin 31 Márta 2022, ina mbeidh an Aireacht Saothair, an Aireacht Oideachais, fostóirí agus ionadaithe ceardchumainn rannpháirteach, chun forbairt clár foghlama ar feadh an tsaoil a chomhordú i gcomhréir leis an éileamh iarbhír agus réamh-mheasta ar scileanna;
- bunachar sonraí de chúrsaí athscilithe agus uas-scilithe a chruthú faoin 31 Nollaig 2023 lena méadófar an tairiscint cúrsaí athoiliúna agus lena bhfeabhsófar meaitseáil an tsoláthair agus an éilimh; is éard a bheidh sa bhunachar sonraí cláir athscilithe arna ndeimhniú de réir an Achta Fostaíochta, ach freisin cúrsaí arna dtairiscint ag gairmscoileanna agus ag institiúidí ardoideachais;
- leasú reachtach, faoin 31 Nollaig 2025, chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar cúrsaí athoiliúna arna n-eagrú ag an Oifig Saothair a mheaitseáil le cuardaitheoirí poist agus chun tacaíocht a dhíriú ar na grúpaí leochaileacha sin ar bhealach níos fearr (mar shampla, go háirithe daoine ar bheagán oiliúna, daoine eisiata nó daoine atá i mbaol eisiaimh shóisialta).

Tabharfar na bearta athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2: A áirithiú go bhfuil maoiniú inbhuanaithe ar fáil le haghaidh saoráidí cúraim leanaí

Is é is cuspóir don bheart seo infhaighteacht cúraim leanaí inacmhainne a chothú do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois chun filleadh tuismitheoirí, go háirithe máithreacha, chun obair a dhéanamh tar éis saoire do thuismitheoirí a éascú. Is éard a bheidh san athchóiriú leasú ar an dlí maidir le

cúram réamhscoile, lena n-áiritheofar maoiniú cobhsaí saoráidí do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois. Beidh sé d'aidhm ag an leasú reachtach freisin rochtain ar chúram leanaí inacmhainne a áirithiú do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois i réigiúin uile na Seicia.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 3: Athchóiriú ar chúram fadtéarmach

Is é is aidhm don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le rialachas agus maoiniú ilroinnte an chúraim fhadtéarmaigh agus ar chion íseal seirbhísí pobalbhunaithe agus bailebhunaithe sa tSeicia. Is éard atá sa bheart athchóiriú reachtach, arb é is aidhm dó cúram fadtéarmach sláinte agus sóisialta a chomhtháthú, córas cobhsaí maoinithe leordhóthanaigh do sheirbhísí fadtéarmacha ar ardchaighdeán a áirithiú, dreasachtaí a chur ar fáil do chúram pobalbhunaithe agus bailebhunaithe, rochtain a cheadú do sholáthraithe príobháideacha agus maoirseacht ar chúram sóisialta a fheabhsú. Faoin 31 Nollaig 2022, táthar ag súil go mbunófar córas chun riachtanais shóisialta agus fhadtéarmacha a mhapáil agus táthar ag súil go nglacfar plean gníomhaíochta um dhí-institiúidiú.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 4: Athchóiriú ar chúram na leanaí atá i mbaol

Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar sheirbhísí cúraim shóisialta do leanaí atá i mbaol, rud a chiallaíonn leanaí nach féidir a mbunriachtanais a shásamh le hacmhainní a dteaghlaigh féin, le teacht i bhfeidhm an Leasaithe ar an Acht um Chosaint Shóisialta agus Dhlíthiúil Leanaí agus le reachtaíocht eile agus trí shrian a chur le socrúchán leanaí faoi bhun ceithre bliana d'aois i gcúram institiúideach.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 1: Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt

Is é cuspóir an bhirt inoiriúnaitheacht an lucht saothair a mhéadú do riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair. Is éard atá sa bheart seo oiliúint i scileanna digiteacha nó scileanna a theastaíonn do Thionscal 4.0.

Infheistíocht 2: Acmhainneacht na saoráidí réamhscoile a mhéadú

Is é is cuspóir don bheart seo cúram leanaí inacmhainne a leathnú, neamhionannais inscne a laghdú, agus tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal atá i mbaol eisiaimh shóisialta agus drochthorthaí oideachais. Is éard atá san infheistíocht tacaíocht chun saoráidí réamhscoile a chruthú.

Infheistíocht 3: Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú

Is é is aidhm don bheart seo aghaidh a thabhairt ar an easpa bonneagair cúraim shóisialta agus ar an ngá atá le tacú leis an aistriú i dtreo cúram sóisialta agus fadtéarmach pobalbhunaithe i bPoblacht na Seice. Is éard atá sna hinfheistíochtaí tacaíocht do thógáil agus d'athchóiriú saoráidí cúraim shóisialta.

Infheistíocht 4: Bonneagar a fhorbairt agus a nuachóiriú i réimse an chúraim do leanaí atá i mbaol

Is é cuspóir na hinfheistíochta aghaidh a thabhairt ar an mbonneagar neamhleor cúraim shóisialta do leanaí atá i mbaol agus tacú leis an bpróiseas aistrithe chuig cúram pobalbhunaithe i bPoblacht na Seice. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht bonneagar cúraim shóisialta a sholáthar do leanaí atá i mbaol trí athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana, tríshaoráidí nua a thógáil agus/nó trí shaoráidí nó aonaid tithíochta a cheannach.

T.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
184	Athchóiriú 1: Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt	Garsprioc	Bunú an Choiste thrípháirtigh um Athsciliú agus Uas-sciliú	Teacht i bhfeidhm foraithne lena mbunaítear Coiste Buan um Athsciliú agus Uas-sciliú de chuid Chomhairle an Chomhaontaithe Eacnamaíoch agus Shóisialta (tripháirteach)				C1	2022	Déanfaidh an Coiste Athscilithe agus Uas-scilithe forbairt na foghlama ar feadh an tsaoil a chomhordú i gcomhréir leis an éileamh iarbhír agus réamh-mheasta ar scileanna. Beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ón Aireacht Saothair agus Gnóthaí Sóisialta, ón Aireacht Oideachais, Óige agus Spóirt, ó chomhlachais fostóirí agus ó cheardchumainn
185	Athchóiriú 1: Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta Fostaíochta leasaithe	Foráil san Acht Fostaíochta leasaithe lena léirítear teacht i bhfeidhm an Achta Fostaíochta leasaithe				R4	2024	Déanfar an méid seo a leanas leis an dlí: • Sainmhíniú a thabhairt ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu agus atá faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair • tacaíocht a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr ar na grúpaí leochaileacha sin (mar shampla, go háirithe daoine ar bheagán oiliúna, daoine eisiata nó daoine atá i mbaol eisiaimh shóisialta) • feabhas a chur ar mheaitseáil na gcúrsaí athoiliúna arna n-eagrú ag an Oifig Saothair le cuardaitheoirí poist
186	Athchóiriú 1: Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt	Garsprioc	Bunachar sonraí de chúrsaí athscilithe agus uas-scilithe	Bunachar sonraí poiblí de chúrsaí uas-scilithe agus athscilithe a cuireadh i bhfeidhm				R4	2023	Is éard a bheidh sa bhunachar sonraí cláir uas-scilithe agus athscilithe arna ndeimhniú de réir an Achta Fostaíochta (arna soláthar ag an Oifig Saothair) chomh maith le cúrsaí a chuireann gairmscoileanna, institiúidí ardoideachais agus soláthraithe eile ar fáil.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
187	Infheistíocht 1: Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt	Cuspóir sonrach	Líon na ndeimhnithe oiliúna		Uimhir	0	130 000	R4	2025	Eiseofar 130000 deimhniú oiliúna ar a laghad sna scileanna digiteacha nó sna scileanna digiteacha is gá do Thionscal 4.0.
188	Athchóiriú 1: Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt	Cuspóir sonrach	Líon na n-ionad oiliúna réigiúnach atá feistithe		Uimhir	0	14	R4	2025	Beidh 14 ionad oiliúna ar a laghad feistithe.
190	Infheistíocht 2: Acmhainneacht na saoráidí réamhscoile a mhéadú	Cuspóir sonrach	Líon na saoráidí nua réamhscoile		Uimhir	0	508	C2	2026	Tógfar nó athchóireofar 508 saoráid réamhscoile. .
192	Athchóiriú 2: Inbhuanaitheacht mhaoiniú na saoráidí cúraim leanaí a áirithiú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le cúram leanaí (leasú ar Acht Uimh. 247/2014 maidir le seirbhísí cúraim leanaí a sholáthar i ngrúpa leanaí)	Foráil sa dlí maidir le cúram leanaí (leasú ar Acht Uimh. 247/2014 maidir le seirbhísí cúraim leanaí a sholáthar i ngrúpa leanaí) lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2023	Déanfar an méid seo a leanas leis an dlí maidir le cúram leanaí réamhscoile (leasú ar Acht Uimh. 247/2014 maidir le seirbhísí cúraim leanaí a sholáthar i ngrúpa leanaí) • maoiniú cobhsaí a chinntiú do shaoráidí réamhscoile do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois • díriú ar rochtain ar chúram leanaí inacmhainne a áirithiú do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois i ngach réigiún.
193	Athchóiriú 3: Athchóiriú ar chúram fadtéarmach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le cúram fadtéarmach	Foráil sa dlí maidir le cúram fadtéarmach lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2023	Déanfar an méid seo a leanas leis an dlí maidir le cúram fadtéarmach: • díriú ar chúram fadtéarmach sláinte agus sóisialta a chomhtháthú; • ardchaighdeáin cháilíochta a áirithiú do gach cineál seirbhíse cúraim fhadtéarmaigh; • cúram pobalbhunaithe agus cúram baile a chur chun cinn lena n-áiritheofar maireachtáil neamhspleách sa timpeallacht nádúrtha; • córas cobhsaí a áirithiú maidir le maoiniú leordhóthanach na seirbhísí cúraim

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										fhadtéarmaigh, lena n-áirítear le haghaidh cúram pobalbhunaithe agus cúram baile; • rialacha a shainiú maidir le faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an chúraim, ar cheanglais don fhoireann (lena n-áirítear cáilíochtaí) agus ar threalamh; • rochtain ar sholáthraithe príobháideacha cúraim fhadtéarmaigh a cheadú agus na rialacha agus na caighdeáin cháilíochta chéanna á gcur i bhfeidhm maidir le gach soláthraí ag an am céanna. Féadfaidh idirthréimhse a bheith i bhfeidhm, bunaithe ar réasúnuithe iomchuí. Tosóidh an idirthréimhse sin le foilsiú an ghnímh san Iris Oifigiúil agus beidh sí nasctha le srianta teicniúla nó teicneolaíocha.
273	Infheistíocht 3: Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú	Garsprioc	Leasú ar an Acht Seirbhísí Sóisialta a bhaineann le gearáin	An tAcht um Sheirbhísí Sóisialta Leasaithe				R4	2024	Leasófar an tAcht um Sheirbhísí Sóisialta, tiocfaidh an leasú i bhfeidhm agus bunóidh sé sásra gearáin seirbhíse sóisialta lena n-áiritheofar an méid seo a leanas ar a laghad: • Tá sé de cheart ag cliaint, caomhnóirí dlíthiúla an chliaint agus baill teaghlaigh gearáin a bhaineann le seirbhísí sóisialta a chur faoi bhráid a soláthraí. • Tá sé de cheart ag gearánaigh go gcuirfí ar an eolas iad faoin gcaoi ar réitíodh an gearán. • Tá sé de cheart ag gearánaigh achomharc a dhéanamh chuig comhlacht atá neamhspleách ar an soláthraí seirbhíse; agus breithneoidh an comhlacht na hachomhairc de réir fiúntais agus próisis araon. • Coinneoidh soláthraithe seirbhíse chomh maith leis an gcomhlacht nó na

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										comhlachtaí achomhairc ábhartha taifead ar na gearáin a fhaightear.
195	Infheistíocht 3: Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Líon na saoráidí pobalbhunaithe cónaithe, othar seachtrach, for-rochtana, coisc agus comhairleoireachta arna dtógáil nó arna n-athchóiriú		Líon na saoráidí	0	200	C2	2026	Déanfar 200 saoráid ar a laghad a thógáil nó a athchóiriú. Eiseofar modheolaíocht inmheánach chun cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí sóisialta. Leis an modheolaíocht, forordófar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas mar cheann de na foinsí ceanglas a bheidh le seiceáil ag cigirí. Thairis sin, déanfar cigireacht ar sheirbhísí sóisialta a sholáthraítear i 30 saoráid atá ann cheana ina bhfuil acmhainneacht níos mó ná 25 dhuine tar éis an mhodheolaíocht chigireachta nua a eisiúint.
196	Infheistíocht 3: Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	T1: An líon feithiclí astaíochtaí ísle a ceannaíodh le haghaidh soláthraithe seirbhísí coisc shóisialta, comhairleoireachta nó cúraim baile		Uimhir	0	251	R4	2024	Ceannófar 251 fheithicil astaíochtaí ísle ar a laghad, lena n-áirítear: • 100 gluaisteán ceallra-leictreach ar a laghad • 151 charr hibrideach inluchtaithe ar a mhéad
274	Infheistíocht 4: Bonneagar a fhorbairt agus a nuachóiriú i réimse an chúraim do leanaí atá i mbaol	Garsprioc	Glao ar thionscadail a foilsíodh le haghaidh tithíocht do leanaí atá i mbaol	Glaoigh				C1	2024	Foilseofar glao amháin ar thionscadail ar a laghad chun tithíocht a fháil do leanaí atá i mbaol. Ceanglófar an méid seo a leanas leis an nglao/na glaonna ábhartha: 1. Ní bheidh gach aonad tithíochta níos mó ná 200 m² agus beidh seomraí leapa deartha do bheirt leanaí ar a mhéad. 2. Ní bheidh seomraí leapa atá deartha do bheirt leanaí níos lú ná 12.25 m² agus ní bheidh seomraí leapa atá deartha do leanbh amháin níos lú ná 8 m². 3. Úsáidfidh leanaí atá i mbaol na haonaid tithíochta laistigh de 12 mhí ar a mhéad ó

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										ceannaíodh iad. 4. Úsáidfear na haonaid tithíochta chun críoch sóisialta ar feadh 10 mbliana ar a laghad.
275	Infheistíocht 4: Bonneagar a fhorbairt agus a nuachóiriú i réimse an chúraim do leanaí atá i mbaol	Garsprioc	Glao ar thionscadail a foilsíodh le haghaidh saoráidí do leanaí atá i mbaol	Glao ar thionscadail				C1	2024	Foilseofar glao amháin ar thionscadail ar a laghad chun saoráidí a fháil, a athchóiriú nó a thógáil do leanaí atá i mbaol. Ceanglófar an méid seo a leanas leis an nglao/na glaonna ábhartha: 1. Is é a bheidh i ngach saoráid trí árasán ar a mhéad, beidh gach árasán deartha le haghaidh seisear leanaí ar a mhéad agus in aghaidh gach árasáin, ar a mhéad. 2. Ní bheidh seomraí leapa atá deartha do bheirt leanaí níos lú ná 12.25 m² agus ní bheidh seomraí leapa atá deartha do leanbh amháin níos lú ná 8 m². 3. Áireofar i ngach athchóiriú athchóirithe eile éifeachtúlachta fuinnimh ar a laghad. 4. Beidh éileamh fuinnimh príomhúil 20 % ar a laghad ag gach foirgníocht nua faoi bhun an cheanglais maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de. 5. Úsáidfear na saoráidí chun críoch sóisialta ar feadh 10 mbliana ar a laghad.
276	Athchóiriú 4: Athchóiriú ar chúram na leanaí atá i mbaol	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar an Acht maidir le Cosaint Shóisialta agus Dhlíthiúil Leanaí agus ar reachtaíocht eile	An gníomh dlí				R4	2024	Tiocfaidh leasuithe ar an Acht um Chosaint Shóisialta agus Dhlíthiúil Leanaí agus ar reachtaíocht eile i bhfeidhm, á áirithiú: 1. tá toirmeasc ar leanaí faoi bhun 4 bliana d'aois a chur faoi chúram institiúideach, faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas: (i) nár fhan sé níos faide ná (ar a mhéad) dhá mhí; leanaí sa chatagóir 3. nó 4. déine an chúraim; nuair a bheidh leas ann i naisc siblíní a chaomhnú. 2. Cuirtear deireadh le cúram institiúideach ('Dětské domovy pro děti do 3 let věku') do leanaí faoi bhun 4 bliana d'aois

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
278	Infheistíocht 4: Bonneagar a fhorbairt agus a nuachóiriú i réimse an chúraim do leanaí atá i mbaol	Cuspóir sonrach	Árasáin agus tithe do leanaí i mbaol		Árasáin agus tithe	0	61	C2	2026	Déanfar 61 árasán nó teach ar a laghad a fháil, a thógáil nó a athchóiriú ar bhonn an ghlao nó na nglaonna ar thionscadail i ngarspriocanna 274, 275 nó glaonna eile lena gcuirtear na ceanglais chéanna i bhfeidhm.

U. COMHCHUID 4.1: TACAÍOCHT SHISTÉAMACH DON INFHEISTÍOCHT PHOIBLÍ

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le hacmhainneacht riaracháin an riaracháin phoiblí sa tSeicia a neartú. Is é is aidhm don chomhpháirt tacaíocht mhodheolaíoch a chur ar fáil chun tionscadail a ullmhú, an creat straitéiseach agus na hacmhainneachtaí i réimse an tsoláthair phoiblí a nuachóiriú, tacú le tionscadail infheistíochta a ullmhú agus líon na mball foirne atá ag obair ar chur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sa tSeicia a mhéadú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 3 2019, ar dá réir a laghdóidh an tSeicia an t-ualach riaracháin ar infheistíocht agus a thacóidh sí le níos mó iomaíochta cáilíochtbhunaithe sa soláthar poiblí, agus le moladh tírshonrach 3 2020, ar dá réir a thacóidh an tSeicia le fiontair bheaga agus mheánmhéide trí úsáid níos mó a bhaint as ionstraimí airgeadais chun tacaíocht leachtachta a áirithiú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus ríomhsheirbhísí rialtais a fheabhsú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

U.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Tacaíocht mhodheolaíoch chun tionscadail a ullmhú i gcomhréir le cuspóirí an Aontais

Is éard atá san athchóiriú athruithe institiúideacha agus nós imeachta agus is é is aidhm dó fothú acmhainneachta a sholáthar chomh maith le tacaíocht mhodheolaíoch agus faisnéise d'infheisteoirí poiblí e.g. bardais, réigiúin nó corparáidí atá faoi úinéireacht eintiteas poiblí atá freagrach as infheistíochtaí poiblí a chur chun feidhme. Soláthróidh an Lárionad Comhordúcháin agus Inniúlachta bunaithe an tacaíocht mhodheolaíoch agus faisnéise sin. Díreoidh an t-athchóiriú ar phlean bainistíochta an Lárionaid Comhordúcháin agus Inniúlachta a ghlacadh ina mbeidh tuairisc mhionsonraithe ar na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht agus ar amlíne a gcur chun feidhme.

Cuirfear an t-athchóiriú sin chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 2: Tacaíocht mhodheolaíoch agus nuachóiriú na hinfheistíochta poiblí

Is éard atá san athchóiriú athruithe institiúideacha agus nós imeachta agus is é is aidhm dó tacú le hullmhú agus glacadh straitéise nua um sholáthar poiblí agus plean gníomhaíochta chun í a chur chun feidhme. Díreofar sa straitéis agus sa phlean gníomhaíochta ar na tosaíochtaí seo a leanas ar a laghad: údaráis chonarthacha a ghairmiúlú, ceannach inbhuanaithe, lárú agus ceannacháin chomhpháirteacha.

Cuirfear an t-athchóiriú sin chun feidhme faoin 31 Márta 2024.

Athchóiriú 3: Tacaíocht airgeadais chun tionscadail a ullmhú i gcomhréir le cuspóirí an Aontais

Is é is aidhm don athchóiriú tacú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha 300 doiciméadacht tionscadail ar a laghad a ullmhú i gcomhréir le cuspóirí an Aontais.

Cuirfear an t-athchóiriú sin chun feidhme faoin 30 Meán Fómhair 2024.

Athchóiriú 4: Éifeachtacht a mhéadú agus cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a fheabhsú

Is éard atá san athchóiriú athruithe institiúideacha agus nós imeachta agus is é is aidhm dó an acmhainneacht riaracháin a neartú chun Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Seicia a chomhordú agus a chur chun feidhme. Earcófar daoine coibhéiseacha lánaimseartha nua chun tacú le gníomhaíochtaí straitéiseacha, anailíseacha, comhordúcháin, faireacháin, rialaithe agus cumarsáide na gcomhlachtaí a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an Phlean, lena n-áirítear a chomhordú agus a iniúchadh. Tacófar freisin le feachtas cumarsáide agus meán chomh maith le feidhmiúlachtaí nua an chórais faireacháin agus tuairiscithe.

Cuirfear an t-athchóiriú sin chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

U.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
280	Athchóiriú 1: Tacaíocht mhodheolaíoch chun tionscadail a ullmhú i gcomhréir le cuspóirí an Aontais	Garsprioc	An Lárionad Comhordúcháin agus Inniúlachta a bhunú agus a phlean bainistíochta a ghlacadh.	Bunaítear an Lárionad Comhordúcháin agus Inniúlachta agus glactar a phlean bainistíochta				R4	2023	Bunófar an Lárionad Comhordúcháin agus Inniúlachta chun tacaíocht mhodheolaíoch a sholáthar chun tionscadail a ullmhú i gcomhréir le cuspóirí an Aontais. Áireofar sa phlean bainistíochta tuairisc ar ghníomhaíochtaí beartaithe an Lárionaid mar aon le hamlíne a n-ullmhaithe. Áireofar ar na gníomhaíochtaí ar a laghad doiciméid treorach a ullmhú, oiliúint, scaipeadh agus tacaíocht d'údaráis eile.
281	Athchóiriú 2: Tacaíocht mhodheolaíoch agus nuachóiriú na hinfheistíochta poiblí	Garsprioc	Straitéis nua um sholáthar poiblí agus plean gníomhaíochta maidir lena cur chun feidhme glactha ag Rialtas Phoblacht na Seice	Glacadh an straitéis agus an plean gníomhaíochta				C1	2024	Glacfar straitéis nua soláthair phoiblí agus plean gníomhaíochta chun í a chur chun feidhme. Díreofar sa straitéis agus sa phlean gníomhaíochta ar na tosaíochtaí seo a leanas ar a laghad: údaráis chonarthacha a ghairmiúlú, ceannach inbhuanaithe, lárú agus ceannacháin chomhpháirteacha. Áireofar sa phlean gníomhaíochta amlíne agus cuspóirí maidir le cur chun feidhme na réimsí tosaíochta a fhorbrófar sa straitéis.
282	Athchóiriú 3: Tacaíocht airgeadais chun tionscadail a ullmhú i gcomhréir le cuspóirí an Aontais	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta		Líon na gcinntí dámhachtana a eisíodh	0	300	C3	2024	Tacófar le doiciméid tionscadail a ullmhú le haghaidh 300 tionscadal. Eiseoidh an soláthraí fóirdheontais (an Aireacht Forbartha Réigiúnaí) Cinneadh maidir le Dámhachtain Fóirdheontais le haghaidh gach tionscadail.
284	Athchóiriú 4: Éifeachtacht a mhéadú agus cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a fheabhsú	Garsprioc	Formheas rúin rialtais maidir leis an acmhainneacht riaracháin a mhéadú chun an Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme (cinneadh maidir le córasú) agus an	Cinneadh formheasta rialtais maidir leis an acmhainneacht riaracháin a mhéadú chun an plean agus an buiséad gaolmhar a chur chun feidhme				C3	2023	Formheasfar rún/rúin rialtais lena n-ordaítear don Aire Gnóthaí Baile an acmhainneacht riaracháin a mhéadú chun tacú le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Déanfaidh sé a) córasú/córasú post sna haireachtaí ábhartha (úinéirí comhpháirteanna) agus sna heintitis cur chun feidhme a áireamh; b) cistí a leithdháileadh le haghaidh réamh-mhaoiniú ó bhuiséad an stáit

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			buiséad gaolmhar a fhormheas							c) an acmhainneacht chun NPO a chur chun feidhme a mhéadú trí úsáid a bhaint as comhaontú chun obair a dhéanamh. Formheasfaidh an rialtas cistiú ón mbuiséad náisiúnta chun na suíomhanna arna leithdháileadh faoin gcinneadh córasaithe a réamh-mhaoiniú.
285	Athchóiriú 4: Éifeachtacht a mhéadú agus cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Líon na ndaoine atá ag obair ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a mhéadú faoi 2023		Daoine coibhéiseacha lánaimseartha	196	338	R4	2023	Oibreoidh ar a laghad 338 duine coibhéise lánaimseartha ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta.
286	Athchóiriú 4: Éifeachtacht a mhéadú agus cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a fheabhsú	Garsprioc	Plean formheasta do na meáin agus don chumarsáid le haghaidh an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta athbhreithnithe	Plean formheasta do na meáin agus don chumarsáid le haghaidh an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta athbhreithnithe				C1	2024	Glacfar nuashonrú ar an bplean meán agus cumarsáide don Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta athbhreithnithe.
287	Athchóiriú 4: Éifeachtacht a mhéadú agus cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a fheabhsú	Garsprioc	Uasghrádú ar an gcóras stórais (AIS)	Beidh an stórchóras uasghrádaithe (AIS) ar fáil do na comhlachtaí a chuireann an RRP chun feidhme				C3	2024	Beidh an córas stórais uasghrádaithe i bhfeidhm agus oibríochtúil. Áireofar sa chóras, ar a laghad, na heilimintí nua seo a leanas: a. Garspriocanna agus spriocanna nua agus modhnú ar shonraí garsprice/sprice atá ann cheana; b. Feidhmiúlachtaí nua atá nasctha le cruthú tuarascálacha staidrimh; c. an córas a fhorbairt de réir ceanglais tuairiscithe bhreise.
288	Athchóiriú 4: Éifeachtacht a mhéadú agus cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a	Cuspóir sonrach	Líon na ndaoine atá ag obair ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a mhéadú faoi 2024		Daoine coibhéiseacha lánaimseartha	338	470	R4	2024	Oibreoidh ar a laghad 470 duine coibhéiseach lánaimseartha ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	fheabhsú									

V. COMHCHUID 4.2: IONSTRAIMÍ NUA COTHROMAIS CÁILÍOCHTA CHUN FIONTRAÍOCHT AGUS FORBAIRT BHANC RÁTHAÍOCHTA AGUS FORBARTHA PHOBLACHT NA SEICE AGUS NA MORÁIVE (ČMZRB) A CHUR CHUN CINN MAR BHANC FORBARTHA NÁISIÚNTA

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an rochtain atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) ar mhaoiniú.

Is iad cuspóirí na comhpháirte líne táirgí ČMZRB a leathnú chun ionstraim chuasachothromais nua a áireamh agus acmhainneachtaí ČMZRB a neartú chun í a chur chun feidhme, lena n-áirítear nósanna imeachta rialála inmheánacha agus córais TF a dhearadh. Beidh sé ina dhlúthchuid den athchóiriú straitéis ČMZRB a thabhairt cothrom le dáta chun prionsabail maidir le maoiniú inbhuanaithe a áireamh i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil an Aontais agus an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ á chur i bhfeidhm ina iomláine.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide trí úsáid níos mó a bhaint as ionstraimí airgeadais chun tacaíocht leachtachta a áirithiú (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

V.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Banc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive a fhorbairt mar Bhanc Forbartha Náisiúnta

Is é is cuspóir don athchóiriú seasamh ČMZRB mar bhanc forbartha náisiúnta a neartú, mar aon lena chumas ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme, go háirithe na hionstraimí sin a thacaíonn le cuspóirí an aistrithe ghlais.

Beidh sé d’aidhm ag an athchóiriú na cuspóirí seo a leanas a chur i gcrích:

- Straitéis ČMZRB a thabhairt cothrom le dáta chun prionsabail maidir le maoiniú inbhuanaithe a chur san áireamh i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil an Aontais.
- Acmhainní institiúideacha agus daonna a neartú chun bainistiú éifeachtúil an chineáil nua ionstraimí airgeadais a áirithiú, lena n-áirítear trí nósanna imeachta rialála inmheánacha na gcóras TF don táirge nua a choigeartú.
- Modheolaíocht a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail agus chun iad a roghnú, modheolaíocht a chomhlíonann na ceanglais maidir le treoir theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus na critéir chlibeála ghlasa mar a bhunaítear faoi Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF, lena gceadaítear tacú le gníomhaíochtaí ag a bhfuil comhéifeacht aeráide 40 % nó 100 %.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Infheistíocht 1: Líne nua ionstraimí cuasachothromais agus iasachta glaise a fhorbairt chun tacú leis an bhfiontraíocht

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) na Seicia. Oibreoidh an tSaoráid trí mhaoiniú a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach.

Cuirfidh an tSeicia na bearta seo a leanas i gcrích:

- Comhaontú cistiúcháin a thabhairt i gcrích idir an Banc Forbartha Náisiúnta, mar chomharba ar ČMZRB, agus an Aireacht Tionscail agus Trádála, ina leagtar amach go soiléir go gcomhlíonfaidh na tionscadail a dtacaíonn ČMZRB leo faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta cuspóirí Rialachán (AE) 2021/241, lena n-áirítear critéir DNSH agus na clibeála glaise.
- Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sa chomhaontú dlíthiúil idir na hAireachtaí Tionscail agus Trádála agus an Banc Forbartha Náisiúnta agus i mbeartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:
    i. a cheangal go gcuirfear i bhfeidhm treoir theicniúil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU; agus
    ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach14; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha15; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola16 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla17; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní

---

14 Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

15 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

16 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

17 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

iii. a cheangal go bhfíoróidh an t-eintiteas iontaoibhe nó an t-idirghabhálaí airgeadais le haghaidh na n-idirbheart uile comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an tairbhí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear na hidirbhearta sin atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Is é an Banc Forbartha Náisiúnta, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Iasachtaí fo-ordaithe (mezzanine) arna gcómhaoiniú le hiasacht tráchtála ar bhonn tionscadail i gcás ina ngníomhaíonn an Banc Forbartha Náisiúnta mar chreidiúnaí fo-ordaithe; agus
- Iasachtaí glasa arna gcómhaoiniú ag iasacht tráchtála ar bhonn tionscadail gan fo-ordú.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, áireofar an t-ábhar seo a leanas sa Chomhaontú Cistiúcháin nuashonraithe arna thabhairt i gcrích idir an tSeicia agus an Banc Forbartha Náisiúnta:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.

2.Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

- An tuairisc ar an táirge airgeadais nó ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.
- Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
- An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3.An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cistiúcháin nuashonraithe agus an struchtúr táillí don Bhanc Forbartha Náisiúnta.
Chun a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, ceanglófar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin (le comhéifeacht 40 % nó 100 %).

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

V.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
198	Athchóiriú 1: Banc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive a fhorbairt mar Bhanc Forbartha Náisiúnta	Garsprioc	Glacadh straitéis mheántéarmach Bhanc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive (ČMZRB) arna formheas ag scairshealbhóirí an bhainc (a ndéanann na hAireachtaí Tionscail agus Trádála, Airgeadais agus Forbartha Áitiúla ionadaíocht orthu)	Glacadh straitéis mheántéarmach Bhanc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive (ČMZRB)				R4	2021	Déanfaidh scairshealbhóirí an bhainc an straitéis nua a fhormheas: Aireachtaí Tionscail agus Trádála, Airgeadais agus Forbartha Áitiúla). Áireofar ann forálacha maidir le comhlíonadh na Treorach Teicniúla ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ a áirithiú (2021/C58/01).
199	Athchóiriú 1: Banc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive a fhorbairt mar Bhanc Forbartha Náisiúnta	Garsprioc	Samhail bhainistíochta a chur ar fáil don ionstraim nua chuasachothromais	Formheas an phlean cur chun feidhme agus na rialachán inmheánach maidir le bainistiú an chineáil nua ionstraimí airgeadais ag Bord Stiúrthóirí Bhanc Ráthaíochta agus Forbartha na Seicia-na Moráive (ČMZRB)				R4	2021	Bainfear an chloch mhíle amach trí fhormheas a dhéanamh ar an bplean cur chun feidhme agus ar rialacháin inmheánacha maidir le bainistiú cineálacha nua ionstraimí airgeadais ag Bord Stiúrthóirí Bhanc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive (ČMZRB). Áireofar sna rialacha nua coinníollacha agus modhanna meastóireachta tionscadail lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar an treoir theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 (le comhéifeacht 40 % nó 100 %). Rachfar i gcomhairle leis na rialacha nua le heintitis mhargaidh agus le comhairleoirí gairmiúla.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
200	Infheistíocht 1: Líne nua ionstraimí cuasachothromais agus iasachta glaise a fhorbairt chun tacú leis an bhfiontraíocht	Garsprioc	Comhaontú cistiúcháin le Banc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive mar Bhanc Forbartha Náisiúnta (ČMZRB)	Síniú an Chomhaontaithe Cistiúcháin,				R4	2021	Bainfear an chloch mhíle amach nuair a shíneofar an comhaontú cistiúcháin idir Banc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive mar Bhanc Forbartha Náisiúnta (ČMZRB) agus an Aireacht Tionscail agus Trádála. Áireofar an méid seo a leanas sa chomhaontú: 1) beartas infheistíochta, 2) critéir incháilitheachta, 3) comhlíonadh Threoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) na dtairbhithe dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ceanglófar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 (le comhéifeacht 40 % nó 100 %). Sonrófar sa chomhaontú cistiúcháin nach n-úsáidfear athshreabha ón ionstraim airgeadais do Bhanc Ráthaíochta agus Forbartha na Seice-na Moráive mar phríomhchaipiteal de chuid an Bhainc Forbartha Náisiúnta (ČMZRB) go dtí tar éis 2026.
201	Infheistíocht 1: Líne nua ionstraimí cuasachothromais agus iasachta glaise a fhorbairt chun tacú leis an bhfiontraíocht	Garsprioc	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh agus aistriú cistí	Comhaontuithe dlíthiúla agus deimhniú aistrithe				C2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dhlíthiúil déanta ag an mBanc Forbartha Náisiúnta le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d’infheistíocht RRF sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh) i gcomhréir leis an gComhaontú Cistiúcháin nuashonraithe. Cuirfidh an Banc Forbartha Náisiúnta tuarascáil ar fáil ina sonrófar céatadán an mhaoinithe sin a rannchuidíonn le cuspóirí

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Aistreoidh an tSeicia EUR 6000000 chuig an mBanc Forbartha Náisiúnta le haghaidh na Saoráide. Beidh an t-aistriú ag brath ar cheanglais na tuairisce ar an mbeart a bheith san áireamh sna comhaontuithe conarthacha ábhartha.

W. COMHCHUID 4.3: ATHCHÓIRITHE FRITHÉILLITHE

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le creat frithéillithe Phoblacht na Seice a neartú trí reachtaíocht a ghlacadh maidir le cosaint sceithirí agus rialáil brústocaireachta. Beidh sé d'aidhm ag an athchóiriú freisin bunachair sonraí anailíseacha a fhorbairt maidir leis an éilliú, a d'fhéadfaí a úsáid ina dhiaidh sin chun bearta frith-éillithe níos éifeachtaí agus níos spriocdhírithe a cheapadh agus a chur chun feidhme. Áirítear sa chomhpháirt freisin athchóiriú ar na breithiúna arb é is aidhm dó an creat reachtach agus an trédhearcacht a neartú i réimsí na gcúirteanna, na mbreithiúna, na n-ionchúisitheoirí agus na mbáillí.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 1, 2019, ar dá réir a ghlacfaidh an tSeicia bearta frithéillithe atá ar feitheamh.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

W.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Sceithirí a chosaint

Is é is aidhm don bheart feabhas a chur ar na coimircí dlíthiúla do sceithirí agus feabhas a chur ar an dearcadh atá ag sceithirí laistigh den riarachán poiblí agus sa tsochaí shibhialta. Tá reachtaíocht nua beartaithe chun cosaint éifeachtach sceithirí ar fhrithbheart ag an obair a áirithiú, lena mbunaítear bealaí tuairiscithe inmheánacha le haghaidh sceithireachta ag institiúidí poiblí, bardais agus cuideachtaí móra. Bunófar córas fógartha seachtrach le haghaidh sceithireachta san Aireacht Dlí agus Cirt. Chun feabhas a chur ar an dearcadh atá ag sceithirí, reáchtálfar feachtas múscailte feasachta a bheidh dírithe ar an riarachán poiblí agus ar na breithiúna araon, agus ar an bpobal i gcoitinne.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 2: An creat reachtach agus an trédhearcacht a neartú i réimsí na gcúirteanna, na mbreithiúna, na n-ionchúisitheoirí agus na mbáillí

Is é is aidhm don athchóiriú seo córas trédhearcach aonfhoirmeach a bhunú chun breithiúna agus sealbhóirí oifige breithiúnaí a earcú agus a roghnú bunaithe ar chritéir bheachta, oibiachtúla agus aonfhoirmeacha. Ina theannta sin, is é is aidhm don athchóiriú gníomhaíochtaí coimhdeacha na mbreithiúna a rialáil ar bhealach níos mionsonraithe agus imeachtaí cúirte a bhaineann le measúnóirí a chuíchóiriú. Féachann sé freisin le coimircí na n-imeachtaí araíonachta do bhreithiúna, ionchúisitheoirí agus báillí a neartú trí athbhreithniú achomhairc a thabhairt isteach. Bainfear an t-athchóiriú amach leis na bearta seo a leanas:

- Teacht i bhfeidhm, faoin 31 Nollaig 2021, an dlí maidir le cúirteanna, breithiúna, measúnóirí agus riarachán stáit na gcúirteanna (Acht na gCúirteanna agus na mBreithiúna);
- Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le himeachtaí i gcásanna breithiúna, ionchúisitheoirí agus báillí faoin 31 Eanáir 2025.

Athchóiriú 3: Sonraí maidir le héilliú a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu

Is é is aidhm don athchóiriú sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a fháil maidir le leitheadúlacht an éillithe agus an raon uirlisí a leathnú chun na príomhchineálacha éillithe in earnálacha éagsúla a mhapáil agus a anailísiú. Bainfear é sin amach le tionscadal taighde, lena sainaithneofar méid agus cineálacha an éillithe in earnálacha roghnaithe i bPoblacht na Seice. Is é a bheidh mar thoradh ar an anailís moltaí maidir le bearta chun éilliú a laghdú sna hearnálacha roghnaithe agus meastar go gcuirfear san áireamh iad i straitéisí frithéillithe an rialtais amach anseo. Molfar sa tuarascáil taighde chríochnaitheach modheolaíocht chun taithí dhíreach agus indíreach ar éilliú a thomhas. Cuirfear an mhodheolaíocht ar fáil d'údaráis rialtais, d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus do phobail acadúla chun tuilleadh forbartha agus cur i bhfeidhm a dhéanamh.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 4: Rialacha a bhunú maidir le brústocaireacht

Ní rialaítear an bhrústocaireacht sa tSeicia faoi láthair. Is é is aidhm don athchóiriú seo creat dlíthiúil a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí brústocaireachta sa phróiseas reachtach, grinnscrúdú poiblí ar bhrústocaireacht a chumasú agus, ar an gcaoi sin, trédhearcacht an phróisis reachtaigh ina iomláine a mhéadú. Glacfar dlí nua maidir le brústocaireacht, lena leagfar síos rialacha maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta chun idirdhealú a dhéanamh idir gníomhaíochtaí brústocaireachta dlisteanacha agus brústocaireacht neamh-inmhianaithe neamh-thrédhearcach.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 3 Nollaig 2024.

Athchóiriú 5: Rialú agus iniúchadh

Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme, tá cosaint éifeachtúil leasanna airgeadais an Aontais faoi réir bearta iomchuí a bhunú chun calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú mar a shainmhínítear in Airteagal 61 den Rialachán Airgeadais. Dá bhrí sin, is réamhriachtanas é feabhas a chur ar an timpeallacht rialaithe agus iniúchóireachta chun an plean a chur chun feidhme go héifeachtúil i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Áirítear san athchóiriú sin roinnt beart chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe (i) feabhsuithe ar an gcóras rialaithe náisiúnta chun cásanna coinbhleachta leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, (ii) athbhreithniú ar chomhlíonadh na nósanna imeachta náisiúnta chun a áirithiú go bhfuil cur i bhfeidhm na húinéireachta tairbhiúla i gcomhthéacs chóras rialaithe inmheánaigh na Saoráide ailínithe go hiomlán leis an sainmhíniú ar 'úinéirí tairbhiúla' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 6 de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843, (iii) straitéis iniúchóireachta a ghlacadh lena n-áirithítear iniúchadh neamhspleách agus éifeachtach ar chur chun feidhme STA, (iv) formheas na nósanna imeachta don chóras chun sonraí a bhailiú, a stóráil agus a phróiseáil i ndáil leis na faighteoirí deiridh uile, lena n-áirítear na húinéirí tairbhiúla uile mar a bhunaítear le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2015/849, agus (v) córas stórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme STA agus chun na sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 22(2)(d) de Rialachán (AE) 2021/241 a bhailiú agus a stóráil.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2022. Comhlíonfar na garspriocanna sin go léir sula gcuirfear an chéad iarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin.

W.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
202	Athchóiriú 1: Sceithirí a chosaint	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le cosaint sceithirí agus an dlí leasaitheach a ghabhann leis	Foráil sa dlí maidir le cosaint sceithirí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2023	Déanfar an méid seo a leanas leis an dlí maidir le cosaint sceithirí: • cosc a chur ar bhearta díoltais i gcoinne sceithirí • a cheangal go mbunófar cainéal fógra seachtrach le haghaidh sceithireachta san Aireacht Dlí agus Cirt • ceangal a chur ar institiúidí poiblí, ar bhardais mhóra agus ar chuideachtaí móra córais fógartha inmheánacha a chur ar bun le haghaidh sceithireachta
203	Athchóiriú 2: Athchóiriú breithiúnach arb é is aidhm dó an creat reachtach agus an trédhearcacht a neartú i réimsí na gcúirteanna, na mbreithiúna, na n-ionchúisitheoirí agus na mbáillí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm Acht na gCúirteanna agus na mBreithiúna	Foráil in Acht na gCúirteanna agus na mBreithiúna lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2021	Maidir le hAcht na gCúirteanna agus na mBreithiúna: • rialacha oibiachtúla a thabhairt isteach maidir le breithiúna agus oifigigh chúirte a roghnú • Rialachán níos mionsonraithe a chur ar fáil maidir le gníomhaíocht thánaisteach breithiúna • cuíchóiriú a dhéanamh ar imeachtaí cúirte ina mbíonn breithiúna tuata rannpháirteach
204	Athchóiriú 2: Athchóiriú breithiúnach arb é is aidhm dó an creat reachtach agus an trédhearcacht a neartú i réimsí na gcúirteanna, na mbreithiúna, na n-	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le himeachtaí i gcásanna breithiúna, ionchúisitheoirí agus báillí	Foráil sa dlí maidir le himeachtaí i gcásanna breithiúna, ionchúisitheoirí agus báillí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2024	Leis an dlí maidir le himeachtaí i gcásanna breithiúna, ionchúisitheoirí agus báillí: • athbhreithniú atá bunaithe ar achomharc a thabhairt isteach ar chinntí an Bhoird Araíonachta • bearta a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht a mhéadú in imeachtaí breithiúna, ionchúisitheoirí agus báillí, eadhon maidir le comhdhéanamh na mBord Araíonachta, tuarastail do státseirbhísigh a ciontaíodh as mí-iompar araíonachta agus cás araíonachta a shocrú trí chomhaontú

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	ionchúisitheoirí agus na mbáillí									
205	Athchóiriú 3: Sonraí maidir le héilliú a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu	Garsprioc	Modheolaíocht a chruthú chun éilliú i bPoblacht na Seice a thomhas	Foilsiú na modheolaíochta ag an Aireacht Dlí agus Cirt				R4	2023	Leis an modheolaíocht nua, beifear in ann taithí dhíreach agus indíreach an éillithe i bPoblacht na Seice a thomhas ar bhealach inmhacasamhlaithe agus éifeachtúil. Beidh sé mar chuid den tuarascáil taighde deiridh ina ndéanfar an méid seo a leanas freisin: • méid agus cineálacha an éillithe in earnálacha sóisialta roghnaithe i bPoblacht na Seice a shainaithint. • moltaí a cheapadh maidir le bearta chun an t-éilliú a laghdú sna hearnálacha roghnaithe
206	Athchóiriú 4: Brústocaireacht a rialáil	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le brústocaireacht	Foráil sa dlí maidir le brústocaireacht lena léirítear teacht i bhfeidhm				R4	2024	Leis an dlí maidir le brústocaireacht, déanfar an méid seo a leanas: • brústocaireacht a shainiú • a cheangal go mbunófar clár brústocairí agus daoine stocaireachta • oibleagáid a thabhairt isteach brústocaireacht agus smachtbhannaí a chlárú i gcás neamhchomhlíonta.
207	Athchóiriú 5: Rialú agus iniúchadh	Garsprioc	An córas chun sonraí a bhailiú, a stóráil agus a chur ar fáil i ndáil leis na faighteoirí deiridh uile lena n-áirítear na húinéirí tairbhiúla uile (mar a bhunaítear le hAirteagal 3, pointe 6, den Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid.	An nós imeachta arna fhormheas agus arna chur chun feidhme ag an aonad seachadta leis an tuairisc ar an gcóras chun sonraí maidir le faighteoirí deiridh a bhailiú agus a chur ar fáil				C2	2022	Tá an nós imeachta lena dtugtar tuairisc ar an gcaoi a mbaileofar agus a stórálfar na sonraí maidir le faighteoirí deiridh, conraitheoirí, fochonraitheoirí, úinéirí tairbhiúla agus an liosta d'aon bhearta chun athchóirithe agus tionscadail infheistíochta a chur chun feidhme á chur chun feidhme go rathúil. Beidh an córas chun sonraí maidir le faighteoirí deiridh a bhailiú agus a chur ar fáil i gcomhréir le ceanglais Airteagal 22(2)(d) de Rialachán RRF. Cumhdófar go sainráite sa tuairisc sin gach catagóir sonraí a luaitear in Airteagal 22(2)(d), lena n-áirítear maidir le 'húinéirí tairbhiúla' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 6, de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843. Déanfaidh Comhairle Bainistíochta RRF na nósanna imeachta a fhormheas agus a chur chun feidhme. Beidh an córas chun sonraí a bhailiú bunaithe ar dhea-chleachtais chóras MS2014+ agus leanfaidh sé na dea-chleachtais sin.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thascach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
208	Athchóiriú 5: Rialú agus iniúchadh	Garsprioc	Plean gníomhaíochta maidir le córas riaracháin an chomhlachta comhordúcháin a chruthú agus a chur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le coinbhleacht leasa a chosc go leordhóthanach agus go córasach i gcomhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.	Cur chun feidhme éifeachtach an phlean gníomhaíochta deimhnithe ag nósanna imeachta agus próisis nuashonraithe an chomhlachta comhordúcháin				R4	2021	Le cur chun feidhme éifeachtach an phlean gníomhaíochta, áiritheofar córas riaracháin inmheánach éifeachtúil de chuid an chomhlachta comhordúcháin, go háirithe maidir leis an gcoinbhleacht leasa a chosc go leordhóthanach agus go córasach. Áireofar sa phlean gníomhaíochta bearta chun a áirithiú go mbeadh íocaíochtaí le faighteoirí deiridh, conraitheoirí agus fochonraitheoirí faoin bPlean faoi réir rialuithe roimh ré ar fhíorú coinbhleachta leasa síos go dtí leibhéal na n-úinéirí tairbhiúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 6, de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
209	Athchóiriú 5: Rialú agus iniúchadh	Garsprioc	Bearta lena gcoisctear coinbhleacht leasa arna gcur chun feidhme ag an gcomhlacht comhordaithe.	Tuarascáil iniúchóireachta lena ndeimhnítear cur chun feidhme éifeachtach an phlean gníomhaíochta.				C2	2022	Déanfaidh an comhlacht iniúchóireachta iniúchadh leantach chun cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta a dheimhniú.
210	Athchóiriú 5: Rialú agus iniúchadh	Garsprioc	Córas stórais	Tuarascáil iniúchóireachta lena ndeimhnítear feidhmiúlachtaí an chórais stóir				C2	2022	Beidh stórchóras chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF i bhfeidhm agus oibríochtúil. Áireofar sa chóras, ar a laghad, na feidhmiúlachtaí seo a leanas: (a) sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú garspriocanna agus spriocanna; (b) na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán RRF a bhailiú, a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú.
211	Athchóiriú 5: Rialú agus iniúchadh	Garsprioc	Straitéis iniúchóireachta lena n-áirithítear iniúchadh neamhspleách agus éifeachtach ar chur chun feidhme RRF	Straitéis iniúchóireachta arna formheas ag ceann an chomhlachta iniúchóireachta				R4	2021	Straitéis iniúchóireachta don chomhlacht iniúchóireachta a ghlacadh agus a theacht i bhfeidhm, lena n-áiritheofar iniúchadh neamhspleách agus éifeachtach ar chur chun feidhme RRF i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Leagfar amach sa straitéis ar a laghad an mhodheolaíocht agus an cur chuige maidir le measúnú riosca, minicíocht agus cineál na n-iniúchtaí (amhail iniúchtaí ar chórais agus ar thionscadail, iniúchtaí deisce agus iniúchtaí ar an láthair) a bheidh le déanamh

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										ag céimeanna éagsúla cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta arna gcur chun feidhme faoin bPlean chomh maith le hiontaofacht na sonraí a thacaíonn le garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach.
212	Athchóiriú 5: Rialú agus iniúchadh	Garsprioc	Athbhreithniú ar an sainmhíniú ar úinéireacht thairbhiúil mar a bhaineann sé le córas rialaithe RRF	Tuarascáil ó athbhreithniú ar chomhlíonadh lena n-áirítear moltaí maidir le gníomhaíocht leantach a d'fhéadfadh a bheith ann.				R4	2021	Déanfar athbhreithniú ar chomhlíonadh na nósanna imeachta náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh cur i bhfeidhm na húinéireachta tairbhiúla i gcomhthéacs chóras rialaithe STA ailínithe go hiomlán leis an sainmhíniú ar 'úinéirí tairbhiúla' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 6, de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843. Cuimseofar san athbhreithniú reachtaíocht agus treoir araon, lena n-áirítear lámhleabhar do chlárlann na n-úinéirí tairbhiúla. Breathnófar san athbhreithniú freisin ar na smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i gcás sáruithe ar an oibleagáid faisnéis a fháil agus a shealbhú maidir leis an úinéireacht thairbhiúil, dá bhforáiltear le hAirteagal 30(1) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843. Tar éis an athbhreithnithe, déanfar na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann a cheartú.
213	Athchóiriú 5: Rialú agus iniúchadh	Garsprioc	Treoir maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú	Treoraíocht maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú arna heisiúint ag aonad seachadta an chomhlachta comhordúcháin. Athbhreithniú ag an údarás iniúchóireachta				C2	2022	Glacfaidh aonad seachadta an chomhlachta comhordúcháin treoir chun a áirithiú go seachnóidh agus go mbainisteoidh na húinéirí comhpháirte agus eintitis eile a chuireann athchóirithe agus infheistíochtaí chun feidhme faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta coinbhleacht leasa. Léireofar sa treoir raon iomlán na mbeart is gá chun buiséad an Aontais a chosaint ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí. Beidh an treoraíocht seo bunaithe ar an bhFógra ón gCoimisiún — Treoraíocht maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú faoin Rialachán Airgeadais (IO C 121, 9.4.2021, lch. 1). Leis an treoir, comhchuibheofar na bearta atá le déanamh ag úinéirí na gcomhpháirteanna agus ag eintitis eile a chuireann athchóirithe agus infheistíochtaí chun feidhme faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta (aireachtaí, comhlachtaí poiblí eile, cistí stáit, etc.).

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
214	Athchóiriú 5: Rialú agus iniúchadh	Garsprioc	Nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint i gcomhréir le hAirteagal 61 den Rialachán Airgeadais	Tuarascáil iniúchóireachta leis an tuairim iniúchóireachta neamhcháilithe maidir le héifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh RRF chun cásanna coinbhleachta leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú				C2	2022	Beidh córas rialaithe inmheánaigh RRF chun coinbhleacht leasa a sheachaint éifeachtach agus áiritheoidh sé, go háirithe, an méid seo a leanas: (a) sonraí a bhailiú, a stóráil agus a phróiseáil i ndáil leis na faighteoirí deiridh uile, lena n-áirítear na húinéirí tairbhiúla uile mar a bhunaítear le hAirteagal 3, pointe 6, de Threoir (AE) 2015/849; (b) go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh chun cásanna coinbhleachta leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 61 den Rialachán Airgeadais; agus (C) go bhfuil nósanna imeachta rialaithe náisiúnta éifeachtach chun cásanna coinbhleachta leasa a sheachaint le haghaidh na n-úinéirí tairbhiúla uile.

X. COMHCHUID 4.4: ÉIFEACHTÚLACHT AN RIARACHÁIN PHOIBLÍ A FHEABHSÚ

Leis an ngné sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le cur i bhfeidhm an chur chuige fianaisebhunaithe maidir le ceapadh beartas poiblí a neartú, agus feabhas á chur an tráth céanna ar an gcomhordú idir leibhéil éagsúla (lárnacha agus réigiúnacha) an riaracháin phoiblí. Is é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar an easpa acmhainneachtaí anailíseacha leordhóthanacha sa riarachán poiblí sa tSeicia.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach, ar dá réir a bheidh sé d'aidhm ag an tSeicia an t-ualach riaracháin a laghdú agus ríomhsheirbhísí rialtais a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

X.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Éifeachtúlacht, treoshuíomh fabhrach agus úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaisebhunaithe sa riarachán poiblí a mhéadú.

Is é cuspóir an bhirt éifeachtúlacht, treoshuíomh fabhrach agus úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaisebhunaithe sa riarachán poiblí a mhéadú. Is éard atá sa bheart gníomhaíochtaí maidir le bainistiú acmhainní daonna agus uathoibriú próiseas sa riarachán poiblí.

X.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
215	Athchóiriú 1: Éifeachtúlacht, treoshuíomh fabhrach agus úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaisebhunaithe sa riarachán poiblí a mhéadú	Cuspóir sonrach	Gníomhaíochtaí le haghaidh cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise		Gníomhaíochtaí	0	5	R4	2025	Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas sa sprioc: 1.Glacadh le stóras sonraí. Beidh sonraí roghnaithe ann maidir le gníomhaíochtaí údarás poiblí ag an údarás conarthach/ag na húdaráis chonarthacha. 2. Glacfaidh an rialtas cinneadh lena ndéanfar athrú ó bhonn ar an struchtúr eagraíochtúil i réimse an tsamhaltaithe fuinnimh aeráide. 3. Foilseofar tuarascáil ina n-athbhreithneofar doiciméid straitéise roghnaithe atá ann cheana. 4. Glacadh an údaráis chonarthaigh/na n-údarás conarthach le córas TF le haghaidh táscairí faireacháin a bhaineann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. 5. Foilseofar leagan nua den mhodheolaíocht don Anailís ar Thionchar Rialála ar líne.
289	Athchóiriú 1: Éifeachtúlacht, treoshuíomh fabhrach agus úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaisebhunaithe sa riarachán poiblí a mhéadú	Cuspóir sonrach	Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar acmhainní daonna sa riarachán poiblí agus nósanna imeachta riaracháin a uathoibriú		Gníomhaíochtaí	0	2	C2	2026	Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas ar a laghad sa sprioc: 1. Glacadh le córas/modúl/feidhmiúlacht TF chun go mbeidh an t-údarás conarthach/na húdaráis chonarthacha in ann céimeanna i nósanna imeachta riaracháin a uathoibriú. 2. Eiseoidh an príomhrúnaí stáit treoir maidir le HR oifigí na státseirbhíse (“služební úřady”).
216	Athchóiriú 1: Éifeachtúlacht, treoshuíomh fabhrach agus	Cuspóir sonrach	Oiliúint maidir le cineálacha cur chuige atá dírithe ar chliaint		Líon na ndeimhnithe oiliúna	0	1 000	C1	2025	Eiseofar 1000 deimhniú oiliúna d’fhoireann na n-údarás poiblí i gcur chuige atá dírithe ar chliaint.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaisebhunaithe sa riarachán poiblí a mhéadú		d'fhoireann na n-údarás poiblí							

Y. COMHCHUID 4.5: FORBAIRT NA HEARNÁLA CULTÚRTHA AGUS CRUTHAITHÍ

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar an ngá atá le tacú le téarnamh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, earnálacha a buaileadh go dona de dheasca phaindéim COVID-19, agus cuid dhaingean de théarnamh foriomlán eacnamaíoch agus sóisialta Phoblacht na Seice á déanamh di ag an am céanna. Spreagfaidh an chomhpháirt freisin aistriú digiteach in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus a gcomhtháthú éifeachtach laistigh d'éiceachóras nuálaíochta na Seicia. Ina theannta sin, tásé mar aidhm aige athléimneacht earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú trí stádas 'ealaíontóra' a thabhairt isteach sa reachtaíocht agus trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha chun a n-inoiriúnaitheacht do thimpeallachtaí oibre nua, go háirithe timpeallachtaí digiteacha, a chothú. Áirítear sa chomhpháirt bearta atá dírithe ar an gcultúr agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an turasóireacht a athsheoladh sna réigiúin, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an gcomhtháthú réigiúnach.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 3, 2019, ar dá réir a bhainfidh an tSeicia na bacainní a chuireann bac ar éiceachóras nuálaíochta lánfheidhmiúil a fhorbairt, agus le moladh tírshonrach 2, 2020, ar dá réir a thacóidh an tSeicia le fostaíocht trí bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, trí scileanna a sholáthar, lena n-áirítear scileanna digiteacha, agus trí rochtain ar fhoghlaim dhigiteach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

Y.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Athchóiriú reachtach lena dtugtar isteach maoiniú ilfhoinsí d'institiúidí cultúrtha agus clárú ealaíontóirí

Is é is aidhm don athchóiriú cobhsaíocht airgeadais agus inbhuanaitheacht institiúidí cultúrtha a chothú, agus stádas foirmiúil agus clárlann ealaíontóirí a thabhairt isteach lena gceadófar tacaíocht airgeadais phoiblí spriocdhírithe. Is éard atá i gceist leis leasuithe reachtacha a ghlacadh lena dtugtar isteach maoiniú comhoibritheach ilfhoinse d'institiúidí cultúrtha agus lena gcruthaítear córas clárúcháin d'ealaíontóirí atá incháilithe do thacaíocht stáit.

Áirítear leis an athchóiriú freisin clár deontas a chur ar bun chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear tacaíocht do thionscadail soghluaisteachta, líonrú agus idirnáisiúnú, tionscadail foghlama cruthaithí, forbairt scileanna d'oibrithe in earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta (e.g. scileanna digiteacha, litearthacht airgeadais, scileanna bainistíochta, tionscadail chruthaitheacha nó staidéir aonair) agus tionscadail lena gcuirtear naisc leis an earnáil oideachais chun cinn (e.g. léachtóirí eachtracha a óstáil).

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 1: Tacaíocht d'earnálacha réigiúnacha an chultúir agus na cruthaitheachta

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i bPoblacht na Seice agus naisc a chruthú idir an cultúr, tionscail na cruthaitheachta agus éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha. Is éard atá sa bheart tacaíocht do 15 lárionad réigiúnacha chultúrtha agus chruthaitheacha ar a laghad.

Infheistíocht 2: Digitiú earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le digitiú earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta chun a caomhnú agus a hinrochtaineacht a áirithiú. Is éard atá sa bheart scéim deontais chun tacú le tionscadail digitithe, mar shampla digitiú leabharlann, sócmhainní cultúrtha agus séadchomharthaí

cultúrtha náisiúnta, digitiú i réimse na n-amharcealaíon agus na hailtireachta, nó digitiú na hoidhreachta closamhairc.

Infheistíocht 3: Dearbháin chruthaitheacha agus creidiúintí dearaidh

Is é cuspóir an bhirt seo tacú leis an nuálaíocht sna hearnálacha cruthaitheacha atá ag teacht chun cinn. Is éard atá sa bheart scéim dearbhán.

Y.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
218	Athchóiriú 1: Athchóiriú reachtach lena dtugtar isteach maoiniú ilfhoinsí d'institiúidí cultúrtha agus clárú ealaíontóirí	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal cultúrtha agus cruthaitheach a fhaigheann tacaíocht		Uimhir	0	1 000	R4	2024	Cuirfear an tacaíocht ar fáil trí scéim deontais. Áireofar ar na tionscadail a fhaigheann tacaíocht tacaíocht tacaíocht tacaíocht do thionscadail soghluaisteachta, líonrú agus idirnáisiúnú, tionscadail foghlama cruthaithí, forbairt scileanna d'oibrithe in earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta (e.g. scileanna digiteacha, litearthacht airgeadais, scileanna bainistíochta, tionscadail chruthaitheacha nó staidéir aonair) agus tionscadail lena gcuirtear naisc leis an earnáil oideachais chun cinn (e.g. óstáil léachtóirí eachtracha).
219	Infheistíocht 1: Tacaíocht d'earnálacha réigiúnacha an chultúir agus na cruthaitheachta	Cuspóir sonrach	Tacaíocht d'ionaid chultúrtha agus chruthaitheacha réigiúnacha		Uimhir	0	15	R4	2025	Tabharfar tacaíocht do thógáil, d'athbheochan nó do leathnú 15 lárionad réigiúnacha cultúir agus cruthaitheachta ar a laghad. Beidh lárionad amháin ar a laghad in 12 réigiún ar a laghad de na 14 réigiún.
220	Athchóiriú 1.: Athchóiriú reachtach lena dtugtar isteach maoiniú ilfhoinsí d'institiúidí cultúrtha agus clárú ealaíontóirí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha lena gceadaítear maoiniú ilfhoinsí comhoibritheach an chultúir agus lena dtugtar isteach clárú ealaíontóirí	Foráil sna leasuithe reachtacha lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2024	Maidir leis an leasú reachtach: • maoiniú ilfhoinse cultúir a cheadú • comhar idir cathracha, réigiúin agus an stát a shimpliú • inbhuanaitheacht airgeadais na n-institiúidí cultúrtha a neartú • clár ealaíontóirí a thabhairt isteach
221	Infheistíocht 2: Earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta a dhigitiú	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht maidir le digitiú earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta		Uimhir	0	80	R4	2025	Tacófar le 80 tionscadal digitithe ar a laghad in earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta.
222	Infheistíocht 3: Dearbháin chruthaitheacha agus creidiúintí dearaidh	Cuspóir sonrach	Líon na ndearbhán cruthaitheach agus na gcreidmheasanna dearaidh a úsáideadh		Uimhir	0	3 300	R4	2025	Úsáidfear 3300 dearbhán cruthaitheach nó creidiúint dearaidh ar a laghad.

Z. COMHCHUID 5.1: TAIGHDE AGUS FORBAIRT DEN SCOTH SAN EARNÁIL SLÁINTE

Leis an gcomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le feabhas a chur ar bharr feabhais an taighde sna heolaíochtaí leighis agus i ndisciplíní gaolmhara. Áirítear leis sin taighde sna réimsí seo a leanas: galair thógálacha, ailse, néareolaíochtaí, neamhoird mheitibileacha nó galair chardashoithíocha agus taighde ar thionchar socheacnamaíoch rioscaí sláinte. Rinneadh na réimsí sin a shainaithint ar bhonn trí chritéar: na sonraí atá ann cheana maidir le rátaí báis, an acmhainneacht barr feabhais a bhaint amach agus struchtúir chomhair atá ann faoi láthair.

Is é is aidhm don chomhpháirt bonneagar eolaíoch na Seicia a nuachóiriú agus a athchóiriú de réir caighdeáin Eorpacha, struchtúir líonraithe a fhorbairt san earnáil Taighde agus Forbartha agus ilroinnt na hearnála taighde sa tSeicia a laghdú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar a bainistiú.

Soláthraíonn an chomhpháirt sin tacaíocht atá comhlántach le comhchodanna 6.1 agus 6.2 i réimse thacaíocht an chórais sláinte.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le comhar poiblí-príobháideach sa taighde agus san fhorbairt (moladh tírshonrach 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

Z.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht 1: Tacaíocht Taighde & Forbartha Poiblí do réimsí tosaíochta na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sóisialta gaolmhara

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar thacaíocht eolaíoch don riarachán poiblí agus faisnéis eolaíoch agus torthaí Taighde & Forbartha & Nuálaíochta a chomhroinnt ar bhealach níos tapúla agus níos trédhearcaí. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacú le taighde bunúsach agus feidhmeach, agus ardán eolaíoch aonair a bhunú le haghaidh réimsí tosaíochta dá dtugtar tacaíocht.

Z.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
223	Infheistíocht 1: Tacaíocht Taighde & Forbartha Poiblí do réimsí tosaíochta na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sóisialta gaolmhara	Garsprioc	Clár nua tacaíochta Taighde & Forbartha a sheoladh	Formheas an chláir ag Rialtas na Seice agus seoladh tairisceana				R4	2021	Bainfear an chloch mhíle amach nuair a sheolfar ionstraim nua um chlár sistéamach chun tacú le Taighde & Forbairt sna heolaíochtaí leighis tosaíochta agus sna heolaíochtaí sóisialta gaolmhara, eadhon: taighde ar ghalair thógálacha, taighde ar ailse, néareolaíochtaí, neamhoird mheitibileacha nó taighde ar ghalair chardashoithíocha agus taighde ar thionchar socheacnamaíoch galar, i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta a bunaíodh le Gníomh Uimh. 130/2002 maidir le tacaíocht do thaighde, d'fhorbairt thurgnamhach agus do nuálaíocht ó chistí poiblí. Glacfaidh an rialtas é tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí uile agus i nósanna imeachta comhairliúcháin inmheánacha agus idir-aireachta, tar éis dul i gcomhairle le hionadaithe na bpobal acadúil agus iarratais agus le hionadaithe na n-ollscoileanna sa Chomhairle Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta, agus tar éis acmhainneacht ionsúcháin a fhíorú. Leanfaidh an glao oscailte ar thairiscint phoiblí i dTaighde & Forbairt & Nuálaíocht don chlár nua Taighde & Forbartha na rialacha náisiúnta, a bunaíodh go háirithe in Acht Uimh. 130/2002 maidir le tacaíocht do thaighde, d'fhorbairt thurgnamhach agus do nuálaíocht ó chistí poiblí.
224	Infheistíocht 1: Tacaíocht Taighde & Forbartha Poiblí do réimsí tosaíochta na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sóisialta gaolmhara	Cuspóir sonrach	Conarthaí poiblí a dhámhachtain do cheithre chuibhreannas Taighde & Forbartha ar a laghad		Líon na gconarthaí	0	4	C2	2022	Bainfear an sprioc amach nuair a thabharfar fógra faoi dhámhachtain conarthaí poiblí do cheithre chuibhreannas Taighde & Forbartha ar a laghad sna heolaíochtaí leighis tosaíochta agus sna heolaíochtaí sóisialta gaolmhara, eadhon: taighde ar ghalair thógálacha, taighde ar ailse, néareolaíochtaí, neamhoird mheitibileacha nó taighde ar ghalair chardashoithíocha agus taighde ar thionchar socheacnamaíoch galar. EUR 196371000 ar a laghad a bheidh sa bhuiséad iomlán a leithdháilfear chun na críche sin.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
225	Infheistíocht 1: Tacaíocht Taighde & Forbartha Poiblí do réimsí tosaíochta na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sóisialta gaolmhara	Cuspóir sonrach	Prótacail maidir le toradh na meastóireachta i gcás ceithre chuibhreannas náisiúnta Taighde agus Forbartha ar a laghad		Líon na bprótacal maidir le toradh na meastóireachta	0	4	R4	2025	Bainfear an sprioc amach nuair a eiseofar prótacail maidir le toradh na meastóireachta ar fheidhmiú ceithre chuibhreannas ar a laghad arna déanamh ag sainchomhlacht comhairleach de chuid na hAireachta Oideachais, Óige agus Spóirt.

AA. COMHCHUID 5.2: TACAÍOCHT DO THAIGHDE AGUS FORBAIRT I GCUIDEACHTAÍ AGUS NUÁLAÍOCHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH I GCLEACHTAS GNÓ

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le borradh a chur faoi acmhainneacht nuálaíochta gnólachtaí intíre agus le feabhas a chur ar an gcomhar laistigh d'éiceachóras nuálaíochta na Seicia. Bainfear é sin amach trí thacaíocht a thabhairt d'fhiontair nuálacha, go háirithe maidir le digitiú, nuálaíocht eagraíochtúil agus naisc idir an saol acadúil agus an gnó. Leagfar béim sa tacaíocht ar chomhar agus sineirgí idirnáisiúnta leis an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 3 2019, ar dá réir a bhainfidh an tSeicia na bacainní a chuireann bac ar éiceachóras nuálaíochta lánfheidhmiúil a fhorbairt, agus le moladh tírshonrach 3 2020, ar dá réir a áiritheoidh an tSeicia rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí nuálacha agus a chuirfidh sí feabhas ar an gcomhar poiblí príobháideach sa taighde agus san fhorbairt.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. Go háirithe, beidh torthaí an phróisis T & N neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar leibhéal a gcur i bhfeidhm (i.e. cuirfear i bhfeidhm iad ar fud na dteicneolaíochtaí uile atá ar fáil, lena n-áirítear teicneolaíochtaí ísealtionchair), agus eisiafar leis an mbeart ex ante T & N atá tiomnaithe do na heilimintí 'T & N donn' (i.e. gual, lignít, ola/peitriliam, gás nádúrtha nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn III de Threoir Theicniúil DNSH, hidrigin ghorm agus liath, loisceoirí agus láithreáin líonta talún).

AA.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Thacaíocht do Thaighde Tionsclaíoch a chruthú

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Thacaíocht don Taighde Tionsclaíoch a bhunú, lena gcomhchuibheofar na beartais tacaíochta T & F thionsclaíocha idir lucht ceaptha beartas, soláthraithe tacaíochta TFN atá ann cheana agus Comhairle an Rialtais um TFN.

Áiritheoidh an Grúpa Comhordaithe Náisiúnta go mbunófar struchtúr chun tacú le cláir atá comhoiriúnach leis an straitéis um speisialtóireacht chliste. Ba cheart dó comhchuibhiú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le tacaíocht a dheonú agus ar chomhchruinniú na gclár ábhartha uile faoi chomhlacht cur chun feidhme aonair — Gníomhaireacht Teicneolaíochta Phoblacht na Seice.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2021.

Infheistíocht 1: Tacaíocht chun nuálaíocht a thabhairt isteach sa chleachtas gnó

Is é cuspóir an bhirt tacú le tionscadail nuálaíochta ag gnólachtaí (e.g. nuálaíocht táirgí, próiseas nó eagraíochta a thabhairt isteach i gcleachtas gnó). Is éard atá san infheistíocht tacaíocht do thionscadail nuálaíochta.

Infheistíocht 2: Tacaíocht do chomhar T & F (i gcomhréir le Straitéis Náisiúnta RIS3)

Is é cuspóir an bhirt tacaíocht a chur ar fáil don chomhar idir eagraíochtaí taighde agus gnólachtaí faoin gClár um Lárionaid Náisiúnta Inniúlachta. Is éard atá i gceist leis tacú le tionscadail chomhair gnólachtaí le heagraíocht taighde phoiblí.

Infheistíocht 3: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i réimse an chomhshaoil

Is é cuspóir an bhirt tacú le tionscadail thionsclaíocha TFN arna gcur isteach ag eagraíochtaí taighde agus fiontair, lena n-áirítear tionscadail chomhoibríocha, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a shainaithnítear faoi 'Beartas Comhshaoil Stáit Phoblacht na Seice 2030 le hionchas go 2050' agus faoi straitéis earnála na tacaíochta taighde. Is éard atá ann tacú le tionscadail TFN i réimse an chomhshaoil.

Infheistíocht 4: Tacaíocht don taighde agus don fhorbairt in éifeachtaí sineirge leis an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht

Is é cuspóir an bhirt tionscadail Séala Barr Feabhais a chistiú, go háirithe ionstraimí Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (lena n-áirítear Scéim Phíolótach Luasaire CNE), a thacaíonn le gnólachtaí a bhfuil an acmhainneacht is airde acu maidir le fás tapa, chomh maith le tacú le Comhchistí NET an Limistéir Eorpaigh Taighde (Comhpháirtíochtaí Eorpacha) lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin taighde agus forbartha is práinní sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacaíocht a thabhairt do thionscadail atá rannpháirteach i gCóistí NET an Limistéir Eorpaigh Taighde nó do thionscadail a fuair an Séala Barr Feabhais (lena n-áirítear i dTreoirthionscadal Luasaire CNE).

Infheistíocht 5: Cabhair le haghaidh taighde agus forbairt i bhfiontair i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta RIS3

Is é is cuspóir don bheart tacú le tionscadail taighde thionsclaíoch agus forbartha turgnamhaí arna gcur isteach ag fiontair i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta RIS3. Na míbhuntáistí infheistíochta a bhaineann le comhaontuithe deontais sínithe chun tacú le tionscadail agus le heisíocaíochtaí le tairbhithe deiridh.

Infheistíocht 6: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i réimse an iompair

Is é cuspóir an bhirt tacú le tionscadail T & F & N i réimse an iompair. Is éard atá san infheistíocht comhaontuithe deontais sínithe chun tacú le tionscadail agus eisíocaíochtaí le tairbhithe deiridh.

Infheistíocht 7: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i réimse an chomhshaoil

Is é cuspóir an bhirt tacú le tionscadail thionsclaíocha TFN arna gcur isteach ag eagraíochtaí taighde agus fiontair, lena n-áirítear tionscadail chomhoibríocha, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a shainaithnítear faoi 'Beartas Comhshaoil Stáit Phoblacht na Seice 2030 le hionchas go 2050' agus faoi straitéis earnála na tacaíochta taighde. Is éard atá san infheistíocht comhaontuithe deontais sínithe chun tacú le tionscadail i réimse an chomhshaoil agus eisíocaíochtaí le tairbhithe deiridh.

AA.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
226	Athchóiriú 1: Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Thacaíocht do Thaighde Tionsclaíoch a chruthú	Garsprioc	Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Thacaíocht do Thaighde Tionsclaíoch a bhunú	Tús le hoibríocht an ghrúpa				R4	2021	Bunófar Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Thacaíocht do Thaighde Tionsclaíoch agus cuirfear i bhfeidhm é. Déanfaidh an grúpa comhordúcháin na beartais tacaíochta T & F thionsclaíocha a chomhchuibhiú idir lucht ceaptha beartas, soláthraithe tacaíochta TFN atá ann cheana agus Comhairle an Rialtais um TFN, na coinníollacha maidir le tacaíocht a dheonú, agus díreoidh sé na cláir ábhartha uile faoi shainchúram Ghníomhaireacht Teicneolaíochta Phoblacht na Seice.
227	Infheistíocht 1: Tacú le glacadh na nuálaíochta sa chleachtas gnó	Cuspóir sonrach	Cistí eisíoctha		%	0	90	C2	2025	Eisíocfar 90 % ar a laghad den bhuiséad iomlán de EUR 39000000.
228	Infheistíocht 2: Tacaíocht do chomhar taighde agus forbartha (i gcomhréir leis an Straitéis um Speisialtóireacht Chliste)	Cuspóir sonrach	Comhar FBManna le heagraíocht taighde phoiblí faoi Lárionaid Náisiúnta Inniúlachta		Líon na FBManna a fhaigheann tacaíocht agus atá rannpháirteach i dtionscadail chomhair	0	60	R4	2022	Síneofar comhaontuithe deontais chun tacú le tionscadail chomhair lena mbaineann 60 FBM ar a laghad le heagraíocht taighde phoiblí faoi Lárionaid Náisiúnta Inniúlachta nuachruthaithe.
290	Infheistíocht 2: Tacaíocht do chomhar taighde agus forbartha (i gcomhréir leis an Straitéis um Speisialtóireacht Chliste)	Cuspóir sonrach	Cistí eisíoctha		%	0	90	R4	2025	Eisíocfar 90 % ar a laghad den bhuiséad iomlán de EUR 58000000.
229	Infheistíocht 3: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i réimse an	Cuspóir sonrach	Taighde agus forbairt i réimse an chomhshaoil		Líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht i réimse an chomhshaoil	43	58	C3	2022	Síneofar comhaontuithe deontais chun tacú le 15 thionscadal TFN ar a laghad i réimse an chomhshaoil. Díreoidh na tionscadail ar réimsí téamacha tosaíochta amhail cosaint agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, cosaint na haeráide agus feabhas a chur ar cháilíocht an aeir, bainistiú agus athúsáid

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	chomhshaoil									dramhaíola, cosaint an dúlra agus an tírdhreacha nó timpeallacht shábháilte athléimneach, lena n-áirítear iarmhairtí guaiseacha nádúrtha agus antrapaigineacha a chosc agus a laghdú.
291	Infheistíocht 3: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i réimse an chomhshaoil	Cuspóir sonrach	Cistí eisíoctha		%	0	90	C2	2025	Eisíocfar 90 % ar a laghad den bhuiséad iomlán de EUR 7000000.
230	Infheistíocht 4: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha in éifeachtaí sineirge leis an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht	Cuspóir sonrach	Cistí eisíoctha		%	0	90	R4	2025	Eisíocfar 90 % ar a laghad den bhuiséad iomlán de EUR 11500000.
292	Infheistíocht 5: Cabhair le haghaidh taighde agus forbairt i bhfiontair i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta RIS3	Cuspóir sonrach	Taighde agus forbairt i gcomhréir le straitéis RIS3		Líon na dtionscadal i gcomhréir le straitéis RIS3 ar síníodh comhaontú deontais ina leith	0	78	C2	2024	Síneofar comhaontuithe deontais chun tacú le 78 dtionscadal ar a laghad i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta RIS3. Beidh sé d'aidhm ag an tairiscint tacú le taighde tionsclaíoch agus le tionscadail forbartha turgnamhaí arb é is aidhm dóibh torthaí a chur i bhfeidhm, go háirithe i dtáirgeadh tionsclaíoch agus i soláthar táirgí ar an margadh, tionscadail lena bhforbraítear seirbhísí, teicneolaíochtaí agus ábhair nua, uathoibriú agus róbatú a mhéadú agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha. Beidh na tionscadail a roghnófar le haghaidh tacaíochta i gcomhréir le réimse speisialtóireachta T & F & N amháin den straitéis náisiúnta RIS3. EUR 59 milliún ar a laghad a bheidh sa bhuiséad iomlán a gheallfar sna comhaontuithe deontais do na tionscadail uile agus don tréimhse fhoriomlán cur chun feidhme.
293	Infheistíocht 5: Cabhair le haghaidh taighde agus forbairt i	Cuspóir sonrach	Cistí eisíoctha		%	0	90	R4	2025	Eisíocfar 90 % ar a laghad den bhuiséad iomlán de EUR 59000000.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	bhfiontair i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta RIS3									
294	Infheistíocht 6: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i réimse an iompair	Cuspóir sonrach	Taighde agus forbairt i réimse an iompair		Líon na dtionscadal i réimse an iompair ar síníodh comhaontú deontais ina leith	0	16	C2	2024	Síneofar comhaontuithe deontais chun tacú le 16 thionscadal T & F ar a laghad i réimse an iompair. Beidh sé d'aidhm ag an tairiscint tacú le tionscadail le haghaidh taighde feidhmeach, forbairt thurgnamhach agus nuálaíocht i gceann de na réimsí seo a leanas: (i) iompar inbhuanaithe, inrochtana agus sábháilte, (ii) uathoibriú, digitiú agus iompar atá chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de, (iii) iompar astaíochtaí nialasacha. Na tionscadail a roghnófar le haghaidh tacaíochta, beidh siad i gcomhréir freisin le ceann amháin den dá réimse speisialtóireachta seo a leanas den straitéis náisiúnta RIS3: (i) iompar glas; agus (ii) iompar atá ard ó thaobh na teicneolaíochta de agus sábháilte. EUR 8 milliún ar a laghad a bheidh sa bhuiséad iomlán a gheallfar sna comhaontuithe deontais do na tionscadail uile agus don tréimhse fhoriomlán cur chun feidhme.
295	Infheistíocht 6: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i réimse an iompair	Cuspóir sonrach	Cistí eisíoctha		%	0	90	R4	2025	Eisíocfar 90 % ar a laghad den bhuiséad iomlán de EUR 8000000.
296	Infheistíocht 7: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i réimse an chomhshaoil	Cuspóir sonrach	Taighde agus forbairt i réimse an chomhshaoil		Líon na dtionscadal a bhfuil comhaontú deontais sínithe ina leith	0	35	C2	2024	Síneofar comhaontuithe deontais chun tacú le 35 thionscadal T & F&N;I ar a laghad i réimse an chomhshaoil. Beidh na tionscadail a roghnófar le haghaidh tacaíochta i gcomhréir freisin le réimse speisialtóireachta T & F & N amháin den straitéis náisiúnta RIS3. EUR 17.9 milliún ar a laghad a bheidh sa bhuiséad iomlán a gheallfar sna comhaontuithe deontais do na tionscadail uile agus don tréimhse fhoriomlán cur chun feidhme.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
297	Infheistíocht 7: Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i réimse an chomhshaoil	Cuspóir sonrach	Cistí eisíoctha		%	0	90	R4	2025	Eisíocfar 90 % ar a laghad den bhuiséad iomlán de EUR 17900000.

BB. COMHCHUID 5.3: ÉICEACHÓRAS T & F & N ATÁ BAINISTITHE GO STRAITÉISEACH AGUS I ATÁ IOMAÍOCH GO HIDIRNÁISIÚNTA

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia iomaíochas agus tairbhí agus tionchair shocheacnamaíocha T & F & N a mhéadú trí bharr feabhais a chur chun cinn, comhar idirnáisiúnta agus forbairt straitéiseach an chaipitil dhaonna a neartú. Baintear é sin amach trí fheabhas a chur ar an bpróiseas chun beartas T & F & N a fhorbairt, a chur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air, tríd an timpeallacht mhodheolaíoch do thacaíocht phoiblí T & F & N a chomhchuibhiú, agus trí thacú le foirne iomaíocha idirnáisiúnta a sholáthraíonn barr feabhais in T & F & N.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 3 2019, ar dá réir a bhainfidh an tSeicia na bacainní a chuireann bac ar éiceachóras nuálaíochta lánfheidhmiúil a fhorbairt.

BB1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Éiceachóras T & F&N;I a bhainistítear go straitéiseach agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta

Is é cuspóir an bhirt próisis athchóirithe a stiúradh in éiceachóras T & F & N sa tSeicia. Is éard atá san athchóiriú tionscadal gníomhaíochtaí comhroinnte a chruthú maidir le faisnéis straitéiseach do T & N, clár barr feabhais a chruthú agus treoirlínte a ghlacadh arb é is aidhm dóibh comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le tacaíocht phoiblí T & F & N a dheonú.

BB.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
298	Athchóiriú 1: Éiceachóras TFN a bhainistítear go straitéiseach agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta	Garsprioc	Rúin Rialtais agus treoirlíne mhodheolaíoch a ghlacadh	Rúin Rialtais agus treoirlíne mhodheolaíoch a ghlacadh				C2	2025	Áireofar na gníomhaíochtaí seo a leanas san athchóiriú: a) Rún Rialtais a ghlacadh lena gcruthaítear tionscadal gníomhaíochtaí comhroinnte maidir le faisnéis straitéiseach don taighde agus don nuálaíocht. b) Rún Rialtais a ghlacadh lena gcruthaítear clár lena dtacaítear le dálaí sistéamacha a chruthú agus a shaothrú chun barr feabhais a fhorbairt. c) Treoirlíne mhodheolaíoch a ghlacadh ag an gComhairle um Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht arb é is aidhm di rialacha agus timpeallacht mhodheolaíoch a chomhchuibhiú chun tacaíocht a sholáthar don taighde, don fhorbairt agus don nuálaíocht ar fud soláthraithe tacaíochta éagsúla.

CC. COMHCHUID 6.1: ATHLÉIMNEACHT AN CHÓRAIS SLÁINTE A MHÉADÚ

Leis an ngné sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le hathléimneacht an chórais sláinte a neartú trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar cúraim sláinte agus trí fheabhas a chur ar oideachas oibrithe sláinte i ngéarchúram. Maidir le bonneagar cúraim sláinte, is é an cuspóir atá ann infhaighteacht agus cáilíocht an chúraim athshlánaithe d'othair atá ag téarnamh ó riochtaí criticiúla (drochshláinte) a mhéadú, rud nár leor le linn na paindéime. Chomh maith leis sin, is é is aidhm don chomhpháirt aghaidh a thabhairt ar an easpa uirlisí diagnóise an-speisialaithe agus ar an easpa cóireála ar ghalair chardashoithíocha thromchúiseacha, lena n-áirítear leigheas trasphlandaithe. Maidir le hoideachas pearsanra cúraim sláinte, foráiltear do bhearta sistéamacha agus d'infheistíocht chun dul i ngleic leis an nganntanas oibrithe cúraim sláinte atá ag dul i méid.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 1, 2020, ar dá réir a áiritheoidh an tSeicia athléimneacht an chórais sláinte, a neartóidh sí infhaighteacht oibrithe sláinte, cúram príomhúil agus comhtháthú cúraim, agus imscaradh ríomhsheirbhísí sláinte.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

CC.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Feabhas a chur ar oideachas gairmithe cúraim sláinte

Déanfar oiliúint agus oideachas oibrithe cúraim sláinte a oiriúnú d'fhonn feabhas a chur ar infhaighteacht gairmithe cúraim sláinte an-speisialaithe. Cuirfear feabhas ar phleanáil foirne cúraim sláinte ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a bhuí le córas leictreonach a chruthú (lena nascfar bunachair sonraí gairmithe cúraim sláinte atá ann cheana) chun riachtanais oiliúna gairmithe cúraim sláinte a bhainistiú, a riar agus a mheas. Cuideoidh an feabhas ar eagrú na hoiliúna iarchéime do ghairmithe sláinte le fad na sainoiliúna a laghdú agus ligfidh sé do dhochtúirí óga tosú ar chúram a sholáthar níos luaithe, agus ar an gcaoi sin rochtain ar chúram a fheabhsú.

Críochnófar an infheistíocht faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht 1: Cruthaíodh an tIonad Dian-Ionsamhlúcháin Leighis

Is é is cuspóir don bheart seo an bonneagar a leathnú le haghaidh oiliúint iarchéime agus foghlaim ar feadh an tsaoil do ghairmithe cúraim sláinte. Is éard atá san infheistíocht Lárionad Dian-Ionsamhlúcháin Leighis a thógáil.

Infheistíocht 2: Cúram athshlánaithe d'othair atá ag téarnamh ó riocht criticiúil

Is é is aidhm don infheistíocht aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le cúram athshlánaithe othar atá ag téarnamh ó dhálaí criticiúla a neartú, rud a mhéadaigh mar gheall ar phaindéim COVID-19. Bainfear é sin amach trí athchóirithe, tríd an trealamh sna ranna athshlánúcháin a nuachóiriú nó trí fheabhas a chur ar eagrú an chúraim athshlánúcháin. Is é is aidhm do threalamh úrscothach a fháil le haghaidh cúram cuimsitheach athshlánúcháin an gá atá le soláthar foirne a laghdú, agus ar an gcaoi sin infhaighteacht cúraim athshlánúcháin d'othair a mhéadú. Cuirfear tacaíocht ar fáil trí scéim deontais a bhfuil leithdháileadh iomlán EUR 000 aici. Cuirfear tacaíocht ar fáil do 19 dtionscadal ar a laghad lena ndírítear ar ghéarchúram othar cónaitheach a sholáthar in aonaid dianchúraim nó ar chúram athshlánaithe leantach in institiúidí cúraim sláinte. Is é an aidhm atá ann go dtiocfaidh méadú 10 % ar líon na gcóireálacha othar a bhfuil riochtaí criticiúla orthu sna haonaid cúraim athshlánúcháin.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3: Ionad a thógáil le haghaidh leigheas cardashoithíoch agus trasphlandaithe

Is é is cuspóir don bheart seo infhaighteacht cúraim an-speisialaithe sa leigheas cardashoithíoch agus trasphlandaithe i réigiún na Moráive Theas a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin saoráidí nua a thógáil ag an Lárionad um Máinliacht Chardashoithíoch agus Thrasphlandaithe in Brno.

CC.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
231	Athchóiriú 1: Feabhas a chur ar oideachas gairmithe cúraim sláinte	Garsprioc	Córas leictreonach chun oiliúint gairmithe cúraim sláinte a bhainistiú, a riar agus a mheas	Ardán bunúsach don chóras leictreonach bainistíochta, riaracháin agus meastóireachta ar oideachas oibrithe cúraim sláinte a chuirtear i bhfeidhm				C2	2024	Ardán bunúsach a chruthú ag an Aireacht Sláinte don chóras leictreonach nua bainistíochta, riaracháin agus meastóireachta ar oideachas oibrithe cúraim sláinte. Déanfar an córas leictreonach a fhorbairt tuilleadh agus a chur i gcrích le modúil de réir riachtanais oideachais.
232	Infheistíocht 1: An tIonad Dian-ionsamhlaithe Leighis a chruthú agus an córas oideachais a bharrfheabhsú	Garsprioc	Glao ar thairiscintí chun an tIonad Dian-Ionsamhlúcháin Leighis a thógáil	Fógra faoi dhámhachtain na tairisceana oscailte agus poiblí don chonraitheoir				R4	2022	Fógra faoi dhámhachtain an chonartha phoiblí chun an tIonad Dian-Ionsamhlúcháin Leighis a thógáil lena gcuirfear oiliúint ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte i raon leathan réimsí leighis: • Ainéisteolaíocht agus athbheochan • Oiliúint eile i scileanna leighis agus neamhleighis a bhaineann le héigeandálaí • Cúram réamhospidéil agus otharcharr • Cead isteach práinneach • Aonaid Dianchúraim agus seomra oibríochta ilchuspóireach • Córas Tarrthála Comhtháite • Scileanna boga — cumarsáid foirne, cumarsáid géarchéime, ceannaireacht. Roghnófar an conraitheoir trí nósanna imeachta tairisceana oscailte agus poiblí. Déanfar measúnú ar riachtanais sula seolfar an tairiscint.
233	Infheistíocht 1: An tIonad Dian-ionsamhlaithe Leighis a chruthú agus an córas oideachais a bharrfheabhsú	Garsprioc	Ionad Dian-Ionsamhlúcháin Leighis	An tIonad Dian-Ionsamhlúcháin Leighis tógtha agus feistithe				R4	2025	Tógfar agus feisteofar an Lárionad Dian -Ionsamhlúcháin Leighis.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
234	Infheistíocht 2: Cúram athshlánaithe d'othair atá ag téarnamh ó riochtaí criticiúla	Cuspóir sonrach	Tacaíocht do chúram athshlánúcháin		Uimhir	0	19	R4	2024	Cuirfear tacaíocht ar fáil trí scéim deontais a bhfuil leithdháileadh iomlán EUR 61660000 aici. Tacófar le 19 dtionscadal ar a laghad chun acmhainneacht an chúraim athshlánúcháin d'othair a mhéadú tar éis riochtaí criticiúla in institiúidí cúraim sláinte.
235	Infheistíocht 3: Ionad a thógáil le haghaidh leigheas cardashoithíoch agus trasphlandaithe	Garsprioc	An Lárionad don Leigheas Cardashoithíoch agus Trasphlandaithe	Tógáil an Lárionaid um Míochaine Chardashoithíoch agus Thrasphlandaithe				R4	2025	Saoráidí nua an Lárionaid um Leigheas Cardashoithíoch agus Trasphlandaithe a thógáil.

DD. COMHCHUID 6.2: AN PLEAN NÁISIÚNTA CHUN COSC AGUS CÚRAM OINCEOLAÍOCHTA A NEARTÚ

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le hathléimneacht an chórais coiscthe agus cúraim ailse a mhéadú, córas a ndearna éifeachtaí diúltacha fadtéarmacha phaindéim COVID-19 difear dó.

Maidir le hathchóirithe, bunófar Clár Oinceolaíochta Náisiúnta nua do Phoblacht na Seice le haghaidh 2022-2030 agus cuirfear feabhas ar raon feidhme agus ar cháilíocht na gclár scagthástála chun ailse a chosc.

Maidir le bonneagar cúraim sláinte, is é an cuspóir atá ann tacú le tógáil Institiúid Oinceolaíochta na Seice i bPrág agus an Lárionaid um Chosc Oinceolaíochta. Thairis sin, tacófar freisin le saoráidí cúraim oinceolaíochta agus heamatoinceolaíochta, chomh maith le saoráidí nua ag Institiúid Chuimhneacháin Masaryk um Ailse in Brno chun cosc ailse a neartú.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 1, 2020, ar dá réir a áiritheoidh an tSeicia athléimneacht an chórais sláinte, a neartóidh sí infhaighteacht oibrithe sláinte, cúram príomhúil agus comhtháthú cúraim, agus imscaradh ríomhsheirbhísí sláinte.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

DD.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Clár Náisiúnta Oinceolaíochta Phoblacht na Seice — NOP CZ 2030

Is é is aidhm don athchóiriú Clár Náisiúnta Oinceolaíochta Phoblacht na Seice a bhunú don tréimhse 2022-2030 (NOP CR 2030). Léireofar le NOP 2022-2030 na tosaíochtaí a leagtar amach i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa, lena n-áirítear prionsabail Chultúr Cúraim Ailse Othar-Aonaid18. Is faoi fhreagracht Chumann Oinceolaíochta Phoblacht na Seice atá ullmhú an chláir. Bunóidh an Aireacht Sláinte Comhairle Náisiúnta um Chur Chun Feidhme NOP, a mbeidh ról comhordúcháin aici sna céimeanna ullmhúcháin, cur chun feidhme agus meastóireachta.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2: Tacú le cáilíocht na gclár um scagadh coisctheach agus í a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar raon feidhme agus ar cháilíocht na gclár coiscthe ailse agus é mar aidhm leis galracht agus básmhaireacht cásanna ailse a laghdú, teorainn a chur leis na costais chóireála ag ardchéimeanna an ghalair agus ionchas saoil agus cáilíocht saoil a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú sin an Lárionad Náisiúnta um Scagadh a cheapadh mar an comhlacht atá freagrach as cláir scagthástála ailse a chomhordú, ag sroicheadh cumhdach 40 % den spriocdhaonra leis an gclár scagthástála ailse colaireictí agus seoladh an chláir nua luathbhraite ailse scamhóg.

Infheistíocht 1: Institiúid Oinceolaíochta na Seice a bhunú

[18] https://ec.europa.eu/health/sites/default/files/non_communicable_diseases/docs/eu_cancer-plan_en.pdf

Is é cuspóir an bhirt Institiúid Oinceolaíochta na Seice i bPrág a thógáil chun ailse a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil, in aon phointe cúraim amháin. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht foirgneamh nua a thógáil agus trealamh cliniciúil a fháil.

Infheistíocht 2: Cúram ardspeisialaithe oinceolaíochta agus haematoinceolaíochta a fhorbairt

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le cúram ailse agus leis an haematoinceolaíocht trí theicneolaíochtaí agus trealamh a fháil. Is éard atá san infheistíocht tacaíocht airgeadais d'Ionaid Oinceolaíochta Choimpléascacha agus d'Ionaid cúraim ardspeisialaithe oinceolaíochta agus haematoinceolaíochta.

Infheistíocht 3: Bunú agus forbairt an Lárionaid um Chosc agus Bonneagar Ailse le haghaidh Cúram Nuálach agus Tacaíochta ag Institiúid Chuimhneacháin Masaryk um Ailse.

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le cosc agus cúram ailse in Institiúid Chuimhneacháin Masaryk um Ailse in Brno. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht saoráidí nua a thógáil chun ailse a chosc agus le haghaidh cúram nuálach tacúil.

DD.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
236	Athchóiriú 1: Clár Náisiúnta Oinceolaíochta	Garsprioc	Clár Oinceolaíochta Náisiúnta Phoblacht na Seice 2022-2030	Formheas an Chláir Náisiúnta Oinceolaíochta 2022-2030 ag an rialtas				R4	2021	Ullmhófar an Clár Náisiúnta Oinceolaíochta faoi fhreagracht Chumann Oinceolaíochta Phoblacht na Seice i gcomhairle le príomhghníomhaithe agus geallsealbhóirí, go háirithe an Aireacht Sláinte, Lárionaid Oinceolaíochta Náisiúnta, Ionaid cúraim ailse agus haemaiteolaíochta atá thar a bheith speisialaithe, an Institiúid um Fhaisnéis agus Staidreamh Sláinte, ionadaithe soláthraithe cúraim sláinte, cuideachtaí árachais sláinte agus comhlachais othar.
237	Athchóiriú 2: Tacú le cláir um scagadh coisctheach agus feabhas a chur ar a gcáilíocht	Garsprioc	Institiúid a cheapadh a bheidh freagrach as cláir scagthástála oinceolaíochta a chomhordú	Lárionad Náisiúnta um Scagadh arna cheapadh ag an rialtas mar an comhlacht atá freagrach as cláir scagthástála ailse a chomhordú				R4	2024	Beidh an Lárionad Náisiúnta um Scagadh freagrach as an méid seo a leanas: • comhordú, pleanáil, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na cláir scagthástála • córas tuarthach a bhunú chun cláir choisctheacha nua a phleanáil agus meastachán a dhéanamh ar a gcostéifeachtacht agus ar a dtionchar sa chóras árachais sláinte poiblí; • bunachar sonraí a fhorbairt chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chláir scagthástála, lena n-áirítear scórchlár táscairí cáilíochta a bhunú • cláir scagthástála nua a phíolótú
238	Athchóiriú 2: Tacú le cláir um scagadh coisctheach agus feabhas a chur ar a gcáilíocht	Cuspóir sonrach	Clár scagthástála ailse colaireictí		%		40	R4	2025	Sroichfidh rannpháirtíocht an spriocdhaonra (i.e. fir aisiomptómacha agus mná atá 50 bliain d'aois nó níos sine) i dtástáil scagthástála ailse colaireictí 40 % ar a laghad in 2024 bunaithe ar fhaisnéis staidrimh náisiúnta.
239	Athchóiriú 2: Tacú le cláir um scagadh coisctheach agus feabhas a chur ar a gcáilíocht	Cuspóir sonrach	Seoladh an clár nua um luathbhrath ailse scamhóg			0	1	R4	2024	Seolfar clár luathbhraite ailse scamhóg

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
240	Infheistíocht 1: Institiúid Oinceolaíochta na Seice a thógáil agus a bhunú	Garsprioc	Staidéar féidearthachta arna bhailíochtú ag údarás neamhspleách	Bailíochtú staidéir féidearthachta ag údarás neamhspleách				R4	2022	Bailíochtú na nithe seo a leanas ag údarás neamhspleách: • Clár leighis/plean feidhmiúil agus dréacht-dearadh atá oiriúnach chun críoch soláthair dearaidh agus tógála, • Staidéar féidearthachta, lena n-áirítear measúnú riachtanas i gcomhthéacs na straitéise sláinte níos leithne, indéantacht theicniúil, oibríochtúil agus eacnamaíoch, inbhuanaitheacht ó thaobh airgeadais agus foirne de araon, agus an tionchar ar sholáthar cúraim oinceolaíochta ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal na tíre, lena n-áirítear ar an am taistil agus ar inniúlacht ghairmiúil. Chuir an Coimisiún Eorpach na treoirlínte a moladh sa staidéar féidearthachta i láthair sa 'Treoir maidir le hanailís costais is tairbhe na dTionscadal Infheistíochta', mí na Nollag 2014.
241	Infheistíocht 1: Institiúid Oinceolaíochta na Seice a thógáil agus a bhunú	Garsprioc	Institiúid Oinceolaíochta na Seice	Tógáil agus trealamh Institiúid Oinceolaíochta na Seice				C2	2026	Tá Institiúid Oinceolaíochta na Seice tógtha agus feistithe.
242	Infheistíocht 2: Cúram ardspeisialaithe oinceolaíochta agus haematoinceolaíochta a fhorbairt	Cuspóir sonrach	Ionaid dá dtugtar tacaíocht a sholáthraíonn cúram oinceolaíoch agus haematoinceolaíoch		An líon ionad dá dtugtar tacaíocht	0	10	C2	2026	Gheobhaidh deich lárionad ar a laghad tacaíocht deontais chun teicneolaíochtaí agus trealamh a fháil. Áiritheofar le roghnú na dtionscadal a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh go mbeidh cumhdach geografach cothrom ann.
243	Infheistíocht 3: Bunú agus forbairt an Lárionaid um Chosc agus Bonneagar Ailse le haghaidh Cúram Nuálach agus	Garsprioc	Saoráidí nua Institiúid Chuimhneacháin Masaryk um Ailse	Tógáil agus leathnú Institiúid Chuimhneacháin Masaryk um Ailse				R4	2025	Foirgneamh amháin a thógáil agus foirgneamh eile a leathnú ag Institiúid Chuimhneacháin Masaryk um Ailse chun ailse a chosc agus cúram nuálach tacúil.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	Tacaíochta ag Institiúid Chuimhneacháin Masaryk um Ailse									

CAIBIDIL REPOWEREU

Is é is cuspóir do chaibidil REPowerEU de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia tacú le foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt trí dhlúslimistéir foinsí in-athnuaite fuinnimh a ainmniú, nósanna imeachta foinsí in-athnuaite fuinnimh a shimpliú, agus an eangach leictreach a ullmhú an tráth céanna chun a hacmhainneacht nascachta a mhéadú. Cuireann na bearta sin go comhpháirteach le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a dhreasú agus leis an tslándáil fuinnimh a neartú. Tá sé d'aidhm ag caibidil REPowerEU freisin éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh a fheabhsú, iompar de bhóthar a dhícharbónú tríd an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, agus cláir ollscoile a oiriúnú chun freastal ar an éileamh ar scileanna glasa.

As na 20 beart i gcaibidil REPowerEU na Seicia, tá gné thrasteorann ag baint le sé cinn díobh. Baineann an infheistíocht is mó a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi le tógáil, neartú, atógáil agus nuachóiriú na gcóras dáileacháin leictreachais. I measc na mbeart suntasach eile tá forbairt fótavoltachais agus athchóiriú cuimsitheach ar chóras comhairleach an Rabharta Athchóiriúcháin.

Rannchuidíonn caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha chun spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise agus tomhaltas breoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus trína gcomhtháthú sa chóras leictreachais a éascú, lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadanna a chuíchóiriú a thuilleadh agus trí rochtain ar an eangach a dhéanamh níos éasca agus trí úsáid breoslaí iontaise i gcóras iompair na Seicia a laghdú, agus chun éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras téimh ceantair agus an stoic foirgneamh a mhéadú trí athchóirithe doimhne agus foinsí teasa in-athnuaite a dhreasú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart i gcaibidil REPowerEU dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaithe a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

EE. COMHCHUID 7.1: BONNEAGAR FUINNIMH IN-ATHNUAITE AGUS LEICTREACHAIS (REPOWEREU)

Is é is cuspóir don chomhpháirt rannchuidiú le spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 don tSeicia a bhaint amach tríd an méadú ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i meascán fuinnimh na Seicia a éascú agus tríd an mbonneagar leictreachais oiriúnaithe a chur in úsáid.

Is é is cuspóir do na hathchóirithe tacú le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid trí dheonú ceadanna agus nósanna imeachta riaracháin le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú agus, ag an am céanna, trédhearcacht na nósanna imeachta maidir le nascadh leis an eangach a shimpliú agus a mhéadú.

Is é is cuspóir do na hinfheistíochtaí na heangacha dáileacháin leictreachais a uasghrádú agus a fhorbairt chun é a chur ar a chumas don chóras leictreachais foinsí fuinnimh in-athnuaite ar mhionscála agus ar mhórscála a chomhtháthú san eangach.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach chun spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise agus tomhaltas breoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadanna a chuíchóiriú a thuilleadh agus rochtain ar an eangach a dhéanamh níos éasca (CSR 4, 2022).

EE.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht 1: Líonraí dáileacháin a thógáil, a athchóiriú agus a uasghrádú

Is é is cuspóir don bheart seo freastal ar an méadú a bhfuil coinne leis ar an éileamh chun na foinsí in-athnuaite fuinnimh eadrannacha a chomhtháthú san eangach dáileacháin.

Is éard atá sa bheart líonraí dáileacháin a thógáil, a athchóiriú agus a uasghrádú.

Infheistíocht 2: Beart méadaithe Comhpháirt 2.3 (Aistriú chuig Foinsí Fuinnimh Níos Glaine) Cur in Úsáid Fótavoltach

Is é is cuspóir don bheart seo Infheistíocht 1 a mhéadú: Cur in úsáid Fótavoltach i gComhchuid 2.3 (Aistriú chuig Foinsí Fuinnimh Níos Glaine).

Is éard atá sa chuid mhéadaithe den bheart toilleadh suiteáilte foinsí gléasraí cumhachta fótavoltaí.

Athchóiriú 1: Nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a shimpliú

Leis an athchóiriú, cuirfear deireadh leis an gceanglas cead tógála a fháil, ceadúnas chun leictreachas a tháirgeadh agus cinneadh maidir le toiliú criosaithe le haghaidh suiteálacha cumhachta in-athnuaite ag a bhfuil toilleadh suiteáilte iomlán suas le 50 Kw, chomh maith leis an údarú nasctha eangaí le haghaidh na suiteálacha suas le 10 kW a bhaint.

Leis an athchóiriú, simpleofar an nós imeachta um cheadú le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a bhfuil toilleadh suiteáilte os cionn 1 MW acu. Measfar gur chun leas an phobail iad na suiteálacha sin agus bainfidh siad tairbhe as cóir fhabhrach a mhéid a bhaineann le ceadanna criosaithe agus ceadanna tógála.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Márta 2023

Athchóiriú 2: Go gcuirfí dlús le húsáid foinsí inathnuaite fuinnimh

Is é is cuspóir don bheart dlús a chur leis an bpróiseas ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus úsáid córas agrafótavoltach a éascú. Is éard atá san athchóiriú athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil trí sprioc-amanna uasta difreáilte ceangailteacha a leagan síos do chéimeanna éagsúla an nós imeachta ceadaithe agus trí shuiteáil agraiteoivoltaice a cheadú.

Athchóiriú 3: Feabhas a chur ar intuarthacht, trédhearcacht agus infhaighteacht an phróisis nasctha eangaí

Is é is cuspóir don athchóiriú an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht na heangaí leictreachais atá ar fáil agus nascadh foinsí fuinnimh in-athnuaite leis an eangach agus le féintomhaltas a éascú.

Fobheart 1: **Feabhas a chur ar thrédhearcacht an nós imeachta maidir le nascadh leis an eangach**

Is é is cuspóir don bheart seo trédhearcacht an nós imeachta um nascadh leis an eangach a mhéadú.

Is éard atá san athchóiriú athruithe rialála chun deireadh a chur le bacainní ar an bpróiseas nasctha eangaí lena dtugtar isteach teorainneacha ama ceangailteacha le haghaidh na nósanna imeachta nasctha eangaí, athruithe rialála chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le ró-áirithint na n-acmhainneachtaí atá ar fáil agus foilsiú léarscáile trédhearcachta ar shuíomh gréasáin na dtrí OCDanna réigiúnacha maidir le hacmhainneachtaí nasctha eangaí.

Fobheart 2: Dreasachtaí rialála d'oibreoirí gréasáin leictreachais chun solúbthacht na heangaí a mhéadú

Is é is cuspóir don bheart dreasachtaí rialála a thabhairt isteach d'oibreoirí gréasáin leictreachais chun solúbthacht na heangaí a mhéadú. Is éard atá san athchóiriú athbhreithniú ar an gcreat rialála lena rialaítear infheistíochtaí agus taraifí OCDanna/OCT.

EE.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
299	Infheistíocht 1: Nuachóiriú agus digitiú na gcóras dáileacháin réigiúnach	Cuspóir sonrach	Infheistíochtaí i líonraí dáileacháin		MW	0	1 989	C1	2026	1 989 MW ar a laghad d'acmhainneacht charnach bhreise chuig na gréasáin dáileacháin. Chun comhlíonadh na gceanglas maidir le toilleadh a luaitear thuas a thaispeáint, soláthrófar tuarascáil theicniúil arna hullmhú ag innealtóir neamhspleách.
300	Infheistíocht 2: Beart méadaithe: Foinsí nua fuinnimh fhótavoltaigh a fhorbairt	Cuspóir sonrach	toilleadh suiteáilte foinsí FVE		MWp	270	494,7	R4	2025	224,7MWp de thoilleadh suiteáilte FVE.
301	Athchóiriú 1: Nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a shimpliú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta leasaithe	Foráil sa dlí lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C3	2023	Leasófar an reachtaíocht chun an méid seo a leanas a dhéanamh: - deireadh a chur leis an gceanglas cead tógála, ceadúnas chun leictreachas a tháirgeadh, agus toiliú criosaithe/cead criosaithe le haghaidh suiteálacha cumhachta in-athnuaite ag a bhfuil toilleadh suiteáilte iomlán suas le 50 Kw a fháil chomh maith leis an údarú nasctha eangaí le haghaidh na suiteálacha suas le 10 kW a bhaint. - Dlús a chur leis an nós imeachta ceadaithe agus é a shimpliú (cead tógála, cead criosaithe) agus nascadh leis an eangach le haghaidh suiteálacha os cionn 1 MW ar a laghad

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
302	Athchóiriú 2: Dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta leasaithe	Foráil sa dlí lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C3	2024	Leasófar an reachtaíocht chun an méid seo a leanas a dhéanamh: Sprioc-amanna uasta difreáilte ceangailteacha a leagan síos do gach céim ábhartha den nós imeachta bunaithe ar an acmhainneacht. Ní rachaidh fad an phróisis deonaithe ceadanna ina iomláine (lena n-áirítear nascadh leis an eangach) thar 2 bhliain i gcás suiteálacha in-athnuaite ó 150 kW agus thar 1 bhliain i gcás suiteálacha in-athnuaite faoi bhun 150 kW. I gcás suiteálacha gréine i struchtúir shaorga ag a bhfuil toilleadh cothrom le 100 kW nó faoina bhun, ní mhairfidh an próiseas deonaithe ceadanna níos faide ná 1 mhí amháin.
349	Athchóiriú 2: Dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta leasaithe	Foráil sa dlí lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C2	2025	Leasófar an reachtaíocht chun an méid seo a leanas a dhéanamh: - Sainmhíniú ar agrafótavoltachas a thabhairt isteach; - Coinníollacha agus paraiméadair theicniúla a leagan síos maidir lena suiteáil agus lena n-oibriú, lena n-áirítear na cineálacha barr talmhaíochta ar ar féidir agrophotovoltaigh a shuiteáil. - A fhágáil gur féidir córais fhótavoltacha a chur ar thalamh talmhaíochta gan gá an talamh a bhaint den Chiste um Thalamh Talmhaíochta, ar choinníoll go gcoinnítear an úsáid talmhaíochta chomhthráthach agus an cineál talmhaíochta ar bun.
304	Athchóiriú 3 — Fobheart 1 Feabhas a chur ar thrédhearcacht an nós imeachta maidir le nascadh leis an eangach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm athruithe reachtacha agus nós imeachta	Foráil sa dlí agus foraitheanta lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí nó na foraithne				C1	2024	Leasófar an reachtaíocht chun an méid seo a leanas a dhéanamh: - OCD a chumhachtú chun forchoimeádas acmhainneachtaí eangaí a chur ar ceal bunaithe ar chritéir theicniúla amháin agus tar éis neamhúsáid na n-acmhainneachtaí a léiriú. - An oibleagáid atá ar an oibreoir córais

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thascach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										dáileacháin údar i scríbhinn a thabhairt don iarratasóir nasctha maidir leis an easpa acmhainneachta nasctha agus an dáta agus na coinníollacha a bhaineann le nasc amach anseo a chur in iúl - Rialacha a leagan síos maidir le hacmhainneachtaí nár úsáideadh a scaoileadh saor - Déanfaidh Rialtóir Fuinnimh na Seicia athbhreithniú gach sé mhí ar a laghad, i ngach réigiún, ar leordhóthanacht cinnidh arna dhéanamh ag OCD chun an acmhainneacht a chealú. - Tréimhse cheangailteach uasta a thabhairt isteach chun nascadh leis an eangach a shonrú i gconarthaí an chomhaontaithe maidir le nascadh leis an eangach - Na spriocdhátaí le haghaidh achomhairc os comhair comhlachtaí idir-réitigh idir iarratasóirí agus OCDanna a laghdú - Trédhearcacht agus cuntasacht an nós imeachta um nascadh leis an eangach a fheabhsú. - gach mí ar a laghad, foilseoidh OCDanna (ČEZdi, PREdi, EG.D) faisnéis ar líne maidir leis na hacmhainneachtaí nasctha eangaí atá ar fáil le haghaidh naisc nua ina limistéir oibríochta faoi seach, chomh maith le ceanglais nasctha anaithnidithe chomhiomlánaithe maidir le hiarrataí ar glacadh leo agus ar diúltaíodh dóibh. Cuirfidh OCD/OCT faisnéis shoiléir thrédhearcach ar fáil d'úsáideoirí an chórais freisin maidir le stádas agus láimhseáil a n-iarrataí ar nascadh.
305	Athchóiriú 3 — Fobheart 1 Feabhas a chur ar thrédhearcacht an nós imeachta maidir le	Garsprioc	Faisnéis a fhoilsiú maidir le hiarrataí ar nascadh leis an eangach agus maidir le	Teacht i bhfeidhm na léarscáile idirghníomhaí				C1	2024	Foilseofar léarscáil idirghníomhach ar shuíomhanna gréasáin na dtrí DSO réigiúnacha (E.GD, CEZ agus PRE) agus taispeánfar an fhaisnéis seo a leanas: - i gcás gach réimse oibríochta, faisnéis maidir leis an acmhainneacht eangaí atá ar

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	nascadh leis an eangach		hacmhainneachtaí							fáil ar leibhéil mheánvoltais agus ardvoltais. - Maidir le leibhéal íseal voltais, ar leibhéal an chlaochladáin, faisnéis anaithnidithe atá comhiomlánaithe ag stáisiún maidir leis na hiarrataí ar glacadh leo agus a diúltaíodh (lena n-áirítear líon na gcomhaontuithe nasctha malartacha), cúiseanna anaithnidithe le hiarrataí a diúltaíodh ar an leibhéal comhiomlán agus dáta ionchasach na modhnuithe ar an líonra dáileacháin.
306	Athchóiriú 3 — Fobheart 1 Feabhas a chur ar thrédhearcacht an nós imeachta maidir le nascadh leis an eangach	Garsprioc	Faisnéis a fhoilsiú maidir le hiarrataí ar nascadh leis an eangach agus maidir le hacmhainneachtaí	Faisnéis a fhoilsiú maidir le hacmhainneacht eangaí ar gach leibhéal voltais				R4	2024	Taispeánfar ar an léarscáil dhigiteach faisnéis maidir leis na hacmhainneachtaí eangaí atá ar fáil ar gach leibhéal voltais arna oibriú ag OCDanna, lena n-áirítear ar leibhéal ísealvoltais.
308	Athchóiriú 3 — Fobheart 2: Dreasachtaí rialála d'oibreoirí gréasáin leictreachais chun solúbthacht na heangaí a mhéadú	Garsprioc	Cinntí an rialtóra fuinnimh					R4	2025	Déanfaidh an rialtóir fuinnimh an méid seo a leanas: - Modheolaíocht maidir le Rialáil Praghsanna a ghlacadh lena léirítear costais sheasta agus costais oibríochtúla araon an Oibreora Córais Tarchurtha (OCT) agus Oibreoirí Córais Dáileacháin (OCDanna), lena n-áirítear caiteachas caipitil agus oibríochtúil, agus lena soláthraítear dreasachtaí soiléire feidhmíochtbhunaithe le haghaidh infheistíochtaí in éifeachtúlacht eangaí, seirbhísí solúbthachta agus nuálaíocht (mar shampla digitiú agus freagairt don éileamh). - Ceangal a chur ar OCDanna faisnéis a áireamh ina bpleananna forbartha gréasáin maidir le seirbhísí solúbthachta, freagairt fhéideartha don éileamh, éifeachtúlacht fuinnimh, acmhainní saoráidí stórála fuinnimh a bhfuil sé beartaithe ag OCDanna iad a úsáid nó infheistíocht a dhéanamh iontu mar mhalairt ar leathnú an chórais.

FF. COMHCHUID 7.2 TACÚ LE DÍLÁRÚ AGUS DIGITIÚ NA HEARNÁLA FUINNIMH (REPOWER EU)

Is é is cuspóir don chomhpháirt tacú leis an aistriú i dtreo córas nua fuinnimh atá bunaithe ar ghiniúint dhíláraithe fuinnimh in-athnuaite, ar dhigitiú agus ar rannpháirtíocht mhéadaithe na saoránach. Rannchuidíonn an chomhpháirt le glacadh gníomhaíochtaí nua in earnáil an leictreachais a éascú, amhail stóráil, comhiomlánú, comhroinnt fuinnimh agus úsáidí nua a thacaíonn le solúbthacht agus dícharbónú an chórais leictreachais ina iomláine.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach chun spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise agus tomhaltas breoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus trína gcomhtháthú sa chóras leictreachais a éascú (Moladh Tírshonrach 4, 2022).

FF.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 3: Lárionad Sonraí Leictreachais

Is é cuspóir an bhirt comhroinnt leictreachais i measc oibreoirí sa mhargadh leictreachais a chumasú agus a rialáil, solúbthacht a fheabhsú agus stóráil fuinnimh a chomhtháthú sa chóras.

Is éard atá san athchóiriú sin teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil chun an Lárionad Sonraí Leictreachais (EDC) agus a fheidhmiúlachtaí a chruthú.

Athchóiriú 1: Comhphobail fuinnimh

Is é cuspóir an bhirt cruthú comhphobal fuinnimh in-athnuaite a dhreasú agus a éascú. Is éard atá san athchóiriú creat rialála agus dreasachtaí do phobail fuinnimh.

Athchóiriú 2: Creat Stórála Fuinnimh agus Solúbthachta Neamhiontaise

Is é is aidhm don bheart seo creat rialála tuisceana a bhunú le haghaidh seirbhísí solúbthachta, mar shampla stóráil fuinnimh, freagairt don éileamh, comhiomlánú. Is é an cuspóir forbairt réiteach nuálach teicniúil, teicneolaíoch agus bogearraí a chur chun cinn chun sreafaí fuinnimh a bharrfheabhsú chun a áirithiú go ndéanfar foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú san eangach agus chun a chur ar chumas an chórais leictreachais oiriúnú d'inathraitheacht na giniúna agus an tomhaltais leictreachais thar thréimhsí ama éagsúla.

Ina theannta sin, is é is aidhm don athchóiriú rannpháirtíocht na bpobal fuinnimh, na gcomhbhailitheoirí, na bhféintomhaltóirí, na gcustaiméirí gníomhacha, na sócmhainní stórála fuinnimh, na rannpháirtithe sa fhreagairt don éileamh tionsclaíoch sa mhargadh leictreachais a áirithiú, agus solúbthacht fhoriomlán an chórais leictreachais a mhéadú agus úsáid breoslaí iontaise a laghdú ag an am céanna.

Leis an athchóiriú, áiritheofar go mbeidh an margadh le haghaidh réitigh sholúbthachta neamhiontaise oscailte do na rannpháirtithe uile a thagann ó Bhallstáit eile agus ní athshocrófar an rannpháirtíocht sin go míchuí.

Éascóidh an reachtaíocht infheistíochtaí margadhbhunaithe i stóráil fuinnimh tráchtála agus is é is aidhm di scéimeanna tacaíochta airgeadais breise a bheith ag gabháil léi chun saoráidí stórála fuinnimh a mhéadú.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 3 Nollaig 2024.

FF.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
309	Athchóiriú 3 Lárionad Sonraí Leictreachais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena mbunaítear an Lárionad Sonraí Leictreachais	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Lárionaid Sonraí Leictreachais				C1	2024	Bunaítear an Lárionad Sonraí Leictreachais le dlí agus sainítear a fheidhmiúlachtaí agus a oibleagáidí leis an dlí. Go háirithe, déanfaidh EDC an méid seo a leanas: — sannadh pointí aistrithe a bhfuil baint acu le pointí comhroinnte agus aistrithe leictreachais a bhfuil baint acu le tógáil a chlárú, arna iarraidh sin don rannpháirtí sa mhargadh, ag pointe tógála eile sa lárionad sonraí agus an fhaisnéis chlárúcháin a tharchur chuig an oibreoir margaidh, — an sciar den leictreachas a chomhroinntear laistigh de na pointí aistrithe a leithdháileadh, arna iarraidh sin don rannpháirtí sa mhargadh, agus an sciar den leictreachas féinghinte a leithdháileadh ag pointe tomhaltais rannpháirtí eile sa mhargadh, — sonraí méadraithe leictreachais a phróiseáil chun comhroinnt leictreachais a áireamh sa mheasúnú ar dhiall agus sa mhéid leictreachais a n-íoctar praghsanna rialáilte agus neamhrialáilte ina leith sa mhargadh leictreachais, — sonraí anaithnidithe arna dtaifeadadh ag an lárionad sonraí a sholáthar do thrádálaithe maidir le pointí aistrithe na bpointí tomhaltais leictreachais agus na ngléasraí giniúna, lena n-áirítear sonraí eile a bhaineann le comhroinnt leictreachais, — sonraí méadraithe a sholáthar do na hoibreoirí margaidh agus do na hoibreoirí córais dáileacháin, agus leictreachas comhroinnte á chur san áireamh. Beidh an rochtain ar fheidhmiúlachtaí teicniúla arna soláthar ag EDC neamh-idirdhealaitheach agus beidh sí ar oscailt do gach rannpháirtí sa mhargadh. Beidh custaiméirí, oibreoirí córais

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										dáileacháin, soláthróirí leictreachais agus oibreoirí margaidh leictreachais in ann rochtain a fháil ar na sonraí a bhfuil siad ina dteideal faoin reachtaíocht ábhartha is infheidhme.
310	Athchóiriú 3: Lárionad Sonraí Leictreachais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Lárionaid Sonraí Fuinnimh	Seoladh na bhfeidhmiúlachtaí a bhaineann le comhroinnt fuinnimh				C3	2024	Cuirfidh an Lárionad Sonraí Leictreachais tús le hoibriú feidhmiúlachtaí atá nasctha le comhroinnt fuinnimh (bailiú agus soláthar sonraí méadraithe, clárú agus meastóireacht sonraí chun críche comhroinnt fuinnimh).
311	Athchóiriú 3: Lárionad Sonraí Leictreachais	Garsprioc	Lárionad Sonraí Leictreachais: feidhmiúlachtaí solúbthachta teicniúla	Feidhmiúlachtaí atá nasctha le solúbthacht theicniúil				C1	2026	Soláthróidh an Lárionad Sonraí Leictreachais feidhmiúlachtaí atá nasctha le solúbthacht theicniúil: —sonraí méadraithe a bhailiú, a sholáthar agus a tharchur — clárú sonraí margaidh agus máistirshonraí agus meastóireacht sonraí chun críche stóráil leictreachais, comhroinnt leictreachais, soláthar agus comhiomlánú solúbthachta teicniúla, —sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt chun an eangach a chothromú agus a sceidealú go fadtéarmach — faisnéis a fhoilsiú maidir le staid na heangaí trí chórais um thrácht éadrom líonra, agus deiseanna chun solúbthacht theicniúil a ghníomhachtú
312	Athchóiriú 1: Comhphobail fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta leasaithe maidir le pobail fuinnimh	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				C1	2024	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena mbunaítear creat rialála do shaoránaigh agus do chomhphobail fuinnimh in-athnuaite. Leis an athchóiriú, tabharfar isteach dreasachtaí chun pobail fuinnimh a fhorbairt agus spreagfar táirgeadh agus tomhaltas comhchoiteann laistigh de chreat an chomhphobail fuinnimh. Leis an athchóiriú, cuirfear prionsabal na rannpháirtíochta oscailte chun feidhme, ní chuirfidh sé srian míchuí ar an bhféintomhaltas agus ar an táirgeadh comhchoiteann ná ní thabharfaidh sé isteach aon chineál srianta gan

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										údar bunaithe ar mhéid nó ar thíreolaíocht. Ceadófar do Chomhphobail Fuinnimh In-athnuaite agus do Phobail Fuinnimh Saoránach oibriú freisin i dtéamh in-athnuaite, ní hamháin ar an margadh leictreachais. Áiritheofar leis an athchóiriú go mbeidh gach custaiméir atá rannpháirteach i gcomhroinnt fuinnimh i dteideal méadar cliste a fháil. Beidh sé de cheart ag Pobail Fuinnimh In-athnuaite agus Saoránach sonraí méadraithe a fháil maidir le soláthairtí leictreachais, sonraí méadraithe, agus leictreachas a chomhroinntear laistigh den phobal fuinnimh á chur san áireamh, mar aon le sonraí a ndearnadh meastóireacht orthu.
313	Athchóiriú 1: Comhphobail fuinnimh	Garsprioc	Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le hinfheistíocht i mbonneagar TF	Foilsiú na tuarascála				R4	2024	Tuarascáil a fhoilsiú ina ndéantar measúnú ar na hinfheistíochtaí a rinne OCDanna i gcórais mhéadraithe agus bhilleála, i mbonneagar TF chomh maith leis na bearnaí agus na riachtanais infheistíochta a bheidh ann amach anseo d'fhonn comhroinnt fuinnimh a áirithiú. Is tríú páirtí neamhspleách a bhunóidh an tuarascáil.
314	Athchóiriú 1: Comhphobail fuinnimh	Garsprioc	Treoirlínte maidir le pobail fuinnimh	Foilsiú ar shuíomh gréasáin na n-airí				C1	2026	Foilseofar treoirlínte agus doiciméid theimpléidithe chun pobail fuinnimh a bhunú go dlíthiúil ar shuíomh gréasáin aireachta.
315	Athchóiriú 2: Creat Stórála Fuinnimh agus Solúbthachta Neamhiontaise	Garsprioc	Tuarascáil ar an ngá atá le solúbthacht neamh-iontaise	Foilsiú na tuarascála ar shuíomh gréasáin na hAireachta Tionscail				C3	2024	Foilsiú tuarascála réamhbhreathnaithí ar an ngá atá le measúnú a dhéanamh ar sholúbthacht an chórais agus ar an acmhainneacht a bhaineann léi, lena gcumhdaítear tréimhse 5 bliana. Déanfar meastóireacht agus sainaithint sa tuarascáil ar bhacainní ar sholúbthacht neamh-iontaise sa mhargadh agus molfar gníomhaíochtaí maolaithe ábhartha. Sainaithneofar sa tuarascáil freisin ionstraimí agus foinsí maoinithe ábhartha chun tacú le glacadh na solúbthachta neamhiontaise trí fhoinsí poiblí nó príobháideacha. Is tríú páirtí neamhspleách a bhunóidh an

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										tuarascáil.
316	Athchóiriú 2: Creat Stórála Fuinnimh agus Solúbthachta Neamhiontaise	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na n-athruithe reachtacha	Foráil sa dlí lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R4	2024	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena mbunaítear creat rialála maidir le stóráil fuinnimh, comhiomlánú, custaiméirí gníomhacha, rannpháirtíocht rannpháirtithe sa fhreagairt don éileamh tionsclaíoch sa mhargadh fuinnimh. Áireofar an méid seo a leanas sa reachtaíocht leasaithe: • Coincheap na solúbthachta lena gceadaítear seirbhísí le haghaidh stóráil iomarcach, comhiomlánú éilimh agus freagairt don éileamh; • Ceadúnas trádála le haghaidh oibreoirí sócmhainní stórála fuinnimh agus comhbhailitheoirí chun páirt a ghlacadh sa mhargadh fuinnimh; • Sainmhíniú ar chearta agus oibleagáidí oibreoir na sócmhainní stórála fuinnimh agus an chomhbhailitheora éilimh i ndáil le rannpháirtithe eile sa mhargadh; • An ceart agus na rialacha atá ag tomhaltóir gníomhach sócmhainn stórála a oibriú; • Forálacha conarthaí maidir le comhiomlánú agus oibriú na sócmhainní stórála fuinnimh; • Muirearú dúbailte a eisiamh (a bhaineann leis an leictreachas ón eangach, a sheachadtar ar ais chuig an eangach ansin agus a thomhlaíonn an custaiméir deiridh). • Na coinníollacha faoina mbeidh pobail fuinnimh agus féintomhaltóirí comhchoiteanna rannpháirteach i gcomhiomlánú, stóráil, dáileadh leictreachais, gníomhaíochtaí táirgthe leictreachais.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
317	Athchóiriú 2: Creat Stórála Fuinnimh agus Solúbthachta Neamhiontaise	Garsprioc	Foilsiú an Phlean Gníomhaíochta Solúbthachta	Glacadh an Phlean Gníomhaíochta ag an rialtas				R4	2024	Saineofar sa Phlean Gníomhaíochta tosaíochtaí maidir le solúbthacht neamh-iontaise a fhorbairt agus saineofar sprioc maidir le solúbthacht neamh-iontaise, lena n-áirítear freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh do na 10 mbliana amach romhainn. Leis an bPlean Gníomhaíochta, soláthrófar conair infheistíochta chun an acmhainneacht shainaitheanta a bhaint amach agus leagfar amach maoiniú poiblí agus sainaithneofar foinsí maoinithe príobháideacha oiriúnacha chun tacú le teicneolaíochtaí solúbthachta agus stórála, lena n-áirítear amlínte.

GG. COMHCHUID 7.3: ATHCHÓIRIÚ CUIMSITHEACH AR CHOMHAIRLE AN RABHARTA ATHCHÓIRIÚCHÁIN I BPOBLACHT NA SEICE (REPOWER EU)

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean na Seicia próiseas ullmhúcháin na dtionscadal athchóirithe a chuíchóiriú, saineolas agus acmhainneacht a mhéadú i réimse na n-athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh, feasacht a mhúscailt maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh agus na réitigh atá ar fáil, agus líon agus cáilíocht na dtionscadal athchóirithe cónaithe a mhéadú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach chun éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras téimh ceantair agus an stoic foirgneamh a mhéadú trí athchóirithe doimhne agus foinsí teasa in-athnuaite a dhreasú (Moladh Tírshonrach 4 2022).

GG.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Ionaid ilfhreastail do phobail fuinnimh agus athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh

Is é cuspóir an bhirt meastóireacht a dhéanamh ar oibríocht phíolótach trí ionad ilfhreastail réigiúnacha lena gcuirtear comhairle ar fáil do theaghlaigh, d'fhiontair agus don earnáil phoiblí maidir le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh. Is éard atá san athchóiriú staidéar ina mbaintear leas as ceachtanna a foghlaimíodh agus ina moltar gníomhaíochtaí leantacha chun ionaid ilfhreastail réigiúnacha a oibriú.

Athchóiriú 2: Treoir agus oiliúint maidir le sonraí agus modheolaíocht le haghaidh an chórais chomhairligh

Is é cuspóir an bhirt acmhainneacht a fhorbairt chun tionscadail athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ar ardchaighdeán a ullmhú. Is éard atá i gceist leis na hathchóirithe sonraí agus treoir mhodheolaíoch a ullmhú do sheirbhísí comhairleacha maidir le hathchóirithe fuinnimh, agus oiliúint a dhéanamh do ghairmithe le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh.

Infheistíocht 1: Seirbhísí comhairleacha a sholáthar do theaghlaigh, d'fhiontair agus don earnáil phoiblí

Is é cuspóir an bhirt líon agus cáilíocht na dtionscadal athchóirithe fuinneamhéifeachtúil do theaghlaigh a mhéadú. Is éard atá san infheistíocht tacaíocht chomhairleach a sholáthar, córais bainistithe fuinnimh a mholadh agus coincheapa fuinnimh áitiúla a fhorbairt, ach gan a bheith teoranta dóibh sin, do 109,000 teaghlach, fiontar agus earnáil phoiblí ar a laghad.

Infheistíocht 2: Feidhmíocht fuinnimh i dtithíocht chónaithe a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart seo Infheistíocht 1 a mhéadú: Athchóiriú agus athbheochan foirgneamh le haghaidh coigilteas fuinnimh i gComhchuid 2.5 (Athchóiriú foirgneamh agus cosaint aeir).

Is éard atá san infheistíocht tionscadail chun tomhaltas i dteaghlaigh a laghdú.

GG.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
318	Athchóiriú 1: Ionaid ilfhreastail do phobail fuinnimh agus athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh	Garsprioc	Ionad ilfhreastail le haghaidh fuinnimh	Tús le hoibriú an ionaid ilfhreastail				R4	2024	Ionad ilfhreastail (OSS) a bhunú agus a chur i bhfeidhm lena soláthraítear tacaíocht theicniúil, lena n-éascaítear rochtain ar mhaoiniú luath (chun seirbhísí a fháil ar conradh nó infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh) agus faisnéis chun pobal fuinnimh a bhunú. Soláthróidh OSS treoirlínte maidir le ceanglais reachtacha agus doiciméid teimpléid chun cuidiú leis na nósanna imeachta ceadúnúcháin agus ceadaithe. Cuirfidh OSS tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh do theaghlaigh, d'fhiontair agus don earnáil phoiblí.
319	Athchóiriú 1: Ionaid ilfhreastail do phobail fuinnimh agus athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh	Garsprioc	Staidéar meastóireachta	Staidéar meastóireachta				R4	2025	Staidéar meastóireachta ar oibríocht phíolótach trí ionad ilfhreastail réigiúnacha a chur isteach.
320	Athchóiriú 2: Treoir agus oiliúint maidir le sonraí agus modheolaíocht le haghaidh an chórais chomhairligh	Garsprioc	Uirlis ríofa agus treoir mhodheolaíoch ullmhaithe	Ríomh freisin agus treoraíocht mhodheolaíoch				C2	2025	Ullmhófar uirlis(í) ríofa agus treoir mhodheolaíoch le haghaidh athchóirithe fuinnimh. Áireofar sa treoir mhodheolaíoch modúl maidir le bochtaineacht fuinnimh agus conas comhairle a chur ar theaghlaigh leochaileacha.
321	Athchóiriú 2: Treoir agus oiliúint maidir le sonraí agus modheolaíocht le haghaidh an	Cuspóir sonrach	Líon na ngairmithe oilte		Líon na ngairmithe oilte	0	100	C2	2025	Cuirfear oiliúint ar 100 gairmí ar a laghad le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	chórais chomhairligh									
322	Infheistíocht 1: Seirbhísí comhairleacha a sholáthar do theaghlaigh, d'fhiontair agus don earnáil phoiblí	Cuspóir sonrach	Seirbhísí comhairleacha a sholáthar do theaghlaigh, d'fhiontair agus don earnáil phoiblí		Uimhir	0	109 000	R4	2025	Soláthróidh an córas comhairleach seirbhísí comhairleacha do 109000 tionscadal teaghlaigh, fiontair nó earnála poiblí ar a laghad.
350	Infheistíocht 2: Feidhmíocht fuinnimh i dtithíocht chónaithe a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Ídiú fuinnimh a laghdú		Coigilteas fuinnimh i ngiúil terra in aghaidh na bliana	1 900	2150	R4	2025	Soláthróidh tionscadail laghdú measta iomlán ar ídiú fuinnimh phríomhúil de bharr na dtionscadal seo a leanas ar a laghad: 250 TJ/bliain. Ní thacófar le coirí gáis nádúrtha.

HH. COMHCHUID 7.4: OIRIÚNÚ SCOILE — SCILEANNA GLASA AGUS INBHUANAITHEACHT A CHUR CHUN CINN IN OLLSCOILEANNA (REPOWEREU)

Cuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le haistriú glas an chórais oideachais, go háirithe trí fhorbairt scileanna glasa a chothú i measc mic léinn ardoideachais agus an phobail i gcoitinne. Bainfear an cuspóir amach trí athbhreithniú a dhéanamh ar churaclaim na n-ollscoileanna poiblí, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar churaclaim atá ann cheana agus trí chláir nua a bhunú, agus trí thairiscint cúrsaí foghlama ar feadh an tsaoil a chruthú a bheidh ar fáil don phobal i gcoitinne. Tacóidh gach clár a athbhreithnítear nó a chruthaítear mar chuid den bheart seo le scileanna glasa agus beidh torthaí foghlama acu atá sainithe go soiléir i réimsí na hinbhuanaitheachta, an athraithe aeráide, chosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta, agus aird chuí á tabhairt ar ghnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha. Is é is aidhm don chomhpháirt freisin tacú le hollscoileanna poiblí a straitéisí meántéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt i réimse an oideachais scileanna glasa, agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le tríú páirtithe atá ábhartha do na cláir staidéir nua nó oiriúnaithe. Is é cuspóir deiridh na comhpháirte sin an t-oideachas a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair, aghaidh a thabhairt ar an easpa saineolaithe inniúla sna hearnálacha glasa agus fuinnimh, agus infhostaitheacht fhadtéarmach a áirithiú.

HH.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Claochlú na n-ollscoileanna chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair

Is é is cuspóir don bheart seo tairiscint foghlama na n-ollscoileanna poiblí a chur in oiriúint do riachtanas méadaitheach mhargadh an tsaothair do shaineolaithe sna réimsí a bhaineann leis an aistriú glas. Is éard atá san athchóiriú 20 clár staidéir ar a laghad a chreidiúnú.

Infheistíocht 1: Straitéisí um Aistriú Inbhuanaithe agus Glas

Is é is aidhm don bheart tacú le hollscoileanna poiblí straitéisí a fhorbairt don aistriú inbhuanaithe agus glas. Formheasfaidh 20 ollscoil phoiblí ar a laghad straitéis um Aistriú Inbhuanaithe agus Glas, lena mbunófar fís, tosaíochtaí agus cuspóirí na n-ollscoileanna sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma i réimse an aistrithe ghlais, lena n-áirítear oideachas scileanna glasa.

Críochnófar an infheistíocht faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 2: Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú

Is é is aidhm don infheistíocht seo tacú le hollscoileanna poiblí comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le tríú páirtithe atá ábhartha don oideachas scileanna glasa, mar shampla gnólachtaí, institiúidí taighde nó eagraíochtaí sóisialta. Is é is aidhm dó cáilíocht agus ábharthacht na gclár staidéir nua nó oiriúnaithe faoi Athchóiriú 1 a mhéadú, trí chead a thabhairt do na hollscoileanna ról a thabhairt do chleachtóirí i ndearadh na gcúrsaí nua. Bunófar 20 comhpháirtíocht straitéiseach ar a laghad.

Críochnófar an infheistíocht faoin 31 Nollaig 2024.

HH.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
325	Athchóiriú 1: Claochlú na n-ollscoileanna chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair	Garsprioc	Clár a sheoladh chun tacú le claochlú ollscoileanna					R4	2023	Seolfar an glao ar thionscadail lena dtacaítear le hollscoileanna a oiriúnú do riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair trí fhorbairt scileanna glasa a chur chun cinn i gcuraclaim staidéir. Is é an cuspóir a bheidh ann 20 clár staidéir nua ar a laghad a bhunú, 50 cúrsa nua ar a laghad a chur le cláir staidéir atá ann cheana, agus 20 cúrsa foghlama ar feadh an tsaoil ar a laghad a bhunú.
326	Athchóiriú 1: Claochlú na n-ollscoileanna chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair	Cuspóir sonrach	Creidiúnú clár staidéir		Cláir staidéir	0	20	C1	2026	Gheobhaidh 20 clár staidéir nua ar a laghad (leibhéal Baitsiléara, Máistreachta agus/nó PhD) creidiúnú.
327	Infheistíocht 1: Straitéisí um Aistriú Inbhuanaithe agus Glas	Cuspóir sonrach	Formheas Straitéisí nua nó leathnaithe um Aistriú Inbhuanaithe agus Glas ag ollscoileanna poiblí		Straitéisí	0	20	R4	2024	Déanfaidh 20 ollscoil phoiblí ar a laghad Straitéisí nua nó leathnaithe um Aistriú Inbhuanaithe agus Glas a fhormheas. Leagfar amach sna straitéisí an fhís, na réimsí tosaíochta agus na cuspóirí is gá chun tacú le haistriú glas na n-ollscoileanna sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, lena n-áirítear oideachas scileanna glasa.
328	Infheistíocht 2: Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú	Cuspóir sonrach	Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú ag ollscoileanna poiblí		Comhpháirtíochtaí straitéiseacha	0	20	R4	2024	Bunófar 20 comhpháirtíocht straitéiseach idir ollscoileanna poiblí agus tríú páirtí a fhorbraíonn oideachas scileanna glasa.

II. COMHPHÁIRT 7.5 DÍCHARBÓNÚ AN IOMPAIR DE BHÓTHAR (REPOWEREU)

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar an ngá atá leis an earnáil iompair a dhícharbónú trí fheithiclí agus bonneagar astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid sa tSeicia, chun ullmhú do dheireadh tapa a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise in earnáil an iompair de bhóthar.

Is é is aidhm don chomhpháirt glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha de chineálacha éagsúla sa tSeicia a mhéadú, chomh maith le forbairt bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe hidrigine a spreagadh trí infheistíochtaí agus athchóirithe.

Tá an chomhpháirt nasctha le cur chun feidhme mholadh tírshonrach 4, lena leagtar béim ar an ngá atá le húsáid breoslaí iontaise agus spleáchas na tíre ar allmhairiú breoslaí iontaise a laghdú. Tugann an chomhpháirt aghaidh ar an moladh tírshonrach go háirithe trí fhéachaint le húsáid breoslaí iontaise i gcóras iompair na Seicia a laghdú. Tá an chomhpháirt nasctha chomh maith céanna le cur chun feidhme mholadh tírshonrach 4, lena leagtar béim ar an ngá atá le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn agus borradh a chur faoi infhaighteacht bonneagair luchtaithe agus athbhreoslaithe ardacmhainneachta trí athchóirithe nua chun dálaí cumasúcháin a chruthú le haghaidh imscaradh feithiclí agus bonneagair agus chun deireadh a chur leis na bacainní atá ann cheana ar imscaradh feithiclí agus bonneagair.

II.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um an tSoghluaisteacht Ghlan agus spriocanna cur in úsáid le haghaidh soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha

Is é cuspóir an bhirt conair a leagan síos don aistriú i dtreo iompar glan agus soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha. Is éard atá san athchóiriú sin glacadh an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um an tSoghluaisteacht Ghlan agus sprioc le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha.

Athchóiriú 2: Bearta cánach chun tacú le soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha

Is é is cuspóir don athchóiriú creat cánach na Seicia a choigeartú chun timpeallacht éascaithe a sholáthar le haghaidh glacadh feithiclí bóthair astaíochtaí nialasacha ag cuideachtaí príobháideacha. Comhlánaíonn an t-athchóiriú Infheistíocht 4 de Chomhchuid 2.4 agus tacaíonn sé leis an ngá atá le leibhéal méadaithe úsáide feithiclí astaíochtaí nialasacha a dhreasú a thuilleadh i gcomhréir le hAthchóiriú 1. Leis an mbeart, déanfar athbhreithniú ar an Acht Cánach Ioncaim chun an sochar comhchineáil do sholáthar gluaisteán cuideachta a leasú trí leibhéal níos airde cánachais a sholáthar d'fheithiclí a bhreoslaítear ar an ngnáthbhealach agus d'fheithiclí astaíochtaí ísle (faoi bhun 50gCO2/km), agus leibhéal níos ísle cánachais á leagan amach d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha as a dtiocfaidh buntáiste d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha. Is é is aidhm don athchóiriú buntáiste suntasach a thabhairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon a roghnaíonn feithiclí astaíochtaí nialasacha.

Soláthróidh an t-athchóiriú sochar cánach freisin i bhfoirm dímheas luathaithe do gach feithicil astaíochtaí nialasacha (catagóirí M1, N1, N2, N3) do chuideachtaí príobháideacha. Leis na bearta, leasófar an tAcht um Cháin Ioncaim chun a áirithiú nach soláthrófar an fhéidearthacht dímheas luathaithe ach amháin d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha go dtí 2027 ar a laghad. Is é is aidhm don athchóiriú spreagadh a thabhairt do chuideachtaí feithiclí astaíochtaí nialasacha nua a fháil, agus ar an gcaoi sin dlús a chur le glasú flíteanna corparáideacha.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 3: Feabhas a chur ar an gcreat rialála maidir le hidrigin in-athnuaite

Is é cuspóir an bhirt tacú le geilleagar hidrigine na Seicia. Is éard atá i gceist leis an athchóiriú Straitéis Hidrigine na Seicia a thabhairt cothrom le dáta chun freagairt níos fearr do dhúshláin agus do dhálaí reatha gheilleagar hidrigine na Seicia, agus bearta reachtacha a ghlacadh chun an creat rialála le haghaidh hidrigine a athchóiriú.

Athchóiriú 4: Coinníollacha cumasúcháin le haghaidh bonneagar breoslaí ionadúla astaíochtaí nialasacha

Is é is cuspóir don bheart tógáil, próiseas ceadaithe agus oibriú pointí athluchtaithe agus bonneagair athbhreoslaithe hidrigine a shimpliú agus a éascú. Is éard atá san athchóiriú bearta a ghlacadh lena dtacaítear le pointí athluchtaithe agus bonneagar athbhreoslaithe hidrigine a chur i bhfeidhm.

Athchóiriú 5: Soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a dhreasú trí athruithe a dhéanamh ar chostas agus ar struchtúr na ngreamán mórbhealaigh

Is é is aidhm don athchóiriú dreasacht shuntasach a chruthú chun feithiclí bóthair astaíochtaí nialasacha a ghlacadh, eadhon gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma. Is é is aidhm don athchóiriú seo na táillí greamáin mórbhealaigh agus an struchtúr costais a mhodhnú chun go dtiocfaidh méadú ar phraghas na dtáillí greamáin mórbhealaigh do ghnáthfheithiclí agus, ag an am céanna, an díolúine atá ann cheana d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha amháin a choinneáil ar bun. Mar thoradh ar an athchóiriú, tiocfaidh méadú nach lú ná 50 % ar an ngreamán mórbhealaigh bliantúil le haghaidh feithiclí M1 agus N1 a bhreoslaítear ar an ngnáthbhealach i gcomparáid le bonnlíne 2022.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 1: Beart méadaithe: Cabhair chun feithiclí a cheannach — feithiclí astaíochtaí nialasacha do chuideachtaí príobháideacha

Is é cuspóir na hinfheistíochta méadú a dhéanamh ar an mbeart atá ann cheana de Chomhpháirt 2.4 (Infheistíocht 4) den ainm céanna. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht líon na ngluaisteán agus na veaineanna astaíochtaí nialasacha a mhéadú do chuideachtaí príobháideacha agus do dhaoine féinfhostaithe.

II.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
329	Athchóiriú 1: Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um an tSoghluaisteacht Ghlan agus spriocanna cur in úsáid le haghaidh soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha	Garsprioc	Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shoghluaisteacht Ghlan	Glacadh an athbhreithnithe ag an Rialtas ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shoghluaisteacht Ghlan				C2	2024	Glacfaidh an Rialtas athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um an tSoghluaisteacht Ghlan, lena saineofar bealach don tSeicia chun dlús a chur le húsáid na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha agus le leathadh amach an bhonneagair ábhartha athluchtaithe agus athbhreoslaithe hidrigine. Beidh an Plean Gníomhaíochta comhsheasmhach le ceanglais dhlíthiúla ábhartha an Aontais (amhail an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an Treoir maidir le Feithiclí Glana, an Rialachán maidir leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair) agus le Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na Seicia agus leis an gClár Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir. Saineofar sa Phlean Gníomhaíochta spriocanna tiomnaithe chun líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha atá cláraithe sa tSeicia i gcatagóirí faoi seach a mhéadú (gluaisteáin paisinéirí M1, N1 — feithiclí tráchtála éadroma; N2 agus N3 — feithiclí tromshaothair, bunaithe ar chaighdeáin UNECE), atá le comhlíonadh faoin 31 Nollaig 2025 agus faoin 31 Nollaig 2030. Léireofar leis na spriocanna tiomnaithe do chlárúcháin feithiclí astaíochtaí nialasacha le haghaidh 2025 ceanglas maidir le méadú 70 % ar a laghad a bhaint amach ar líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha atá cláraithe sna catagóirí feithiclí faoi seach i gcomparáid le bonnlíne 2022. Saineofar sa Phlean Gníomhaíochta spriocanna tiomnaithe le haghaidh bonneagar luchtaithe agus stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine, i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla ábhartha an Rialacháin maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Áireofar sa Phlean Gníomhaíochta liosta beart chun dreasachtaí airgeadais agus fioscacha a sholáthar chun úsáid feithiclí agus bonneagair astaíochtaí nialasacha a dhreasú a thuilleadh. Cuirfear i láthair sa Phlean Gníomhaíochta freisin liosta de bhearta breise arb é is aidhm dóibh timpeallacht fhabhrach a chruthú chun bonneagar athluchtaithe agus stáisiún athbhreoslaithe hidrigine a imscaradh agus a oibriú, go háirithe tógáil, ceadú agus oibriú an bhonneagair ábhartha a éascú. Rachfar i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, amhail ionadaithe tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, maidir leis an Dréachtphlean Gníomhaíochta sula dtabharfar chun críche é.
330	Athchóiriú 1: Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um an tSoghluaisteacht Ghlan agus spriocanna cur in úsáid le haghaidh soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha	Cuspóir sonrach	Líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha atá cláraithe a mhéadú		Céatadán	0	70 %	C2	2025	Tagraíonn an sprioc do mhéadú céatadáin íosta i líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha atá cláraithe i gcatagóirí feithiclí faoi seach (M1 — gluaisteáin paisinéirí, N1 — feithiclí tráchtála éadroma; N2 agus N3 — feithiclí tromshaothair, bunaithe ar chaighdeáin UNECE) faoin 31 Nollaig 2024 sa tSeicia i gcomparáid le bonnlíne 2022.
332	Athchóiriú 2: Bearta cánach chun tacú le soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha	Garsprioc	Díolúintí cánach maidir le húsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn sna cuideachtaí príobháideacha	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht Cánach Ioncaim				R4	2024	Leagfar amach san Acht leasaithe um Cháin Ioncaim dímheas luathaithe do gach feithicil astaíochtaí nialasacha de gach catagóir feithicle (M1 — gluaisteáin paisinéirí, N1 — feithiclí tráchtála éadroma; N2 agus N3 — feithiclí tromshaothair, bunaithe ar chaighdeáin UNECE) le haghaidh flíteanna corparáideacha. Déanfar an tAcht Cánach Ioncaim a athbhreithniú freisin chun sochair chomhchineáil a athrú do scéimeanna gluaisteán cuideachta bunaithe ar fheidhmíocht astaíochtaí CO2 gluaisteán paisinéirí. Leagfar amach sa leasú idirdhealú sa scéim sochar comhchineáil idir feithiclí astaíochtaí nialasacha agus cineálacha eile feithiclí, agus an chóir is buntáistí á fáil ag feithiclí astaíochtaí nialasacha.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Cuirfidh na leasuithe dreasachtaí ar fáil d'fhostaithe agus d'fhostóirí araon.
333	Athchóiriú 3: Feabhas a chur ar an gcreat rialála maidir le hidrigin in-athnuaite	Garsprioc	Athbhreithniú ar Straitéis Hidrigine na Seicia	Glacadh ag an Rialtas				C2	2024	Déanfar Straitéis Hidrigine na Seicia a athbhreithniú chun na tosaíochtaí a shainiú maidir le héiceachóras atá bunaithe ar hidrigin in-athnuaite a fhorbairt go príomha sa tSeicia. Beidh an straitéis athbhreithnithe bunaithe ar anailís ar na codanna éagsúla de gheilleagar hidrigine Phoblacht na Seice agus cuirfear ceanglais ábhartha an Aontais san áireamh inti. Saineofar san athbhreithniú spriocanna tiomnaithe maidir le hidrigin a tháirgeadh agus a úsáid, agus béim ar leith á leagan ar hidrigin in-athnuaite. Beidh liosta de reachtaíocht phríomha, reachtaíocht thánaisteach, noirm theicniúla, agus modheolaíochtaí ag gabháil leis an Straitéis Hidrigine athbhreithnithe ar gá iad a ghlacadh nó a leasú chun ailíniú le creat dlíthiúil an Aontais a bhaineann le hidrigin a áirithiú, go háirithe an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, chomh maith le coinníollacha cumasúcháin a sholáthar chun éiceachóras hidrigine na Seicia a fhorbairt. Áireofar ar an liosta amlínte táscacha a bhfuiltear ag súil leo chun bearta den sórt sin a ghlacadh nó a leasú. Áireofar san athbhreithniú freisin plean gníomhaíochta arb é is aidhm dó tosaíochtaí cistiúcháin phoiblí a shainiú le haghaidh codanna éagsúla den éiceachóras hidrigine agus amlínte a leagan amach chun glaonna cistiúcháin ábhartha a sheoladh. Áireofar sa Straitéis Hidrigine athbhreithnithe freisin measúnú agus conair do sholáthróirí hidrigine agus d'oibreoirí stáisiún athbhreoslaithe hidrigine chun hidrigin in-athnuaite a sholáthar ag stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine sa tSeicia. Go háirithe, socrófar leis an gconair sprioc do stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine na Seicia méideanna hidrigine in-athnuaite a sholáthar go carnach i

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										gcomhréir le fospriocanna na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus áiritheofar léi nach ndéanfaidh stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine a fhaigheann tacaíocht faoi rialacha Ginearálta na Blocdhíolúine hidrigin in-athnuaite a sholáthar ach ó 2035 ar aghaidh.
334	Athchóiriú 3: Feabhas a chur ar an gcreat rialála maidir le hidrigin in-athnuaite	Garsprioc	Reachtaíocht lena dtacaítear le glacadh hidrigine	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				C2	2025	Tiocfaidh reachtaíocht phríomha nó thánaisteach i bhfeidhm maidir leis an méid seo a leanas: - hidrigin íon agus cumaisc gáis nádúrtha hidrigine a shainiú mar ghás faoin Acht Fuinnimh; - an cion uasta hidrigine is incheadaithe san eangach gáis nádúrtha a bhunú agus na paraiméadair cháilíochta le haghaidh hidrigin ardíonachta a shonrú; - nuashonrú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le nascadh leis an gcóras gáis chun hidrigin a áireamh; agus leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le fíorú éigeantach uirlisí tomhais gáis chun hidrigin a chumhdach.
335	Athchóiriú 4: Coinníollacha cumasúcháin le haghaidh bonneagar breoslaí ionadúla astaíochtaí nialasacha	Garsprioc	Cóir fhabhrach do chlárú dáileoirí breosla atá údaraithe chun hidrigin a dhíol.	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha				C2	2025	Teacht i bhfeidhm leasuithe chun tairbhe stáisiún athbhreoslaithe hidrigine thar ghnáthstáisiúin bhreosla trí tharscaoileadh a dheonú dóibh ó thaisce dáileoirí breosla tráth a gcláraithe.
336	Athchóiriú 4: Coinníollacha cumasúcháin le haghaidh bonneagar breoslaí ionadúla astaíochtaí nialasacha	Garsprioc	Tacú le leathadh amach stáisiún luchtaithe leictreach agus stáisiún athbhreoslaithe hidrigine	Bearta breise a ghlacadh				R4	2025	Chun críoch na garsprice sin, glacfar gníomhartha dlíthiúla breise, noirm theicniúla, agus modheolaíochtaí chun leathadh amach pointí athluchtaithe agus stáisiún athbhreoslaithe hidrigine a éascú. Tiocfaidh aon ghníomh dlí a ghlactar i bhfeidhm freisin.
337	Athchóiriú 5: Soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a dhreasú trí ghreamán mórbhealaigh a athrú	Garsprioc	Athbhreithniú a dhéanamh ar na costais ghreamáin mhórbhealaigh	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar an Acht Bóithre				R4	2024	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Bóithre chun na táillí greamáin mórbhealaigh agus struchtúr costais an ghreamáin mórbhealaigh a mhodhnú le haghaidh catagóirí feithiclí faoi bhun 3,5 tona (gluaisteáin paisinéirí M1, N1 — feithiclí tráchtála

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thascach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										éadroma bunaithe ar chaighdeáin UNECE), bunaithe ar a bhfeidhmíocht CO2. Áiritheofar leis na leasuithe go ndéanfar difreáil chánach idir gnáthfheithiclí agus feithiclí astaíochtaí ísle faoi bhun 50gCO2/km, agus feithiclí astaíochtaí nialasacha de chineál M1 agus N1, agus go mbeidh feithiclí astaíochtaí nialasacha de na cineálacha sin díolmhaithe ó tháillí greamáin mórbhealaigh. Áiritheofar leis an leasú freisin go dtiocfaidh méadú nach lú ná 50 % ar an ngreamán mórbhealaigh bliantúil le haghaidh feithiclí M1 agus N1 a bhreoslaítear ar an ngnáthbhealach i gcomparáid le bonnlíne 2022.
338	Infheistíocht 1: Beart méadaithe: Cabhair chun feithiclí a cheannach — feithiclí astaíochtaí nialasacha do chuideachtaí príobháideacha	Cuspóir sonrach	Méadú ar sprioc 119 de Chomhchuid 2.4		Méadú ar an líon	2 900	5 800	C2	2025	2900 aonad breise d’fheithiclí astaíochtaí nialasacha (gluaisteáin agus veaineanna) a cheannach do chuideachtaí príobháideacha agus do dhaoine féinfhostaithe.

JJ. COMHPHÁIRT 7.6 LEICTRIÚ IARNRÓID IOMPAR (REPOWEREU)

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia, tugtar aghaidh ar an ngá leanúnach atá le hearnáil iompair na hEorpa a aistriú i dtreo modhanna iompair níos inbhuanaithe, go háirithe tríd an aistriú módach chuig an iarnród a chur chun cinn.

Is é is aidhm don chomhpháirt leictriú ghréasáin iarnróid na Seicia a mhéadú agus is é is aidhm di gréasáin iarnróid na Seicia a nuachóiriú.

Tá an chomhpháirt nasctha le cur chun feidhme mholadh tírshonrach 4, go háirithe trí fhéachaint le húsáid breoslaí iontaise i gcóras iompair na Seicia a laghdú.

JJ.1 Tuairisc ar infheistíochtaí i dtacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht 1: Leictriú i réigiún Brno

Is é cuspóir an bhirt líne iarnróid a leictriú i réigiún Brno, agus ar an gcaoi sin spleáchas ar bhreoslaí iontaise sa chóras iompair áitiúil a laghdú. Is éard atá san infheistíocht an tionscadal ‘Leictriú Brno-Zastávka u Brna, céim 2’.

JJ.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
339	Infheistíocht 1: Leictriú réigiún Brno	Garsprioc	Tionscadal leictrithe iarnróid ‘Leictriú Brno- Zastávka u Brna, céim 2’	Glacadh leis an tionscadal				R4	2025	Prótacal aistrithe agus cead le haghaidh oibríocht trialach arna n-eisiúint le haghaidh an tionscadail ‘Leictriú Brno Zastávka u Brna, céim 2’.

KK. COMHCHUID 7.7 PRÓISIS CHEADAITHE COMHSHAOIL A SHIMPLIÚ AGUS RÉIMSÍ A SHAINIÚ CHUN FOINSÍ FUINNIMH IN-ATHNUAITE A FHORBAIRT (REPOWER EU)

Is é is aidhm don chomhpháirt an próiseas ceadaithe comhshaoil le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a shimpliú agus dlús a chur le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite trí réimsí sonracha a chruthú ina bhfuil nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe á gcuíchóiriú agus á simpliú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach chun spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise agus tomhaltas breoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadanna a chuíchóiriú a thuilleadh agus rochtain ar an eangach a dhéanamh níos éasca (CSR 4, 2022).

KK.1. Tuairisc ar na hathchóirithe ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Tuairim chomhshaoil aonair

Is é is cuspóir don bheart tuairim chomhshaoil aonair a thabhairt isteach agus tacú lena cur chun feidhme ag riarachán na Seicia. Is é is aidhm don athchóiriú ar-an tuairim Chomhshaoil Aonair an próiseas ceadaithe comhshaoil a shimpliú agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus leasanna comhshaoil chaomhnú an dúlra agus an tírdhreacha agus na ceanglais faoi dhlí an Aontais chomh maith le ceanglais dhlíthiúla idirnáisiúnta eile maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil á gcur san áireamh ag an am céanna.

Leis an athchóiriú, bunófar nós imeachta aonair amháin lena gcumhdófar ráitis chomhshaoil éagsúla arna n-eisiúint faoi reachtaíocht chomhshaoil earnálach le haghaidh na dtionscadal a chumhdaítear leis an Acht Foirgníochta agus, má iarrann an t-iarratasóir tionscadail amhlaidh, le haghaidh tionscadail atá faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoin Acht um Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (Uimh. 100/2001 Coll.) Meastar go mbeidh próisis measúnaithe comhshaoil níos giorra ann do thionscadail fuinnimh in-athnuaite mar thoradh ar an athchóiriú, lena n-áirítear iad siúd a thagann faoi phróiseas measúnaithe nó scagtha éigeantach iomlán.

Is éard a bheidh sa tacaíocht don chur chun feidhme foireann bhreise a–earcú chun treoir mhodheolaíoch agus treoirlínte modheolaíochta a dhréachtú agus a chur chun feidhme chun tacú le comhlachtaí riaracháin a ndéanann tabhairt isteach na Tuairime Aonair Comhshaoil difear dóibh (e.g. údaráis réigiúnacha, bardais. Ina theannta sin, cuirfear an Tuairim Chomhshaoil Aonair le haghaidh tionscadail atá faoi réir an Mheasúnaithe ar an Tionchar ar an gComhshaol ar fáil trí chóras faisnéise náisiúnta MTC/MSC.

Cuirfear an beart chun feidhme faoi mhí na Nollag 2024.

Athchóiriú 2: Dlúslimistéir in-athnuaiteán

Is é cuspóir an bhirt tacú le suiteáil luathaithe gaoithe agus gréine i suíomhanna sonracha ar a dtugtar ‘dlúslimistéir in-athnuaiteán’, ag a bhfuil acmhainneacht iomlán 300 0 MW ar a laghad.

Is éard atá san athchóiriú modheolaíocht a fhoilsiú agus creat reachtach a theacht i bhfeidhm chun dlúslimistéir in-athnuaiteán a ainmniú chomh maith le hacmhainní a mhéadú le haghaidh acmhainneacht riaracháin.

KK.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
340	Athchóiriú 1: Tuairim Chomhshaoil Aonair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na Tuairime Aonair Comhshaoil	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				C3	2023	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an Tuairim Aonair Comhshaoil. Leis an tuairim, déanfar an nós imeachta um cheadanna comhshaoil a chumasc in aon tuairim cheangailteach amháin le haghaidh na dtionscadal uile a údaraítear faoin Acht Foirgníochta agus le haghaidh na dtionscadal uile atá faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, má iarrann an t-iarratasóir ar an tionscadal é. Beidh feidhm ag an dlí ón 1 Eanáir 2024 maidir leis an struchtúr speisialta a shainítear leis an Acht Foirgníochta agus ón J Iúil 2024 maidir le cineálacha eile foirgneamh. Déanfar foráil sa reachtaíocht maidir le hainmniú na n-údarás aonair a bheidh i gceannas ar an tuairim a eisiúint, de réir na gcásanna éagsúla (e.g. údaráis réigiúnacha, údarás bardasach ag a bhfuil inniúlacht leathnaithe nó an Aireacht Comhshaoil). Forálfar ann freisin, i gcás tionscadail atá faoi réir MTC, go mbeidh tuairim chomhshaoil aonair ar fáil go leictreonach i gcóras faisnéise náisiúnta MTC/MSC.
341	Athchóiriú 1: Tuairim Chomhshaoil Aonair	Cuspóir sonrach	Cúnamh teicniúil chun caighdeán na nósanna imeachta um cheadú comhshaoil a luathú agus a fheabhsú		Líon na mball foirne:	0	36	R4	2023	Earcófar 36 bhall foirne lánaimseartha chun an t-athchóiriú ar an tuairim chomhshaoil aonair a chur chun feidhme.

Sraith NUM.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
342	Athchóiriú 1: Tuairim Chomhshaoil Aonair	Garsprioc	Foilsiú modheolaíochtaí agus teimpléad ag an Aireacht Comhshaoil	Treoir a fhoilsiú				R4	2024	Foilseoidh an Aireacht Comhshaoil an treoir mhodheolaíoch do riarachán an stáit, ina mbeidh: 1) treoir agus teimpléid le haghaidh an nós imeachta ina ndéantar tuairim cheangailteach MTC a chomhcheangal le SEO 2) treoir don nós imeachta nuair a eisítear SEO ar leithligh, i.e. nuair a tharlaíonn MTC ar dtús agus nuair a eisítear SEO ina dhiaidh sin. 3) treoraíocht lena dtugtar tuairisc ar rialachas, athruithe struchtúracha, leithdháileadh inniúlachtaí agus lena dtreoraítear obair údarás stáit-éagsúil. Áireofar teimpléid sna modheolaíochtaí freisin lena n-áirítear an feidhmchlár SEO.
